Bord Oideachais & Oiliúna
**LUIMNIGH & AN CHLÁIR**

**LIMERICK & CLARE**
Education & Training Board

# Tuarascáil Bhliantúil 2019





Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
Investing in Your Future
European Social Fund

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach | | 3 |
| Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir – An Bord | | 4 |
| | Feidhm | 4 |
| | Eitic | 4 |
| | Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna | 4 |
| | Cruinnithe an Bhoird | 5 |
| | Dualgas Earnála Poiblí | 5 |
| | Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna | 5 |
| | Sonraí Ballraíochta | 7 |
| | • Ballraíocht, Dátaí Cruinnithe agus Tinreamh Bhord an BOO | 9 |
| | • Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe Choiste Iniúchóireachta an BOO | 10 |
| | • Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe Choiste Airgeadais an BOO | 10 |
| An Stiúrthóireacht um Thacaíocht Eagraíochta agus Forbairt | | 12 |
| Achoimre Airgeadais | | 18 |
| An Rannán Scoileanna | | 19 |
| An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna | | 28 |
| An Feidhmeannas um Obair don Aos Óg | | 36 |
| Aguisín 1 | Aiseolas Monatóireachta agus Meastóireachta 2019 | 38 |
| Aguisín 2 | Soláthar agus Seirbhísí | 73 |
| Aguisín 3 | Gluais | 76 |

## Réamhrá



Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2019. Le foilsiú ár dtuarascála bliantúla agus ár ráiteas airgeadais, comhlíonaimid príomhghné den fhreagracht atá orainn ó thaobh cuntasacht phoiblí i leith an Bhoird Oideachais agus Oiliúna seo. Tugtar forléargas sa tuarascáil ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil agus an dul chun cinn a rinneadh in 2019 faoi na ceithre phríomhsprioc a leagtar amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2017-2021 agus ar na gealltanais a thug an t-údarás i bPlean Seirbhíse 2019 an Bhoird sin.

Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain 2019 i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla a leagtar amach in Alt 28 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Sonraítear in alt 28(1):

> Déanfaidh gach bord oideachais agus oiliúna, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna i rith na bliana díreach roimh an mbliain ina ndéanfar an tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire, agus cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is féidir tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil, cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tá Aiseolas Monatóireachta agus Meastóireachta san áireamh ag an údarás in Aguisín 1 den Tuarascáil Bhliantúil seo, ina ndéantar achoimre ar an dul chun cinn a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2019 maidir le cur chun feidhme na ngealltanas a leagtar amach i bPlean Seirbhíse an BOO i leith 2019.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí uile Bhord an BOO, leis an bhfoireann ardbhainistíochta agus leis an bhfoireann ar fud na heagraíochta as a ndúthracht agus as an dianobair leanúnach a rinne siad le 12 mhí anuas.

George O'Callaghan
Príomhfheidhmeannach
**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir – An Bord

### Feidhm Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Is iad feidhmeanna ginearálta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, mar atá luaite in Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, ná:

- a) scoileanna aitheanta, ionaid oideachais nó áiseanna oideachais agus oiliúna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
- b) nuair a ordóidh an tAire dóibh é sin a dhéanamh faoi alt 20:
  - i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
  - ii. ionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
  - iii. ionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
  - iv. áiseanna oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme agus/nó acmhainní a sholáthar dóibh,
- c) an soláthar oideachais agus oiliúna a phleanáil, a chur ar fáil, a chomhordú agus a athbhreithniú, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críche na fostaíochta, mar aon le seirbhísí tacaíochta leo ina limistéar feidhme:
  - i. i scoileanna nó in ionaid oideachais aitheanta atá á gcothabháil acu,
  - ii. in áiseanna oideachas nó oiliúna atá á gcothabháil acu nó a bhfuil acmhainní á sholáthar acu dóibh,
  - iii. i scoileanna coinneála leanaí,
  - iv. i bpríosúin, agus
  - v. in áiseanna arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,
- d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh, de réir alt 22,
- e) scoláireachtaí a bhunú de réir alt 24,
- f) ráiteas straitéise a ghlacadh de réir alt 27,
- g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir alt 47,
- h) comhoibriú le haon chomhlacht a ainmneofar chun na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánacha a dhéanamh faoi alt 52,
- i) oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar iarratas ó, agus thar ceann, aon chomhlacht a mhaoiníonn oiliúint le hairgead a sholáthraíonn an tOireachtas don chomhlacht sin,
- j) tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin, agus
- k) measúnú a dhéanamh le féachaint an bhfuil an modh ina gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

Ní mór do gach comhalta de Bhord Oideachas agus Oiliúna cloí le forálacha ábhartha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Foráiltear leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 go ndéanfadh sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus áititheoirí post ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe chun críocha na reachtaíochta Eitice, a leasanna inchláraithe a nochtadh. Ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird agus ar bhaill foirne ainmnithe Nochtadh Leasanna a sholáthar gach bliain i dtaca le saincheisteanna a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar chomhlíonadh feidhmeanna.

### Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna

Cuid 5 44.- (1) Faoi réir alt 45, d'fhéadfadh Bord Oideachais agus Oiliúna coistí a bhunú chun-

- a) ceann amháin nó níos mó dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh a mheasann sé a d'fhéadfadh coiste a dhéanamh níos fearr nó níos áisiúla, nó
- b) comhairle a chur air maidir le haon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus is féidir leis téarmaí tagartha a chinneadh agus nós imeachta aon choiste den sórt sin a rialáil.

(2) Ní bheidh coiste arna bhunú faoi fho-alt (1) comhdhéanta de níos mó ná 12 chomhalta agus d'fhéadfadh sé, faoi réir fho-alt (9) agus fho-alt (12)(c), a bheith comhdhéanta de bhaill nach bhfuil ina gcomhaltaí den bhord oideachais agus oiliúna lena mbaineann.

### Cruinnithe an Bhoird

1. Sceideal 3: Mír 2 (1) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 - faoi réir fhorálacha na míre sin agus alt 31 - tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cibé cruinnithe agus an oiread sin cruinnithe, ag cibé amanna, agus sna háiteanna sin a mheasann sé a bheith cuí.

2. Sceideal 3: Mír 2 (2) Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna gach 2 mhí seachas i mí Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.

3. Sceideal 3: Alt 2 (3) Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna le linn na tréimhse dar tosach an 1ú lá d'Iúil agus dar críoch an 30ú lá de Mheán Fómhair gach bliain.

Coinnítear miontuairiscí maidir le cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus glactar leo. Tá taifead de thinreamh gach comhalta maidir le freastal ar chruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, chomh maith le sonraí faoina gcuid speansas, ar fáil sa tuarascáil seo.

### Dualgas Earnála Poiblí

Leagtar amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 an Dualgas Dearfach a éilítear ar Chomhlachtaí Poiblí, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina measc. Déanann an t-údarás, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann:

- An t-idirdhealú a dhíchur
- Comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus
- Cearta an duine atá ag a chomhaltaí, a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

### Imlitir Uimh. 0002/2019 maidir le Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna

Is é an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 an reachtaíocht phríomhúil a mbíonn boird oideachais agus oiliúna á rialú aici, agus caithfear an tAcht sin a chomhlíonadh i gcónaí. Cé go leagtar síos treoirlínte maidir le cásanna áirithe in Imlitir Uimh. 0002/2019 'An Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna', ba cheart glacadh leis go príomha mar shraith caighdeán do chomhaltaí agus d'fhoireann an Bhoird. Táthar ag súil go gcinnteoidh na comhaltaí agus an fhoireann go mbeidh a gcuid gníomhaíochtaí i leith an Bhoird Oideachais agus Oiliúna á rialú i gcónaí ag fuarlitir agus ag spiorad na gcaighdeán sin. Deimhníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos sa Chód faoi láthair ina chleachtais agus ina nósanna imeachta rialachais. Ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- ba cheart an Cód a léamh i dteannta na bhforálacha reachtacha lena rialaítear earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna agus an Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Tá feidhm fós ag na forálacha reachtacha atá ann cheana maidir le hábhair atá faoi réir an Chóid seo freisin agus, chun amhras a sheachaint, i gcás aon choimhlinte nó neamhréireachta, tá na forálacha reachtacha i réim;
- féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna na forálacha atá sa Chód a leasú ó am go ham;
- féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna nó an tAire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí imlitreacha agus/nó nótaí treorach a eisiúint, ó am go ham, maidir leis an gCód nó le hábhair ghaolmhara;

Cuireann an Cód Cleachtais creat ar fáil chun dea-chleachtas sa rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm sna boird oideachais agus oiliúna. Deimhníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos sa Chód faoi láthair ina chleachtais agus ina nósanna imeachta rialachais.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi threoir na bprionsabal a leagtar amach i ndoiciméad an Chóid Chleachtais maidir le comhlíonadh na freagrachta atá air a chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh ag baint lena chuid gníomhaíochtaí uile.

**Dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla** – Ráitis Airgeadais 2019 – Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an tráth a fhoilseofar Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i leith 2019. Foilseoidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athrú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach críochnaithe, san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2019 a fhoilseofar laistigh de mhí tar éis í a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir: Ballraíocht go dtí an 19 Meán Fómhair 2019

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Clr | Mary | Howard | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir **Cathaoirleach** |
| An Clr | Marian | Hurley | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh **Leas-Chathaoirleach** |
| Uas | Joan | Aherne | Ionadaí Foirne |
| An tUas | Tony | Brazil | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An tUas | Michael | Cregan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr | Cathal | Crowe | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr | Michael | Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| Uas | Mary | Flanagan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr | Liam | Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr | Michael | Hillery | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr | Gabriel | Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUas | Sean | McMahon | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An tUas | Gordon | Mewis | Ionadaí Foirne |
| Uas | Ann | Nicholas | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr | Ann | Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUas | Dónal | Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheora |
| An Clr | Richard | O'Donoghue | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr | Kieran | O'Hanlon | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr | Elena | Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr | Lisa Marie | Sheedy | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |

## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir: Ballraíocht ón 2 Deireadh Fómhair 2019

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Clr | Kieran | O'Hanlon | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh **Cathaoirleach** |
| An Clr | Clare | Colleran Molloy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUas | Michael | Cregan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr | Michael | Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| Uas | Elaina | Fitzgerald | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr | Liam | Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An tUas | Michael | Guilfoyle | Ionadaí Foirne |
| Uas | Kate | Hehir | Ionadaí Foirne |
| Uas | Sheila | Hickey | Ionadaí Tuismitheora |
| An Clr | Gabriel | Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr | Sarah | Kiely | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr | Joe | Killeen | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUas | Sean | McMahon | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr | Paul | Murphy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr | Ann | Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUas | Mark | O'Dea | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An tUas | Dónal | Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheora |
| Uas | Marian | Petty | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr | Elena | Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr | John | Sheahan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr | Brigid | Teefy | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |

Comhaltaí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh Orthu

| BALL AN BHOIRD | 22/01 | 26/02 | 19/03 | 16/04 | 15/05 | BORD NUA | 02/10 | 15/10 | 19/11 | 17/12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uas Joan Aherne | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | | | | | |
| An tUas Tony Brazil | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | | | | | |
| An tUas Michael Cregan | Tá | Tá | Tá | Níl | Níl | | Níl | Tá | Tá | Tá |
| An Clr Cathal Crowe | Tá | Níl | Níl | Níl | Níl | | | | | |
| An Clr Michael Donegan | Tá | Tá | Tá | Tá | Níl | | Tá | Tá | Tá | Níl |
| Uas Mary Flanagan | Níl | Tá | Tá | Tá | Tá | | | | | |
| An Clr Liam Galvin | Tá | Níl | Níl | Níl | Níl | | Tá | Tá | Tá | Tá |
| An Clr Michael Hillery | Níl | Níl | Níl | Níl | Níl | | | | | |
| An Clr Mary Howard | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | | | | | |
| An Clr Marian Hurley | Tá | Tá | Tá | Níl | Tá | | | | | |
| An Clr Gabriel Keating | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | | Tá | Tá | Tá | Tá |
| An tUas Gordon Mewis | Níl | Tá | Tá | Tá | Níl | | | | | |
| An tUas Sean McMahon | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | | Níl | Tá | Tá | Tá |
| Uas Ann Nicholas | Níl | Tá | Tá | Tá | Tá | | | | | |
| An Clr Ann Norton | Níl | Tá | Tá | Níl | Tá | | Tá | Tá | Níl | Tá |
| An Clr Richard O'Donoghue | Níl | Tá | Tá | Níl | Níl | | | | | |
| An tUas Donal Ó hAiniféin | Tá | Níl | Tá | Tá | Tá | | Tá | Tá | Tá | Tá |
| An Clr Kieran O'Hanlon | Tá | Tá | Níl | Níl | Tá | | Tá | Tá | Tá | Tá |
| An Clr Elena Secas | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | | Tá | Tá | Tá | Níl |
| An Clr Lisa Marie Sheehy | Tá | Tá | Níl | Níl | Níl | | | | | |
| An Clr Clare Colleran Molloy | | | | | | | Tá | Tá | Níl | Tá |
| An tUas Michael Guilfoyle | | | | | | | Tá | Níl | Tá | Tá |
| Uas Catherine Hehir | | | | | | | Tá | Tá | Tá | Níl |
| An Clr Sarah Kiely | | | | | | | Níl | Tá | Tá | Tá |
| An Clr Joe Killeen | | | | | | | Tá | Tá | Tá | Níl |
| An Clr Paul Murphy | | | | | | | Tá | Tá | Tá | Tá |
| An Clr John Sheahan | | | | | | | Níl | Tá | Tá | Tá |
| An Clr Brigid Teefy | | | | | | | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Uas Sheila Hickey | | | | | | | Tá | Tá | Tá | Níl |
| Uas Elaina Fitzgerald | | | | | | | | Tá | Tá | Níl |
| An tUas Mark O'Dea | | | | | | | | Tá | Tá | Níl |
| Uas Marian Petty | | | | | | | | Tá | Níl | Níl |

Comhaltaí Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh Orthu

| BALL DEN CHOISTE | 13/02 | 13/03 | 09/05 | 18/06 | CHOISTE NUA | 19/12 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Uas Marion Collins, Cathaoirleach | Tá | Tá | Tá | Tá | | |
| An Clr Marion Hurley | Tá | Tá | Tá | Tá | | |
| An Clr Gabriel Keating | Tá | Tá | Tá | Tá | | |
| An tUas Declan Phillips | Níl | Tá | Tá | Tá | | |
| An tUas Jimmy Browne | Tá | Níl | Tá | Tá | | |
| An tUas Sean McMahon | Tá | Tá | Tá | Tá | | |
| CHOISTE NUA | | | | | | |
| An tUas Donal Fitzgibbon, Cathaoirleach | | | | | | Tá |
| An tUas Fergus Dunne | | | | | | Tá |
| An Clr Mary Howard | | | | | | Tá |
| An Clr Gabriel Keating | | | | | | Tá |
| An Clr Sarah Kiely | | | | | | Tá |
| An tUas Sean McMahon | | | | | | Níl |
| An tUas Declan Phillips | | | | | | Níl |
| An tUas Matt Power | | | | | | Tá |

Comhaltaí Choiste Airgeadais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh Orthu

| BALL DEN CHOISTE | 26/02 | 26/03 | 05/06 | CHOISTE NUA | 19/12 |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUas Tony Brazil, Cathaoirleach | Tá | Tá | Tá | | |
| An Clr Liam Galvin | Níl | Níl | Tá | | |
| An Clr Mary Howard | Tá | Níl | Tá | | |
| An Clr Kieran O'Hanlon | Níl | Tá | Tá | | |
| An tUas Fergus Dunne | Tá | Tá | Tá | | |
| CHOISTE NUA | | | | | |
| An tUas Sean Conlon, Cathaoirleach | | | | | Tá |
| Uas Sadie Ahern | | | | | Tá |
| An tUas Eugene O'Brien | | | | | Tá |
| An Clr John Sheahan | | | | | Níl |
| An Clr Joe Killeen | | | | | Tá |
| Uas Elaina Fitzgerald | | | | | Tá |

**Coiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2019**

Comhlíonann Coiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ról tábhachtach i gcreat rialachais an BOO trí athbhreithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas agus tuairisc a thabhairt don Bhord ina leith: an dréachtphlean seirbhíse; an bhfuil an Príomhfheidhmeannach ag cur i bhfeidhm an Phlean Seirbhíse arna ghlacadh ag an mBord, laistigh de na teorainneacha caiteachais atá leagtha síos ag an Aire; agus ar cheart don Bhord glacadh leis na cuntais arna gcur i láthair ag an bPríomhfheidhmeannach.

**Comhaltaí an Choiste Airgeadais ó Eanáir 2019 go dtí mí na Samhna 2019**

| Comhaltaí Seachtracha | Comhaltaí Inmheánacha |
|---|---|
| An tUas. Tony Brazil, Cathaoirleach | An Clr Liam Galvin |
| An tUas. Fergus Dunne | An Clr Mary Howard |
| | An Clr Kieran O'Hanlon |

**Comhaltaí an Choiste Airgeadais ó mhí na Nollag 2019**

| Comhaltaí Seachtracha | Comhaltaí Inmheánacha |
|---|---|
| An tUas. Seán Conlon, Cathaoirleach | An Clr John Sheahan |
| Sadie Aherne, Uas. | An Clr Joe Killeen |
| An tUas. Eugene O'Brien | Elaina Fitzgerald, Uas. |

**Dátaí Cruinnithe Choiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2019**

26 Feabhra 2019
26 Márta 2019
5 Meitheamh 2019
19 Nollaig 2019

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2019**

Comhlíonann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ról tábhachtach i gcreat rialachais an BOO trí chúnamh a thabhairt don Bhord monatóireacht a dhéanamh ar an rialú inmheánach, lena gcuimsítear rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, iniúchadh inmheánach agus rialuithe airgeadais/neamhairgeadais arna gcur i bhfeidhm ag na bainisteoirí feidhmiúcháin. Ní thugann an Coiste faoi fhreagrachtaí bainistíochta agus ní thógann sé áit rialuithe bainistíochta an eintitis ná a chuntasachta.

**Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ó Eanáir 2019 go dtí mí na Samhna 2019**

| Comhaltaí Seachtracha | Comhaltaí Inmheánacha |
|---|---|
| Marion Collins, Uas., Cathaoirleach | An Clr Gabriel Keating, |
| An tUas. Jimmy Browne | An Clr Marion Hurley |
| An tUas. Declan Phillips | An tUas. Seán McMahon |

**Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ó mhí na Nollag 2019**

| Comhaltaí Seachtracha | Comhaltaí Inmheánacha |
|---|---|
| An tUas. Donal Fitzgibbon, Cathaoirleach | An Clr Gabriel Keating, |
| An tUas. Fergus Dunne | An Clr Sarah Kiely |
| An Clr Mary Howard | An tUas. Seán McMahon |
| An tUas. Declan Phillips | |
| An tUas. Matt Power | |

**Dátaí Cruinnithe Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2019**

13 Feabhra 2019
13 Márta 2019
9 Bealtaine 2019
18 Meitheamh 2019
19 Nollaig 2019

## An Stiúrthóireacht um Thacaíocht Eagraíochta agus Forbairt

Sa bhliain 2019, thug Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi Bhliain 3 dá Ráiteas Straitéise 5 bliana, ina leagtar síos treoir shoiléir i leith sholáthar oideachais agus oiliúna an údaráis, a chuid obair óige agus a fheidhmeanna reachtúla eile go ceann na 3 bliana go dtí 2021. Leagtar béim sa ráiteas straitéise sin ar an ról a bheidh ag an údarás maidir le comhlíonadh riachtanas pearsanta, sóisialta, eacnamaíoch agus infhostaitheachta an phobail a bhfreastalaíonn sé orthu. Tá an t-údarás tiomanta d'fheabhas leanúnach a dhéanamh ar a chuid seirbhísí i gcomhthéacs an Chláir Athchóirithe Seirbhísí Poiblí atá ag Rialtas na hÉireann. Laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, déanann an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maoirsiú ar bhainistiú acmhainní an Bhoird sna Rannóga Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadais, TFC, agus Caipitil agus Soláthair.




Is é ról na Stiúrthóireachta um Thacaíocht Eagraíochta agus Forbairt ná a bheith i gceannas ar thionscnaimh riaracháin agus tionscnaimh straitéiseacha na heagraíochta (struchtúir, beartas, córais, tionscnaimh agus idirghabhálacha), a fheabhsóidh an cumas atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i dtaobh na ceithre sprioc a bhaint amach a bhfuil achoimre orthu sa Ráiteas Straitéise, agus an dea-chleachtas a chinntiú i dtéarmaí rialachas corparáideach an údaráis. Déantar an méid sin i gcomhar le Stiúrthóirí an Rannáin Scoileanna agus an Rannáin Breisoideachais agus Oiliúna de chuid an BOO.




Is ag obair ar gach ceann ar leith den 4 sprioc a bhíonn an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, agus é ina aidhm aici tuilleadh luacha a chur le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus, chuige sin, níos mó feabhais a chur ar na beartais, na córais agus na próisis rannpháirtíochta fhónta a chinntíonn go bhfuil an Bord ag comhlíonadh na reachtaíochta, ag mealladh agus ag coinneáil baill foirne ardchaighdeáin, ag léiriú rialachas den scoth agus ag tacú le fís an Bhoird a bhaint amach mar atá sainithe sa Ráiteas Straitéise.

Is é dúthracht thiomanta fhoireann Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir is cúis leis an rath a bhí ar an mBord ó rinneadh an cónascadh in 2013. Ceann de na príomhthéamaí a d'eascair as an bpróiseas comhairliúcháin chun Ráiteas Straitéise an Bhoird a fhorbairt ná an tábhacht a bhaineann le timpeallacht oibre thacúil, chomhoibríoch, atá slán sláintiúil, a sholáthar don fhoireann uile. Tá an téama sin le feiceáil i Sprioc Straitéiseach 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta. Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir de bheartais agus nósanna imeachta ábhartha a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta le linn 2019 lena chinntiú go mbeadh an reachtaíocht ábhartha, an dea-chleachtas, an tseirbhís do chustaiméirí agus an rialachas corparáideach á gcomhlíonadh aige. Ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na beartais seo a leanas in 2019:

| Beartas |
| --- |
| • Beartas Éillithe Frith-Chalaoise<br>• Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta na BOOnna um Sholáthar<br>• Beartas Saoire do Thuismitheoirí (Nuashonrú) |

Rinneadh dul chun cinn maith le linn 2019, agus cuireadh clár feabhsúchán pleanáilte i bhfeidhm, lena n-áirítear réitigh ríomhghnó a aithint agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis a bhí i bhfeidhm cheana. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir fós tiomanta d'fheabhas leanúnach a dhéanamh ar a chuid seirbhísí i gcomhthéacs an Chláir Athchóirithe Seirbhísí Poiblí de chuid an Rialtais agus an chreata beartais atá sonraithe in Ár Seirbhís Phoiblí 2020. Bhí an Bord ag obair ar roinnt príomhthéamaí agus tionscnamh le linn 2019, lena n-áirítear:

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC):** Sheol Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a Straitéis TFC go foirmiúil i Márta 2018. Is treochlár é an straitéis sin chun úsáid TFC i gcleachtais teagaisc, foghlama agus riaracháin ar fud na heagraíochta a fheabhsú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Is é aidhm na Straitéise TFC sin bearta a shainaithint agus plean a dhéanamh chun na bearta sin a chur i bhfeidhm le feabhas a chur ar na seirbhísí atá á dtairiscint ag an údarás. Is fís réadúil é an Straitéis TFC d'fhorbairt, d'fheabhsú agus de chomhtháthú TFC ar fud na heagraíochta. Tá príomhtháscairí feidhmíochta straitéiseacha tábhachtacha á gcur i bhfeidhm go héifeachtúil faoi láthair. Ós rud é go bhfuil athruithe móra tarlaithe san Earnáil Oideachais agus Oiliúna le blianta beaga anuas, leagtar béim nach beag sa phlean ar leas a bhaint as TFC chun cabhrú leis an bpróiseas athraithe agus chun tacú leis.

Bhí ról TFC ag teacht chun cinn i ngach réimse de sheirbhísí an BOO le linn 2019. Tá méadú mór tagtha ar an tábhacht a bhaineann leis don eagraíocht agus tá an raon seirbhísí agus tacaíochtaí teicneolaíochta d'oifigí riaracháin agus do scoileanna/ionaid seasta ag teacht chun cinn. Tá an Rannóg TFC freagrach as comhordú agus bainistíocht a dhéanamh ar an tacaíocht theicniúil don BOO agus áirítear leis sin bainistíocht tionscadail i ndáil le córais nua, uasghrádú agus feistiú TFC do scoileanna nua agus síntí a chuirtear as foirgnimh. Mar chuid den Straitéis TFC déanann an BOO athbhreithniú agus forbairt leanúnach ar a bhonneagar agus aithníonn sé córais bogearraí, bearta uasghrádaithe agus crua-earraí nua atá ábhartha agus iomchuí. Déanann an Rannóg TFC córais chumarsáide Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a fhorbairt agus a chothabháil, agus í ag féachaint le cosaint agus slándáil sonraí a chinntiú ar fud gach córais de chuid an údaráis. Leanfaidh an Rannóg TFC ar aghaidh ag tabhairt cabhair agus comhairle faoi gach soláthar TFC agus ag cinntiú go gcuirfear i gcrích Pleananna Leanúnachais Gnó agus Téarnaimh tar éis Tubaiste agus go ndéanfar athbhreithniú orthu.

**Cúrsaí Dlí agus Comhlíonadh:** Bíonn comhlíonadh á léiriú go leanúnach, agus bíonn na beartais go léir faoi athbhreithniú leanúnach. Fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir dhá chóras bogearraí, Pegasus (chun comhlíonadh na reachtaíochta Sláinte agus Sábháilteachta a chinntiú) agus Privacy Engine (córas a chuidíonn le comhlíonadh RGCS a léiriú agus a úsáidtear mar uirlis oiliúna don fhoireann maidir le cibearshlándáil, fioscaireacht, an reachtaíocht um chosaint sonraí, etc.). Tá obair ar siúl i gcónaí ar an Lámhleabhar um Chomhlíonadh lena chinntiú go gcomhlíonfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh

agus an Chláir a chuid oibleagáidí faoi Chód Cleachtais Imlitir 0002/2019 um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna.

**Cosaint Sonraí:** Ar an 25 Bealtaine 2018, tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm. In Éirinn, tugadh éifeacht reachtach dó in acht nua, an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Chun a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, bailíonn, stórálann agus próiseálann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir cuid mhór sonraí ar dhaoine éagsúla is ábhar sonraí. Tá an BOO tiomanta do bheartas i dtaobh cearta agus saoirsí daoine aonair a chosaint maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe ag an údarás a fheidhmíonn mar phointe teagmhála maidir le gach ceist faoi phríobháideacht sonraí agus tá Beartas um Chosaint Sonraí forbartha aige a ghabhann leis an mBeartas Príobháideachta. Le linn na bliana 2019, fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir **18 n-iarraidh ar shonraí a rochtain**.

**Saoráil Faisnéise:** Faoi Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, ceanglaítear ar chomhlachtaí a thagann faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise an oiread faisnéise agus is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú go tráthúil ar bhonn oscailte, inrochtana lasmuigh de cheangaltais na saorála faisnéise féin, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta mar atá leagtha amach in Alt 8(5) agus Alt 11(3) den Acht. Déanta foráil leis sin maidir le taifid a fhoilsiú nó a thabhairt lasmuigh de Shaoráil Faisnéise ar choinníoll nach bhfuil sé toirmiscthe faoin dlí an fhaisnéis sin a fhoilsiú nó rochtain a thabhairt uirthi. Faoin scéim, ní mór do chomhlachtaí a thagann faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ngnáthghníomhaíochtaí gnó. Tá Scéim Foilsithe Saorála Faisnéise an BOO foilsithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus tá Oifigeach Saorála Faisnéise ainmnithe aige. Le linn na bliana 2019, fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 13 iarraidh faoin reachtaíocht um shaoráil faisnéise:. Ba ó iriseoirí, grúpaí sainleasa, baill foirne agus tuismitheoirí a fuarthas na hiarrataí sin. Glacadh le naoi n-iarradh, glacadh le trí cinn go páirteach agus i gcás píosa amháin faisnéise a iarradh, bhí fáil ag an bpobal air cheana féin.

**Nochtadh faoi Chosaint:** De réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, tá oifigeach ainmnithe ceaptha ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun nochtadh cosanta a fháil agus tá beartas curtha i bhfeidhm aige, 'Beartas maidir le Déanamh Nochtadh Cosanta ag Oibrithe de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir', atá foilsithe ar shuíomh gréasáin an BOO. I dteannta leis an reachtaíocht, spreagfaidh an beartas sin oibrithe chun éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú agus iad ar an eolas go gcaithfear go dáiríre leis an ábhar imní atá acu agus go ndéanfar imscrúdú air, agus gur faoi rún a dhéanfar é sin. Mar a cheanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir nach ndearnadh aon Nochtadh Cosanta in 2019.

**Bainistíocht Riosca:** Rinneadh an Beartas Corparáideach um Bainistíocht Riosca a fhaomhadh in 2017 agus, ar bhonn plean gnó réamhullmhaithe, tá clár rioscaí ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina léirítear rioscaí a bhaineann le Tacaíocht Eagraíochta, Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO), agus Scoileanna. Is doiciméad beo é an Clár Rioscaí a thugtar cothrom le dáta de réir mar a shainaithnítear rioscaí nua, nó a leasaítear dóchúlacht/déine riosca ann mar gheall ar rialuithe oiriúnacha a bheith curtha i bhfeidhm chun an riosca a mhaolú nó deireadh a chur leis.

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach leanúnach ar bhainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé go ndearna sé measúnú ar na príomhrioscaí agus na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2019. Déanann an Bord bainistíocht ar rioscaí don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Faigheann an Bord cúnamh ina fheidhm bainistíochta riosca ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Bíonn an Bord ag brath freisin ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar na tuarascálacha uaidh, ar an iniúchadh bliantúil a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar aon iniúchadh seachtrach amhail iniúchadh a dhéanfadh Ciste Sóisialta na hEorpa nó na Coimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú gach uile bhliain ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha.

Is mír bhuan í an Bhainistíocht Riosca ag gach cruinniú agus áirítear sa mheasúnú uirthi, inter alia:

- Tuarascálacha riosca ón lucht ardbhainistíochta
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Tuarascálacha riosca ón lucht ardbhainistíochta lena n-áirítear Oifigeach um Chomhlíonadh an BOO
- Athruithe ar an rátáil riosca

Thug Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2019 chun tacú le bainistíocht riosca fiontair agus chun an dea-rialachas a léiriú. Is é an bonn fianaise i leith na hoibre sin ná reachtaíocht a bhaineann le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (An Roinn Oideachais agus Scileanna, Imlitir 0002/2019). Tugadh chun críche na haschuir seo a leanas i rith na bliana:

- Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Rioscaí Corparáideach
- Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Rioscaí maidir le Breisoideachas agus Oiliúint
- Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar Chlár Rioscaí na Scoileanna

Cuireadh na príomhrioscaí a sainaithníodh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bhí obair leanúnach ar siúl chun na rioscaí a sainaithníodh a bhainistiú, iad a mhaolú agus réimsí riosca nua a shainaithint. Díríodh ar na príomhrioscaí a shainaithint a d'fhéadfadh a chosc ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a Ráiteas Straitéise agus na bearta rialaithe gaolmhara a chur i bhfeidhm, d'fhonn tionchar na rioscaí sin a mhaolú.

Cuirtear na rioscaí a shainaithnítear leis an gClár Rioscaí agus déantar iad a chatagóiriú mar seo a leanas:

Comhlíonadh, Conarthach, Airgeadas, Oibríochtúil, Clú agus Straitéiseach. Ansin déantar na rioscaí sin a rátáil i dtéarmaí dóchúlachta agus tionchair, agus déantar iad a aicmiú dá réir mar Riosca Dearg, Ómra nó Glas. Déantar bearta rialaithe bainistíochta, a chuirtear i bhfeidhm chun tionchar na rioscaí sin a mhaolú, a dhoiciméadú ar an gclár rioscaí. Nuair a bhíonn na rioscaí sainaitheanta agus taifeadta ar an gclár rioscaí, déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú orthu mar seo a leanas: Dearg – gach ráithe, Ómra – gach sé mhí, Glas – gach bliain.

Deimhníonn an Bord go ndearna sé measúnú ar phríomhrioscaí an BOO agus gur cuireadh sonraí faoi na rioscaí sin a sainaithníodh, lena n-áirítear bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara, san áireamh in Aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire Oideachais agus Scileanna.

Deimhníonn Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den **Chód Caiteachais Phoiblí**.

**Tugadh faoi Bhord nua a bhunú don tréimhse 2019 go 2024** freisin, agus toghadh ionadaithe foirne agus ainmnithe ar Bhord an BOO.

**Saincheisteanna Árachais agus Dlí:** Lean an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh in 2019 ag cur tacaíocht agus comhairle ar fáil don fhoireann uile ar fud na heagraíochta i ndáil le haon saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn, chomh maith le héilimh fhéideartha agus éilimh i dtaca le díobháil phearsanta.

**Sláinte agus Sábháilteacht:** Tá sé ina aidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, bunaithe ar rialú rioscaí agus ar bheartas leanúnach um maolú rioscaí, a chinntiú go seachnaítear timpistí/teagmhais agus neastimpistí, agus ar an gcaoi sin déantar sábháilteacht, sláinte agus leas na mball foirne, na mac léinn, na scoláirí, na bhfoghlaimeoirí agus na gconraitheoirí a chumhdach i gcás gur ag dul isteach i bhfoirgneamh de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar chúis ar bith atá siad. Rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2 thimpiste a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2019.

**Scéim Teanga Oifigiúla:** Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi threoir ag na prionsabail a eascraíonn as Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus tá sé tiomanta do na hoibleagáidí atá air faoin acht sin a chur i bhfeidhm. Bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi réir iniúchta ag Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le cur i bhfeidhm na ngealltanas a rinneadh ina Scéim Teanga. Foilseofar na torthaí in 2020.

**Acmhainní Daonna:** Rinne Rannóg Acmhainní Daonna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir earcú agus roghnú i leith 265 post a bhainistiú in 2019, agus cloíodh leis an dea-chleachtas agus freastalaíodh ar na hoibleagáidí reachtúla ina leith sin. Anuas air sin, soláthraíodh réimse seirbhísí a bhain le hAcmhainní Daonna mar thacaíocht do na foirne uile sna scoileanna, sna hionaid agus sa cheannoifig. Bhí cuid mhaith athruithe ar an Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna in 2019 freisin, mar thoradh ar na printíseachtaí nua a tugadh isteach, amhail Gruagaireacht, cúrsaí réamh-phrintíseachta agus méadú ar an éileamh ar na printísigh atá linn faoi láthair. Tá páirt mhór á glacadh ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir maidir le teagascóirí printíseachta a earcú chun freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair agus ar an éileamh atá ag teacht chun cinn. Tá gealltanas tugtha ar bhonn náisiúnta 50,000 printíseacht agus áit ar ghairmchúrsaí oiliúna a bheith ar fáil faoin mbliain 2020. Agus í ag díriú ar Scileanna don Gheilleagar agus ag cinntiú go bhfreastalófaí ar riachtanais na n-earnálacha gnó agus tionsclaíochta in 2019, bhí baint ag an Rannóg Acmhainní Daonna le hearcú foirne chun freastal ar an riachtanas atá ann i dtaobh cur leis na scileanna atá ag daoine atá fostaithe agus daoine dífhostaithe a mhealladh agus scileanna nua a mhúineadh dóibh, agus chuige sin thug sí isteach roinnt cúrsaí sna réimsí úd inar sainaithníodh easnamh scileanna trí na cláir um Rannpháirtíocht Fiontair agus Ionchuimsiú Gníomhach.

Sannadh **14 phost freagrachta breise** d'iar-bhunscoileanna an údaráis in 2019. Rinne an Rannóg Acmhainní Daonna an próiseas earcaíochta inmheánach sin a bhainistiú, agus treisíodh na foirne ceannaireachta agus bainistíochta inár scoileanna dá bharr, agus béim á leagan ar na caighdeáin is airde i ndáil le torthaí oideachais a bhaint amach do scoláirí ionas go gcothófaí timpeallacht a bhfuil ardcháilíocht cúraim scoláirí, foghlama agus teagaisc ina bunchloch di.

In 2019 bhí an Rannóg Acmhainní Daonna ag obair i ndlúthpháirt leis an Rannán Scoileanna chun comhordaitheoir ar an **gComhpháirtíocht Áitiúla Óige Ildánach** a earcú toisc go raibh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar cheann de 3 BOO phíolótacha sa tír a roghnaíodh chun Maoiniú don Óige Ildánach a fháil faoin gclár Éire Ildánach. Ba é sprioc na comhpháirtíochta sin réimse leathan acmhainní a chomhcheangal chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha lasmuigh den scoil a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, a bheadh ag teacht le timpeallachtaí scoile foirmiúla agus a bheadh in oiriúint dóibh sin. Fuarthas maoiniú i leith na bliana 2020 chun leanúint leis an gclár sin, toisc gur éirigh go geal leis an gclár píolótach in 2019.

In 2019, ceapadh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina phátrún ar dhá **Scoil Náisiúnta Phobail** i gContae an Chláir. Chuir an Rannóg Acmhainní Daonna tacaíocht agus cúnamh ar fáil do lucht bainistíochta agus foirne na scoileanna le linn an aistrithe sin agus tá sé fós ag tacú leis an dá scoil maidir le cúram, teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin a sholáthar do na scoláirí.

**Caipiteal agus Soláthar:** Mar chuid den infheistíocht leanúnach a dhéanann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i mbonneagar oideachais, rinneadh caiteachas caipitil €19.1m i scoileanna agus in ionaid ar fud Luimnigh agus an Chláir in 2019. Rinneadh caiteachas breise thart ar €1m ó acmhainní an BOO féin, rud a d'fhág go ndearnadh infheistíocht iomlán os cionn €20m sa bhonneagar in 2019. Ghlac Bord an BOO Beartas Náisiúnta Soláthair na BOOnna (lena n-áirítear an tsraith teimpléad le haghaidh tairiscintí os cionn thairseacha an Aontais Eorpaigh agus faoina mbun) an 15 Deireadh Fómhair 2019. Le linn 2019, ghlac baill foirne ón Rannóg Caipitil agus Soláthair páirt i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear an Clár Oiliúna Soláthair atá á reáchtáil ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus chuir baill foirne oiliúint ar fáil freisin d'fhoirne BOaO, d'Fhoirne Ardbhainistíochta na scoileanna agus do bhaill foirne riaracháin scoileanna agus ionad maidir leis an

mBeartas Náisiúnta Soláthair agus Plean Soláthair Ilbhliantúil an BOO. Dearbhaíonn an Cathaoirleach go gcloítear leis an mbeartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus go bhfuil an Plean Soláthair Corparáideach á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm.

Coinníodh leis an dlúthchomhar idir an Rannóg Caipitil agus Soláthair agus an Rannóg Airgeadais in 2019. Thug an tOifigeach Caipitil agus Soláthair tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus don Choiste Airgeadais ar an gClár Caipitil agus ar an bhfeidhm Sholáthair le linn 2019, agus tá tuairiscí faoi thairiscintí os cionn €100,000 fós a eisiúint ag gach cruinniú den Choiste Airgeadais. Léiríodh a éifeachtaí atá an comhoibriú idir an Rannóg Airgeadais agus an Rannóg Caipitil agus Soláthair nuair a tugadh chun críche an chéad Phlean Soláthair Ilbhliantúil. Thug an BOO chun críche an Plean Soláthair Ilbhliantúil agus an Plean Soláthair Corparáideach 2019 i mí Lúnasa 2019 agus cuireadh faoi bhráid Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann iad.

**Straitéis Airgeadais:** Is é cuspóir na Rannóige Airgeadais tacaíocht a thabhairt don Bhord chun na cuspóirí atá leagtha síos sa Phlean Seirbhíse bliantúil a bhaint amach faoi shrian an bhuiséid. Áirítear leis an tacaíocht airgeadais tacaíocht maidir le cinnteoireacht, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheart agus cuntasacht, agus a chinntiú gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

**Cuntasacht Reachtúil:** Deimhníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil sé de fhreagracht air an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, agus measann sé go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an údaráis agus staid chúrsaí an údaráis.

**Foinsí Maoinithe:** Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) go príomha a thugann maoiniú do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun a chláir dara leibhéal a chur ar fáil, agus is iad SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) agus ROS a chuireann maoiniú ar fáil dó le haghaidh soláthar Breisoideachais agus Oiliúna. Fuarthas maoiniú le haghaidh tionscadail áirithe ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí eile de chuid Rialtas na hÉireann freisin in 2019, lena n-áirítear:

- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
- An tAontas Eorpach
- Tiomsaítear airgead freisin trí mhuirir a ghearradh ar sheirbhísí mar tháillí teagaisc, cíos na seomraí agus gníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil.

**Ráitis Airgeadais 2019:** Tá sé de fhreagracht ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, agus, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dó, measann sé go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an údaráis agus staid chúrsaí an údaráis.

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 faoi réir a n-iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Nuair a bheidh an t-iniúchadh sínithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, foilseoidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire.

# Achoimre Airgeadais
# don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir


## Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019 *

* Ullmhaítear Ráitis Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i leith 2019 agus cuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna iad, agus faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Tar éis don Ard-Reachtaire an t-iniúchadh a shíniú agus tar éis don Roinn Oideachais agus Scileanna na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, foilseofar na Ráitis Airgeadais ar shuíomh gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus beidh siad ag gabháil leis an Tuarascáil Bhliantúil.

## An Rannán Scoileanna

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as 2 Scoil Náisiúnta Phobail agus 18 nIar-Bhunscoil i Luimneach agus an Clár a bhainistiú agus a reáchtáil (chomh maith le Coláiste Iar-Ardteistiméireachta amháin agus Coláiste Breisoideachais Luimnigh, a mhaoinítear trí SOLAS).

Buaicphointe a bhí ann dúinn in 2019 nuair a bunaíodh na chéad Scoileanna Náisiúnta Pobail dár gcuid. Aistríodh dhá scoil náisiúnta, ina n-úsáidtear Oideolaíocht Steiner, ón bpátrún a bhíodh acu roimhe sin roimhe, Lifeways Ireland, chun bheith faoi chúram Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar an 1 Meán Fómhair 2019. Is iad Scoil Náisiúnta Phobail Mol an Óige, Inis Díomáin, agus Scoil Náisiúnta Phobail Choill na Ráithíní, Tuaim Gréine, na chéad scoileanna náisiúnta pobail a bunaíodh faoin BOO. Is scoileanna comhoideachasúla, ilchreidmheacha iad scoileanna náisiúnta pobail, a bhfuil mar treoirphrionsabail acu Barr Feabhais san Oideachas, Cúram, Meas, Cothromas agus an Pobal.




In 2019/2020, cuireadh 35.37% de na scoláirí iar-bhunscoile sa réigiún ar rolla scoileanna a thagann faoi chúram Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus tá an BOO ina chomhphátrún ar 4 scoil phobail/chuimsitheacha eile a fhreastalaíonn ar 12% de na scoláirí iar-bhunscoile sa réigiún. I scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, cuirtear timpeallacht fháilteach ionchuimsitheach ar fáil, bítear tiomanta don bharr feabhais sa teagasc agus san fhoghlaim, léirítear ceannaireacht láidir sna scoileanna agus cothaítear cultúr scoile a chuireann fáilte roimh gach duine. Is tiomantas dá gcuid é a chinntiú go mbainfidh na scoláirí uile barr a gcumais amach. Chomh maith leis na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna a bhainistiú, tá an Rannán Scoileanna freagrach as seirbhísí oibre óige.

Is é an aidhm fhoriomlán atá ag an Rannán Scoileanna ná luach a chur le scoileanna aonair de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus, chuige sin, réimse tacaíochtaí a sholáthar chun tuilleadh feabhais a chur ar eispéireas agus torthaí na scoláirí. Baintear é sin amach i gcomhairle le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, trí réimsí tosaíochta a shainaithint, trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chórasacha ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus freisin trí chomhpháirtíocht leis na príomhsholáthraithe ó sheirbhísí tacaíochta ROS, amhail an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Foireann na Sraithe Sóisearaí, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Tusla, an Chomhairle Náisiúnta um Riachtanais Speisialta Oideachais, agus comhlachtaí eile ábhartha. Cuireann an Rannán Scoileanna tacaíochtaí ar fáil ar bhonn trí

phríomhbhealach trína soláthraítear seirbhísí, mar atá, Ceannaireacht sna Scoileanna, Foghlaim agus Teagasc Ardcháilíochta agus Tacaíocht do Scoláirí agus don Fhoireann, agus cuimsítear an méid seo a leanas san obair ina leith siúd:

- Creat um beartas ionchuimsitheach a fhorbairt do na scoláirí
- Comhairle agus tacaíocht maidir le pleanáil curaclaim agus pleanáil oideachais
- Tacaíocht agus treorú a fháil ó fhoirne tacaíochta do scoláirí
- Achomhairc faoi Alt 29
- Próiseas gearán do thuismitheoirí
- Tacaíocht maidir le Féinmheastóireacht Scoile, Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna)
- Tacú le scoileanna maidir le cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta do Scoileanna na Roinne Oideachais agus Scileanna – Ag Breathnú ar an Scoil Againne
- Tacaíocht do scoláirí atá i mbaol
- Tacú le glór na Scoláirí agus na dTuismitheoirí
- Oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta

Tugann an BOO tacaíocht do scoileanna aonair chun a ról sna pobail a fheabhsú trí chomhoibriú agus cumarsáid mhéadaithe leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear scoláirí, tuismitheoirí, eagraíochtaí áitiúla spóirt agus pobail agus eagraíochtaí deonacha.

**Oideachas Bunscoile**

Is éard atá san oideachas bunscoile timthriall ocht mbliana ina leantar Curaclam na Bunscoile (1999): na naíonáin shóisearacha, na naíonáin shinsearacha, agus rang a haon go dtí rang a sé. Tá sé ina aidhm ag an gcuraclam bunscoile eispéireas leathan foghlama a sholáthar agus spreagann sé réimse leathan cineálacha cur chuige i leith teagaisc agus foghlama a fhreastalaíonn ar na riachtanais éagsúla a bhíonn ag leanaí aonair. Dearadh an curaclam bunscoile chun an leanbh a chothú i ngach gné dá shaol – gnéithe spioradálta, morálta, cognaíocha, mothúchánacha, samhlaíocha, aeistéitiúla agus sóisialta agus gnéithe coirp. Tugtar breac-chuntas i gCuraclam na Bunscoile (1999) ar an méid a fhoghlaimíonn na leanaí – cad a fhoghlaimíonn na leanaí agus conas – don chéad ocht mbliana a chaitheann na leanaí ar scoil, ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé. Tá sé ina aidhm leis an gcuraclam:
- cuidiú leis na leanaí uile barr a gcumais a bhaint amach
- grá na foghlama a spreagadh
- cabhrú le leanaí scileanna a fhorbairt a úsáidfidh siad ar feadh a saoil.

Cuirtear an curaclam i láthair i seacht réimse, agus tá cuid acu siúd foroinnte ina n-ábhair. Is iad sin:
- Teanga: Gaeilge agus Béarla
- Matamaitic
- Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíocht (OSIE): stair, tíreolaíocht agus eolaíocht
- Oideachas ealaíon: na hamharcealaíona, ceol agus drámaíocht
- Corpoideachas
- Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS)
- Tá na pátrúin scoile éagsúla freagrach as an oideachas reiligiúnach nó an oideachas i dtaobh eitice.

**Rollú Iarbhír agus Rollú Réamh-Mheasta (Bunscoileanna)**

Aistríodh dhá scoil náisiúnta, ina n-úsáidtear Oideolaíocht Steiner, ón bpátrún a bhíodh acu roimhe sin roimhe, Lifeways Ireland, chun bheith faoi chúram Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar an 1 Meán Fómhair 2019. Is iad Scoil Náisiúnta Phobail Mol an Óige, Inis Díomáin, agus Scoil Náisiúnta Phobail Choill na Ráithíní, Tuaim Gréine, na chéad scoileanna náisiúnta pobail a bunaíodh faoi Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Is scoileanna comhoideachasúla, ilchreidmheacha iad Scoileanna Náisiúnta Pobail,

a bhfuil mar treoirphrionsabail acu barr feabhais san oideachas, cúram, meas, cothromas agus an pobal.

**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir: Rollú Iarbhír sna Bunscoileanna agus Rollú Réamh-Mheasta**

| Bunscoileanna | | Líon Daoine a Cuireadh leis an Rolla 30 Meán Fómhair 2019 | Líon Daoine a Réamh-Mheastar a Chuirfear leis an Rolla 30 Meán Fómhair 2020 |
|---|---|---|---|
| **20313J** | Scoil Náisiúnta Phobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir | 130 | 130 |
| **20312H** | Scoil Náisiúnta Phobail Choill na Ráithíní, Tuaim Gréine, Co. an Chláir | 110 | 120 |

### Iar-Bhunoideachas

Is iad seo a leanas na cláir atá á dtairiscint in iar-bhunscoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir:

- An Teastas Sóisearach
- Cláir Idirbhliana
- An Ardteistiméireacht
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Cláir Ardteistiméireachta Feidhmí

Áirítear ar na hábhair atá ar fáil ar churaclam na scoileanna eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic (STEM), teangacha, daonnachtaí agus ealaíona ar an leibhéal sóisearach agus an leibhéal sinsearach araon. Dírímid ar fhorbairt iomlánaíoch scoláirí an BOO agus, chuige sin, spreagaimid iad chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, lena n-áirítear spórt, drámaíocht, ceol, eolaíocht, fiontraíocht, díospóireacht agus tionscadail ilmheán. Tá líon nach beag scoláirí iar-bhunscoile fós á mealladh chuig scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus i Meán Fómhair 2019 bhí 9699 scoláire ar an rolla san iomlán.

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir: Rollú Iarbhír sna hIar-Bhunscoileanna agus Rollú Réamh-Mheasta

| Iar-Bhunscoileanna | | Líon Daoine a Cuireadh ar an Rolla an 30 Meán Fómhair 2019 | Líon Daoine a Réamh-Mheastar a Chuirfear leis an Rolla 30 Meán Fómhair 2020 |
|---|---|---|---|
| 70830N | Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir | 463 | 467 |
| 70840Q | Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir | 250 | 252 |
| 70860W | Coláiste Pobail Chill Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir | 244 | 250 |
| 70880F | Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir | 145 | 145 |
| 70900I | Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir | 431 | 431 |
| 70901K | Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir | 560 | 608 |
| 71700F | Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh | 395 | 395 |
| 71790J | Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh | 392 | 402 |
| 71840V | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 681 | 680 |
| 71850B | Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh | 569 | 597 |
| 71930W | Coláiste Breisoideachais Luimnigh, Luimneach | 1,021 | 1,005 |
| 76061W | Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh | 493 | 514 |
| 76070A | Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh | 385 | 427 |
| 76073G | Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach | 1,200 | 1,200 |
| 76075K | Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir | 258 | 294 |
| 76093M | Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh | 674 | 683 |
| 76101I | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Síor Anraí, Luimneach | 651 | 686 |
| 76414G | Coláiste Pobail Thuamhan, Páirc Mhaoilis, Luimneach | 527 | 631 |
| 76476F | Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh | 360 | 496 |
| | **IOMLÁN** | **9699** | **10,163** |

Measann an Roinn Oideachais agus Scileanna go dtiocfaidh méadú 47,500 ar líon na scoláirí iar-bhunscoile as seo go ceann trí bliana. Meastar go mbainfidh líon na scoláirí iar-bhunscoile buaicphointe 417,000 scoláire amach in 2025. Sa tábla thuas, tugtar breac-chuntas ar an méadú ar líon na scoláirí ar an rolla ar fud scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. I mí Mheán Fómhair 2019, bhí 9,699 scoláire ar an rolla i scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an líon sin i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i mí Mheán Fómhair 2020 agus go mbeidh thart ar 10,163 scoláire ar rolla na scoileanna ansin.

## Buaicphointí an Rannáin Scoileanna le linn 2019

**Cruinnithe de chuid Fhóram na Príomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí:** Is é an ról atá ag Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ná éascú don chomhoibriú agus don dea-chleachtas a dhéanann na scoileanna ar fud a phobail. Athraíodh formáid na gcruinnithe do cheannairí scoile i mí Lúnasa 2019 chun Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí araon a áireamh ar mhaithe le cloí le prionsabal na ceannaireachta comhroinnte maidir le scoileanna a bhainistiú sa BOO. Tá roinnt meithleacha comhairleacha ann freisin a rinne obair Fhóram na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí a chur chun cinn idir cruinnithe. Mar chuid den phróiseas sin, tugadh faoi roinnt ábhar a phlé, lena n-áirítear pleanáil oideachais, socrú amchláir agus pleanáil curaclaim don tSraith Shóisearach nua, teagmhais chriticiúla sna scoileanna a bhainistiú, Bainistíocht Riosca, Forbairt Beartais, na Treoirlínte maidir le Tús Áite do Leanaí, an tAcht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018, agus Imlitir 03/2018 maidir le Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iar-Bhunscoileanna.

**An Creat um Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh:** Tá an Creat um Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh fós ag tacú le scoileanna maidir le feabhas a chur ar chaighdeán na n-eispéireas foghlama a bhíonn ag scoláirí de chuid an BOO. Áiríodh leis an tacaíocht sin seimineáir do scoileanna, cuairteanna aonair ar scoileanna, tacaíocht don Fhéinmheastóireacht Scoile, agus Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS), agus cuireadh an creat cáilíochta do scoileanna, Ag Breathnú ar an Scoil Againne, ar fáil do gach scoil. Rinneadh seisiúin a éascú do Cheannairí Curaclaim i scoileanna an údaráis i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair chun tacú le dea-chleachtas a chomhroinnt agus le comhoibriú. Cuireadh seisiún oiliúna d'oiliúnóirí ar fáil do Cheannairí Curaclaim nua agus do Chomhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta i mí Dheireadh Fómhair.

**Teimpléid maidir le Beartas Iontrála agus Pacáiste Acmhainní do Scoileanna:** Chuir an Stiúrthóir Scoileanna doiciméid teimpléid agus treoir ar fáil do scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir maidir leis na beartais iontrála nua atá i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2019.

**Lámhleabhar ar Fhionraí agus Díbirt:** Chuir an Stiúrthóir Scoileanna lámhleabhar ar fáil do phríomhoidí maidir le fionraí agus díbirt. Scaipeadh an lámhleabhar sin ar gach príomhoide agus rachaidh sé chun leasa na mBord Bainistíochta freisin. Eagraíodh seimineár agus ceardlann do phríomhoidí ar Achomhairc faoi Alt 29 chun oiliúint a chur ar phríomhoidí a ghníomhaíonn mar Rúnaithe dá mBoird Bainistíochta féin.

**Oiliúint do Chinn Bhliana:** Tá clár oiliúna do Chinn Bhliana curtha i bhfeidhm do gach scoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ó Mheán Fómhair 2019. Tá obair an Chinn Bliana riachtanach i dtaobh scoláirí a threorú chuig na torthaí foghlama agus forbartha is fearr. Bhí an oiliúint á héascú ag Príomhoide agus ag duine ag a bhfuil taithí mar Cheann Bliana, agus iad beirt ó scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

**Foirne Tacaíochta – Ceardlanna um Oideachas Ionchuimsitheach agus Cnuasaigh:** Tá sé ina aidhm ag an bhFoireann Tacaíochta tacú le hiar-bhunscoileanna maidir le freagra córasach, comhoibritheach agus comhchoiteann ar bhonn scoil uile a fhorbairt maidir le hoideachas ionchuimsitheach agus oideachas speisialta.

Treoraíonn an fhoireann na scoileanna maidir lena bhfeidhmiú ar **Fhéinmheastóireacht Scoile (Cigireacht ROS 2016)**, chun léarscáil soláthair scoile a fhorbairt, lena léirítear an soláthar atá á dhéanamh faoi láthair d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise nó riachtanais speisialta oideachais acu ar fud an Chontanaim Tacaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais 2010).

Go sonrach, treorófar foirne ardcheannaireachta, comhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta agus Ceannairí Curaclaim sa dea-chleachtas chun timthriall **Féinmheastóireachta Scoile** (Cigireacht ROS 2016) a chur i bhfeidhm, arna dtreorú ag an gCreat Cáilíochta **'Ag Breathnú ar an Scoil Againne'** (Cigireacht ROS, 2016), chun léarscáil soláthair scoile uile a fhorbairt, ina léirítear an soláthar a dhéantar faoi láthair chun tacú le scoláirí a sainaithníodh a bhfuil riachtanais oideachais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu ar fud an Chontanaim Tacaíochta (ROS, 2017; An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, 2010).

Bhain scoileanna uile Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leas as an tacaíocht luachmhar sin i rith 2019, agus bhí an Fhoireann Tacaíochta ag obair le scoileanna i gcnuasaigh ceantar ionas go gcuirfí isteach ar na scoileanna a laghad a d'fhéadfaí.

**Grúpaí Comhairleacha:** Tá roinnt grúpaí comhairleacha bunaithe ó Mheán Fómhair 2019 chun tacú le scoileanna. Bíonn Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí ag plé le grúpaí comhairleacha maidir leis na réimsí tábhachtacha dinimiciúla a bhaineann le seirbhís fheabhsaithe a sholáthar i scoileanna an BOO. Tagann na grúpaí comhairleacha sin le chéile chun treoir agus comhairle a sholáthar maidir le bearta tacaíochta agus idirghabhálacha a chur ar bun chun cabhrú le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí;

- An Clár Rioscaí, lena n-áirítear Cumhdach
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Riachtanais Oideachais Speisialta
- Tuismitheoirí agus Caomhnóirí
- Straitéis Dhigiteach
- Scoileanna lán-Ghaeilge
- Coiste Curaclaim

**Oiliúint agus Tacaíochtaí d'iar-bhunscoileanna in 2019:** Cuireadh seimineáir thacaíochta agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne iar-bhunscoile sna réimsí seo a leanas:

- Oiliúint do Chinn Bhliana
- Oiliúint ar bhonn Cnuasaigh Dhigiteacha agus pobal dea-chleachtais, Lá 1
- Cruinniú de Chnuasach Comhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Scoláirí, Lá 2
- Cruinniú den Mheitheal Oibre um Fhoghlaim Dhigiteach
- Seimineár Leithdháilte do phríomhoidí scoile
- Cruinniú do phríomhoidí scoile maidir le hAchomhairc faoi Alt 29
- Cruinniú den Chnuasach um Fhoghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú Ionchuimsitheach a Stiúradh, Lá 1

**Plaistigh Aon-Úsáide a Laghdú:** De réir na treorach ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Richard Bruton TD, nár cheart d'aon roinn ná gníomhaireacht rialtais cupáin, sceanra ná soip phlaisteacha aon-úsáide a cheannach le húsáid ina n-oifigí (Dé hAoine, an 4 Eanáir 2019), tá scairdeáin óil suiteáilte ag scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus é treoraithe acu do thuismitheoirí/caomhnóirí agus do na scoláirí gan leas a bhaint as plaistigh aonúsáide. Tá iarrachtaí fós ar bun a bheith chomh cruthaitheach agus is féidir i gcleachtais agus nósanna imeachta inbhuanaithe chun an dramhaíl agus éifeachtaí ar an aeráid a laghdú.

**An Tionscnamh Jigsaw – One Good School™:** Ghlac ceithre scoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir páirt sa Tionscnamh One Good School™ atá ar bun ag Jigsaw. Ceapadh an tionscnamh sin chun an clár oibre folláine sna scoileanna a chomhlánú agus cur leis agus chun tacú le scoileanna agus gnéithe folláine á múineadh acu. Is tacú é freisin don Fhéinmheastóireacht Scoile, agus é ag díriú go sonrach ar réimse na meabhairshláinte. An tionscnamh 'One Good School' de chuid Jigsaw, tá sé dírithe ar gach duine atá bainteach leis an scoil, idir scoláirí, fhoireann na scoile agus na tuismitheoirí. Ar an mbealach sin, táthar ag súil, i gcás na scoileanna a ghlacfaidh páirt ann, go mbeidh siad ag gabháil do chlár oibre a thacóidh leo sa ról atá acu maidir leis an meabhairshláinte agus leis an bhfolláine. Ina theannta sin, tá an buntáiste breise ann go mbeidh eolas agus cleachtadh ag na scoileanna rannpháirteacha ar raon feidhme chleachtais agus nósanna imeachta atreoraithe Jigsaw dár seirbhísí cliniciúla, rud a éascóidh don atreorú iomchuí nuair a bheidh gá leis. Tá an Stiúrthóir Scoileanna an-bhuíoch de Gerard Linnane, Bainisteoir Seirbhíse, Jigsaw Luimnigh, as an spreagadh a thug sé do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus a chuid scoileanna agus as an gcomhairle a chuir sé orainn.

**Meantóireacht Ceannaireachta:** Bhunaigh Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir painéal ceannairí scoile (príomhoidí agus leas-phríomhoidí) chun bheith ag obair mar mheantóirí do cheannairí scoile nuacheaptha agus i ndlúthpháirt leo ó Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh. Is é is cuspóir don chlár meantóireachta sin cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chur ar bun idir meantóirí agus ceannairí scoile nuacheaptha agus éascú do leibhéal sainoiriúnaithe ar leith tacaíochta agus treorach piaraí i ndáil le scoileanna a bhainistiú. Faigheann an tionscnamh seo

tacaíocht ón Stiúrthóireacht TFE agus ón Rannóg Acmhainní Daonna. Tá dlúthbhaint aige freisin le tionscnamh na Roinne Oideachais agus Scileanna, An Creat Cáilíochta do Scoileanna 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne' (CCBS). Rinne an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir TFE agus foghrúpa príomhoidí agus leas-phríomhoidí ábhar an chláir a fhorbairt agus a chur i láthair.

**Teagasc Oideachais Speisialta:** I mí Mheán Fómhair 2017, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Samhail nua Teagaisc Oideachais Speisialta isteach de bhun Imlitir 0015/2017. Faoin tsamhail leithdháilte sin, ní mór do na scoileanna a chinneadh conas a leithdháilfear na hacmhainní ar na scoláirí a bhfuil an gá is mó acu leo. Cuireadh meitheal oibre ar bun in 2017 chun cabhrú le scoileanna agus iad ag aistriú go dtí an tsamhail nua. Roghnaíodh sé cinn de scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun an tsamhail leithdháilte nua a thástáil. Tá scoileanna an údaráis ag obair freisin leis an líonra Comhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta atá ag Coláiste Mhuire gan Smál, a n-éascaíonn an Dr Johanna Fitzgerald dó, chun clár forbartha gairmiúla leanúnaí a fhorbairt do scoileanna uile an údaráis. Ó Lúnasa 2019, rinneadh an tacaíocht sin a chumasc leis an líonra Ceannairí Curaclaim agus tugadh 'Foghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú Ionchuimsitheach a Stiúradh' air, lena chinntiú go dtacaítear le gach scoil chun cur chuige scoile uile a éascú i leith oideachas agus measúnú ionchuimsitheach.

**Cnuasaigh Dhigiteacha:** Lean Rannán Scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar aghaidh ag cloí leis an dea-chleachtas ó thaobh tacú le scoileanna trí laethanta cnuasaigh, ar cuireadh tús leo i mí Mheán Fómhair 2019. Rinne an Stiúrthóir Scoileanna anailís ar riachtanais na scoileanna aonair chun an tacaíocht a theastaíonn a chinneadh. Cuireadh an oiliúint, an chomhairle agus an tacaíocht ba ghá ar fáil do scoileanna trí StaffCONNECT agus LCBOOSchools.com chun an úsáid is fearr a bhaint as Microsoft Office 365. Éascaíodh do thacaíocht oiriúnaithe freisin chun suímh SharePoint agus Microsoft Teams a úsáid sna scoileanna. Bhunaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna fóram Grúpaí Oideoirí Éireann Google chun tacú le scoileanna ar fud an réigiúin. Eagraíodh trí lá cnuasaigh do scoileanna a úsáideann Microsoft 365 agus G Suite for Education.

**Folláine sa tSraith Shóisearach:** Tá scoileanna an údaráis ag glacadh páirt san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach Chnuas-Bhunaithe a sholáthraíonn Foireann na Sraithe Sóisearaí chun Tacú le cur i bhfeidhm Chreat na Sraithe Sóisearaí, agus bíonn na scoileanna á hóstáil sin freisin. D'éascaigh an Stiúrthóir Scoileanna lá do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí a thugann faoin amchlár a leagan amach sna scoileanna, chun féachaint ar bhealaí ina bhféadfaí 400 uair an chloig le haghaidh folláine a chur leis an amchlár. Fuarthas aiseolas an-dearfach ón seisiún. Tá seisiúin bhreise beartaithe dóibh siúd atá freagrach as amchláir sna blianta amach romhainn chun tacú leis an tSraith Shóisearach nua.

**Tionscnamh Píolótach Chomhaontas STEM:** Tá Rannán Scoileanna an BOO fós ag tacú leis an tionscadal nuálach, faoi threoir tionscal, atá dírithe ar dhaoine óga a spreagadh chun spéis a chur in ábhair STEM agus gabháil dóibh. Is tionscadal é sin a síníodh i réigiún an Lár-Iarthair idir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus na cnuasaigh tionscal réigiúnacha, Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht agus Luimneach ar mhaithe le TF. Is é an cuspóir atá leis ná feasacht agus tuiscint a chur chun cinn i dtaca le tábhacht agus ábharthacht STEM sa saol laethúil agus feasacht a ardú ar na deiseanna gairme atá in aice láimhe do dhaoine. Leagtar béim sa tionscadal ar theagascóirí agus daoine óga a chumasú chun iad féin a chur ar an eolas faoi scileanna STEM agus iad a shealbhú i gcomhair an tsaoil.

I mí Mheán Fómhair 2019, bunaíodh fóram nua do Threoirchomhairleoirí a bhíonn ag obair i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus sna pobalscoileanna a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina gcomhphátrún orthu. Tháinig an grúpa sin le chéile ag tionscail éagsúla atá lonnaithe i Luimneach nó sa Chlár chun naisc níos mó a fhorbairt leis na tionscail sa réigiún agus leas a bhaint as na naisc sin. Tá Rannán Scoileanna an BOO an-bhuíoch do Thascfhórsa Post an Lár-Iarthair as a chuid iarrachtaí i ndáil le bheith ag obair lena scoileanna chun feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht idir scoileanna agus lucht gnó, lucht tionscail agus an pobal taighde.

Chuir an **Chomhpháirtíocht Tionscail agus Oideachais STEM** clár ar fáil i gcomhar le scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sa réigiún, faoina raibh an deis ag oideoirí, scoláirí agus teaghlaigh a bheith rannpháirteach in eispéiris STEM agus iad féin a thumadh iontu, agus inar ardaíodh feasacht daoine ar thábhacht STEM agus na deiseanna gairme atá ann sa réimse sin. Chuige sin, cothaíodh caidreamh le lucht gnó agus tionscail STEM, le scoileanna agus oideoirí, le hinstitiúidí breisoideachais agus ardoideachais, agus leis an bpobal STEM i gcoitinne. D'éirigh go hiontach leis an gcomhpháirtíocht i dtaobh cultúr comhoibrithe a chothú don fhoghlaim ghairmiúil in oideachas STEM. An tionscadal píolótach nuálach faoin Oideachas STEM sin, atá ar an gcéad cheann dá chineál in Éirinn, tá obair cheannródaíocht á dhéanamh aige maidir le samhail a fhorbairt a bhféadfaí leas a bhaint aisti i dtionscnaimh agus fóraim ar fud na hÉireann agus i dtíortha eile.

**Foireann Tacaíochta do Scoláirí:** Rinne an Stiúrthóir Scoileanna agus an Fhoireann Tacaíochta de chuid Rannán Scoileanna an BOO éascú ar chruinnithe leis na foirne aonair tacaíochta do scoláirí, agus lean na foirne ar aghaidh leis an obair réamhghníomhach a dhéanann siad ó thaobh tacú le scoláirí atá i mbaol. Tháinig comhordaitheoirí na bhfoirne tacaíochta do scoláirí le chéile ceithre huaire le linn 2019. Bunaíodh grúpa comhairleach den Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus éascaíodh oiliúint d'fhoirne tacaíochta nuacheaptha do scoláirí i mí na Nollag 2019 thar thréimhse dhá lá. Is é an Stiúrthóir Scoileanna a chomhordaigh an oiliúint sin agus ba chur chuige ilghníomhaireachta a glacadh ina leith le hionchur ó sheirbhísí agus grúpaí éagsúla i réigiún Luimnigh agus an Chláir, lena n-áirítear an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Tusla, Rannóg Acmhainní Daonna an BOO, an Tionscadal um Dhobrón ar Leanaí, Jigsaw agus Foireann Tacaíochta an Rannáin Scoileanna.

**Comhdháil na bhFoirne Tacaíochta do Scoláirí:** Tionóladh cruinniú de Chomhordaitheoirí na bhFoirne Tacaíochta do Scoláirí ar an 29 Bealtaine i gCaisleán Uí Chonaill, Co. Luimnigh chun lámhleabhar a sheoladh do scoileanna maidir le tacaíocht do scoláirí a fhorbairt sna scoileanna.

**An Mheitheal Oibre um Chumhdach:** Tá baill sa mheitheal seo ó Scoileanna agus ón earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna araon. Tá sí fós ag tacú le cur i bhfeidhm Threoirlínte Tús Áite do Leanaí 2017 agus Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Mar chuid de sin, soláthraítear oiliúint do Theagmhálaithe Ainmnithe, tacaíocht agus treoir maidir le measúnuithe riosca, oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, mar aon le forbairt beartas agus acmhainní. Ullmhaíodh cur i láthair caighdeánach do gach bhall foirne agus dáileadh é ar na scoileanna go léir i mí Lúnasa. Dírítear ann ar chumhdach leanaí agus ar nósanna imeachta maidir le tuairisciú éigeantach.

**Na Croíluachanna atá ag Scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir:** Bronnadh plaic ar gach scoil de chuid an BOO ar a léirítear na croíluachanna atá ag scoileanna an údaráis. Bhí próiseas comhairliúcháin leis na scoileanna tugtha chun críche roimhe sin.

**Oscailt Oifigiúil Choláiste Pobail Coláiste Iósaef:** Rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ceiliúradh ar an oscailt oifigiúil a rinneadh ar an síneadh nua a cuireadh as Coláiste Pobail Choláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, ar an Aoine an 8 Samhain 2019. Chosain an obair sin na milliúin euro. Ba é Patrick O'Donovan TD, an tAire Stáit sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a rinne an oscailt agus a nochtadh an phlaic.

I láthair ag an imeacht bhí scoláirí, baill foirne agus bord bainistíochta na scoile, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheahan, Cathaoirleach an BOO, an Comhairleoir Kieran O'Hanlon, foireann ardbhainistíochta an BOO, ionadaithe ó Shiúracha Carthanachta phobal Naomh Pól, foireann deartha an tionscadail agus an príomhchonraitheoir, chomh maith le go leor ionadaithe tofa agus ionadaithe ón bpobal áitiúil.

**Eolaí Óg BT 2020:** Cháiligh trí thionscadal déag san iomlán ó scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT ag an RDS, Baile Átha Cliath, an 8-11 Eanáir 2020. Tá achoimre ar na scoileanna, líon na dtionscadal agus teidil na dtionscadal ar éirigh leo sa tábla ar an gcéad leathanach eile:

| Scoil | Líon na dTionscadal | Teidil na dTionscadal |
|---|---|---|
| Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco | 1 | 1. Slurry Pit Laser Saves Lives |
| Coláiste Dheasumhan / Gaelcholáiste Uí Chonba | 3 | 1. Bernoulli's Principle from "Whooh – Haah" to Hurling<br>2. iScope – The Design and Development of an Enhanced Digital Stethoscope for Remote Auscultation<br>3. Exercise is the "KEY" |
| Coláiste Pobail Mhungairit | 1 | 1. To Investigate The Attitudes of Irish Secondary School Students Towards Global Catastrophes |
| Gaelcholáiste Luimnigh | 1 | 1. Le h-antaibheathach nó gan antaibheathach sin í an Cheist |
| Coláiste Chiaráin | 2 | 1. Comestibles<br>2. App to identify poisonous mushrooms and plants |
| Coláiste Chaladh an Treoigh | 4 | 1. Crash Barrier Ambulance<br>2. VAR AI-Efficient Intelligent Decisions<br>3. A Plastic for Our Planet -Toward A Sustainable Biodegradable<br>4. Bin Buddy – A Smart Sorting Bin |

**Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI):** D'éirigh le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a iarratas a chur san áireamh sa Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI) – tionscnamh píolótach faoin bPlean um Óige Ildánach atá ina chuid den chlár Éire Ildánach. Is tionscnamh píolótach é an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI), a thagann faoin bPlean um Óige Ildánach atá ina chuid den chlár Éire Ildánach, chun cruthaitheacht chultúrtha a leathnú ar an leibhéal réigiúnach. Tá €300,000 san iomlán á roinnt go cothrom idir na trí BOO i Luimneach agus an Clár, Ciarraí agus Laois/Uíbh Fhailí.

Tionóladh cruinniú ar an 22 Deireadh Fómhair 2019 ag a raibh comhaltaí an ghrúpa stiúrtha bhunaidh, an comhordaitheoir agus an Stiúrthóir Scoileanna. Tuairiscíonn Grúpa Stiúrtha Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach Luimnigh agus an Chláir (CÁÓI) do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don chlár Éire Ildánach maidir le clár a dhearadh agus a sholáthar sa réigiún i ndáil leis an Óige Ildánach. Tá an clár CÁÓI á mhaoiniú faoin tionscnamh 'Éire Ildánach' agus faigheann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an maoiniú sin tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna

Bunaíodh SOLAS faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus ba é a aidhm ná straitéis chomhtháite Breisoideachais agus Oiliúna, a gcuirfear 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) i bhfeidhm í, a bhainistiú agus a chomhordú agus tacú leo chuige sin. Is é an treoir straitéiseach atá leagtha amach i Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS 2014-2019, i bPlean Corparáideach SOLAS 2017-2019 agus sa Chomhaontú um Fheidhmíocht Straitéiseach idir SOLAS agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2018-2022 atá mar bhonn taca ag obair an Rannáin Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Déantar an obair sin a fheidhmiú go háitiúil trí Chreat Straitéiseach 2015-2020 Rannán BOaO an údaráis agus trí Ráiteas Straitéise 2017-2021 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.




Thug Rannán Breisoideachais agus Oiliúna an BOO freagra ar Thosaíochtaí Náisiúnta BOaO trí raon **príomhphleananna agus creataí gníomhaíochta cothrománacha áitiúla** a fhorbairt lena chinntiú go gcuirfear tosaíochtaí náisiúnta i bhfeidhm go háitiúil. Ina measc siúd tá:

- Creat Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta BOaO 2017 – 2020
- Creat Faisnéise Earcaíochta agus Treorach BOaO 2016-2020
- Creat Rannpháirtíochta Fiontar 2017 – 2020
- Creat Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach BOaO
- Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil BOaO 2019 – 2021
- Creat BOaO maidir le Teanga, Litearthacht agus Uimhearthacht a Chomhtháthú

Sa chomhthéacs sin, agus Rannán BOaO an údaráis ag obair i ndlúthpháirt le páirtithe éagsúla, lena n-áirítear SOLAS, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, agus Comhpháirtithe Fiontraíochta agus Pobail, rinne an Rannán raon leathan clár (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha) a sholáthar do bhreis is **25,310 duine in 2019. Chuir sé 2,617 babhta cúrsa ar fáil in 2019 in 33 ionad, i thart timpeall 300 áit** ar fud Luimnigh agus an Chláir.

| Tairbhithe an Rannáin Breisoideachais agus Oiliúna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2019 | | |
|---|---|---|
| Printíseacht | Printíseacht 2016+ | 65 |
| Printíseacht | Céimeanna 2,4,6 den Phrintíseacht | 1456 |
| Printíseacht | Céim 7 den Phrintíseacht | 227 |
| Lánaimseartha | Nascoiliúint agus Bonnoiliúint | 17 |
| Lánaimseartha | Ionaid Oiliúna Phobail | 247 |
| Lánaimseartha | Ceardlann um Cheartas | 27 |
| Lánaimseartha | Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 160 |
| Lánaimseartha | IAT | 2419 |
| Lánaimseartha | Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe | 204 |
| Lánaimseartha | Oiliúint Sainscileanna | 516 |
| Lánaimseartha | Cúrsaí Oiliúna: Fostaithe | 70 |
| Lánaimseartha | Cúrsaí Oiliúna: Oiliúint | 428 |
| Lánaimseartha | Bunchúrsaí SDOG | 853 |
| Lánaimseartha | Ógtheagmháil | 543 |
| Páirtaimseartha | Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh | 3905 |
| Páirtaimseartha | Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas | 2159 |
| Páirtaimseartha | Oideachas Pobail | 4962 |
| Páirtaimseartha | BCTE | 1362 |
| Páirtaimseartha | Oiliúint Tráthnóna | 1661 |
| Páirtaimseartha | Uaireanta Comhair BOaO | 896 |
| Páirtaimseartha | DTOAB | 194 |
| Páirtaimseartha | Uaireanta Breise Comhair – An tSeirbhís Oideachais | 1151 |
| Páirtaimseartha | Scileanna don Obair | 1090 |
| Páirtaimseartha | Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh | 595 |
| Páirtaimseartha | Teagasc Deonach Litearthachta | 103 |
| | | 25310 |

Sa Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí idir SOLAS agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, leagtar amach an comhthéacs agus na tosaíochtaí straitéiseacha, mar aon leis an gcion atá á dhéanamh ag an údarás maidir le príomhspriocanna na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna a bhaint amach le linn na tréimhse 2018-2020. Cuirtear in iúl sa chomhaontú freisin tiomantas an BOO i ndáil le tacú le réimse beartas agus straitéisí náisiúnta atá bainteach leis an soláthar Breisoideachais agus Oiliúna, agus sainaithnítear ann na príomhrioscaí agus na príomhdhúshláin nár mhór dul i ngleic leo agus iad a mhaolú ionas go mbeifí in ann an comhaontú seo a chur i gcrích. Tugtar breac-chuntas sa Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí ar an gcion a dhéanfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i dtaobh na Straitéise Náisiúnta agus na Spriocanna Náisiúnta BOaO faoi 6 réimse tosaíochta:

- Scileanna i gcomhair an Gheilleagair
- Ionchuimsiú Gníomhach
- Soláthar Cáilíochta
- Pleanáil agus Maoiniú atá Bunaithe ar Thorthaí
- Seasamh an Bhreisoideachais agus na hOiliúna
- Spriocanna Náisiúnta BOaO

Mar chuid dá phróiseas bliantúil pleanála agus tuairiscithe, cuireann an Rannán BOaO Tuarascáil Bhliantúil chuimsitheach ar fáil, a chuirtear faoi bhráid SOLAS. Tugtar breac-chuntas ar rogha buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil 2019 faoi na 6 réimse tosaíochta mar seo a leanas:

## Scileanna i gcomhair an Gheilleagair:

Is cur chuige nuálach ar leith é **an cur chuige earnála maidir le scileanna a fhorbairt** trí chnuasaigh scileanna (i.e. Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht, Luimneach ar mhaithe leis an Scannánaíocht, Luimneach ar mhaithe leis an bhFáilteachas, Comhaontas STEM, etc.), lena n-éascaítear do chomhroinnt faisnéise sna réigiúin faoin margadh saothair, agus trínar féidir riachtanais na dtionscal a mheaitseáil le soláthraithe oideachais. Bailítear faisnéis réigiúnach freisin trí ionadaithe de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a bheith ar na Comhlachais Tráchtála, na hOifigí Fiontair Áitiúla, ina gcathaoirleach ar Fhóram Scileanna Réigiúnacha an Lár-Iarthair, ar an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail, agus sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta etc., rud a chuireann ar a chumas don Rannán BOaO aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna ar leith agus cláir shaincheaptha a dhearadh nuair is gá sin.

I mí Feabhra 2019, foilsíodh **Plean Fiontar Réigiúnach an Lár-Iarthair go 2020**, inar leagadh béim ar na cuspóirí straitéiseacha agus na príomhbhearta a bhfuil baint ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leo. I measc na bhfreagrachtaí a sainaithníodh chun fás fiontar a bhrú chun cinn bhí ionchuir eagrúcháin chun cabhrú le forbairt eacnamaíoch agus cruthú post i dtionscal na scannán, 'Ríomh-mhoil Chliste' réigiúnacha a fhorbairt, cabhrú le fiontair áitiúla a gcuid riachtanas a aithint i dtaobh scileanna, triail a bhaint as tionscnaimh fiontraíochta atá dírithe ar cheantair ard-dífhostaíochta, leathnú a dhéanamh ar Chomhaontas STEM an Lár-Iarthair agus crios fiontraíochta mara a fhorbairt.

Baineadh amach cloch mhíle thábhachtach do Rannán BOaO an BOO in 2019 nuair a rinneadh bailíochtú ar an **bPrintíseacht Náisiúnta Ghruagaireachta** dá chuid mar phrintíseacht reachtúil faoin Acht Oiliúna Tionscail, 1967, an chéad chaighdeán a aithnítear go náisiúnta don tionscal gruagaireachta. Is é an Clár Náisiúnta Printíseachta Gruagaireachta an chéad phrintíseacht 'iar-2016' a d'fhorbair earnáil na BOOnna ar moladh é a fhaomhadh gan aon choinníollacha bailíochtaithe ar leith. http://hairdressingapprenticeship.ie/

Bhí an sárthaispeántas **Luimneach** ar mhaithe leis an **Innealtóireacht** ar siúl i Márta 2019 i Halla Imeachta Aerfort na Sionainne. D'óstáil printísigh, teagascóirí agus comhairleoirí de chuid an BOO taispeántais éagsúla ag seastán an BOO, lena n-áirítear táthú atá bunaithe ar réaltacht bhreisithe. Bhí an t-imeacht mór sin saor in aisce agus é ar oscailt do chách, agus bhí sé ina aidhm leis lucht fágála scoile agus daoine a raibh fonn orthu tabhairt faoi ghairm nua a spreagadh chun smaoineamh ar shlí bheatha fhiúntach spreagúil in earnáil na hinnealtóireachta.  Ba é an cuibhreannas 'Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht', a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina bhall de, a d'eagraigh an sárthaispeántas agus bhí seastáin idirghníomhacha ann ó bheagnach 50 mórchuideachta atá lonnaithe i réigiún an Lár-Iarthair, lena n-áirítear Cook Medical, Johnson and Johnson, Roadbridge, Analog Devices agus Ei Electronics.

Le linn 2019, chuid Seirbhís Tacaíochta an BOO um Rannpháirtíocht Fiontar oideachas agus oiliúint spriocdhírithe ar fáil i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna faoin scéim **Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh**, chun freastal ar riachtanais shonracha na bhfiontar sa réigiún. Chomh maith leis sin, rinne sí éascú ar chomhrá leanúnach le fostóirí, fostaithe, agus fóraim scileanna (amhail Fóram Scileanna Réigiúnach an Lár-Iarthair) mar fhreagairt ar riachtanais scileanna agus oiliúna a sainaithníodh sa réigiún. Ullmhaíodh físeán inar cuireadh chun cinn na buntáistí a bhaineann leis an scéim Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh in earnáil áirithe (cúram sláinte) agus cuireadh chun cinn é ar an suíomh gréasáin learningandskills.ie atá ag an Rannán BOaO

Le linn 2019, bhí an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar ag obair le Fóram Réigiúnach Scileanna an Lár-Iarthair chun soláthar a dhearadh agus a sholáthar faoin **gClár Explore**. Le linn 2019, chríochnaigh 100 rannpháirtí o 39 cuideachta déantúsaíochta an clár Explore.

In 2019, d'fhógair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir **Bealaí chun Printíseachta** – tionscnamh nua faoina gcuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil ar féidir le rannpháirtithe tabhairt fúthu roimh

phrintíseacht. Nuair a chríochnaíonn foghlaimeoirí cúrsa 'Bealaí chun Printíseachta', bronntar Teastas Mórdhámhachtana Leibhéal 5 (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) orthu. Is teastas é sin a aithnítear ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag SOLAS i dtaobh 50,000 duine breise a chlárú ar phrintíseachtaí agus cúrsaí oiliúna sa tír faoi 2020 – ní mór do gach BOO cion a dhéanamh ina leith sin. **In 2019, chuir an Rannán BOaO cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ar fáil do 2,246 duine.**

Cuireann **Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais** BOO Luimnigh agus an Chláir cláir QQI agus cláir chreidiúnaithe eile ar fáil d'fhoghlaimeoirí, ar cláir iad atá dírithe ar phoist éagsúla sa tionscal óstáin agus lónadóireachta. Tá na cláir sin dírithe go sonrach ar dhaoine atá dífhostaithe agus cuirtear ar a gcumas dóibh tabhairt faoi oiliúint a dhéanamh i gclár scileanna ar leith. Go dtí seo, bhí naisc dhíreacha idir an clár agus Cónaidhm na nÓstán Éireannach, Fáilte Éireann, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus cuibhreannas áitiúil óstóirí i réigiún an Lár-Iarthair. I gcás 75% de chéimithe an chláir, faigheann siad post nuair a bhíonn sé críochnaithe acu.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, mar chuid de Sheachtain Gairmscileanna na hEorpa, d'fhreastail níos mó ná 2000 duine ar **Shárthaispeántas Gairmeacha Printíseachta agus Oiliúna an Lár-Iarthair** in Óstán an Great National South Court. Bhí sé á óstáil ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcomhpháirtíocht le Fóram Scileanna Réigiúnach an Lár-Iarthair.

### Ionchuimsiú Gníomhach:

Teastaíonn freagairt ilghnéitheach ó Rannán BOaO an BOO de bharr chineál casta aistear foghlama an duine aonair, de bharr nach mar a chéile aistear foghlama aon bheirte, agus de bharr an iliomad eispéireas a bheith ina mbonn taca leis an bpróiseas foghlama. Thacaigh raon tionscnamh agus creataí cothrománacha BOaO le hionchuimsiú gníomhach foghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla le cúpla bliain anuas, lena n-áirítear bearta sonracha faoin **bPlean Gníomhaíochta um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT); faoin gCreat Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach; faoin gCreat um Chomhtháthú Teanga, Litearthachta agus Uimhearthachta agus faoin gCreat um Ionchuimsiú Gníomhach**. Tá sé ina aidhm leis na straitéisí sin cur le cumas an Rannáin BOaO raon tacaíochtaí a sholáthar ionas gurb í an deis chéanna a bheidh ag gach foghlaimeoir de chuid an BOO ina chlár nó ina clár féin.

Le linn 2019, reáchtáil Rannán BOaO an BOO suaitheantas digiteach an Fhóraim Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama maidir le **Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim** (DUF) mar chomhthionscnamh idir príomhsheirbhísí tacaíochta BOaO, i.e. Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT), Forbairt Ghairmiúil (FG) agus an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (AISS). Cuireadh an cúrsa sin ar bun chun tacú le baill foirne maidir le cur chuige nua a ghlacadh ina gcuid teagaisc trí mhodhanna éagsúla rannpháirtíochta agus léirithe.

D'óstáil Rannán BOaO an BOO **Comhdháil Idirnáisiúnta um Fhoghlaim Teaghlaigh** dar teideal 'Valuing Parents – Linking Policy and Practice' ar an 28 agus 29 Márta 2019. Tháinig saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile ag an gcomhdháil chun breathnú ar Fhoghlaim Teaghlaigh mar ghné luachmhar i soláthar Breisoideachais agus scrúdaíodh bealaí chun dul i mbun rannpháirtíocht le teaghlaigh áitiúla agus teaghlaigh imirceacha chun torthaí oideachais leanaí agus tuismitheoirí a fheabhsú.

**An Tionscadal Drive** (Bunscileanna agus Rae Bedford, Cathair Luimnigh): Cuireadh an tionscadal seo ar bun chun tacú le baill de Phobal an Lucht Siúil ionas go n-éireodh leo sa tástáil Teoirice Tiománaithe. Nuair a baineadh an réimse foghlama sin amach, ceapadh plean eile chun tacú le rannpháirtithe dul ar aghaidh chuig ceachtanna tiomána ionas go bhféadfaidís tabhairt faoin tástáil tiomána agus a gceadúnas tiomána iomlán a fháil. Bhí sé ina thoradh ar an tionscnamh, a raibh 184 duine páirteach ann, go bhfuair 68 duine ceadúnas, go bhfuair 36 duine ceadúnas iomlán, agus go bhfuil daoine eile ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Bhuaigh an tionscadal sin **Gradam Réalta AONTAS in 2020**.

Bhí Seirbhís FCT an Rannáin BOaO agus an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (AISS) ag obair le chéile chun **líonra Mol Foghlama Féin-Rochtana** a fhorbairt sna campais mhóra laistigh de Rannán Breisoideachais agus Oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Bhí dhá ghné i gceist sa chur chuige sin: neartú a dhéanamh ar an bhfoireann tacaíochta foghlama ar champais mhóra de chuid an BOO, agus moil foghlama féin-rochtana a fhorbairt. Le linn 2019, chuir FCT agus AISS sraith teicneolaíochtaí tacaíochta cúnta agus foghlama ar fáil chun tacú le foghlaimeoirí rochtain a bheith acu ar gach clár i sé champas ainmnithe BOaO.

**Rochtain ar Thacaíocht Síceolaíochta:** Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ag AISS maidir le seisiúin rúnda comhairleoireachta síceolaíochta, duine le duine, atá dírithe ar réiteach a sholáthar ar bhonn in aghaidh na huaire, ar bhonn laethúil nó ar bhonn seachtainiúil, ag brath ar riachtanais na nIonad BOaO.

**Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas:** Chomh maith leis an gciste míchumais atá ar fáil do chúrsaí iarArdteistiméireachta chun tacú le foghlaimeoirí faoi mhíchumas, tá AISS ag reáchtáil samhail phíolótach tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas trí SDOG.

Le linn 2019, d'éirigh le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i ndáil lena iarratas ar mhaoiniú CTIC. Bhí an t-iarratas sin faoin **Tionscadal CTIC 'Barr Cumais a Bhaint Amach'** bunaithe ar chomhairliúchán fairsing le tionscadail chomhpháirtíochta an BOO agus ar thaithí an BOO maidir le curaclam a fhorbairt agus a mhúineadh d'imircigh.

Bíonn na foirne **Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach** i Luimneach agus sa Chlár ag obair le foghlaimeoirí d'fhonn bealaí chun cinn a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna de réir mar a thagann siad i gceist. Táthar tar éis moil eolais nua a oscailt i Luimneach agus in Inis, agus, ar shuíomh gréasáin Breisoideachais agus Oiliúna, http://learningandskills.ie/contact/, treoraítear foghlaimeoirí chuig spás tairsí inar féidir leo coinní a chur in áirithe. Tá uimhir shaorghlao 1800 70 70 77 ann freisin dóibh siúd a bhfuil ceisteanna ginearálta acu.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag tabhairt faoi chlár oibre chun tacú leis an eagraíocht an **dualgas um chomhionannas agus cearta an duine san earnáil phoiblí** (an Dualgas) a chur i bhfeidhm faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Le linn 2019, is éard a bhí i gceist leis an obair sin Ráiteas Luachanna um Chomhionannas agus Cearta an Duine a fhorbairt: uirlis chun tacú leis an eagraíocht an Dualgas a chur i bhfeidhm thar gach réimse feidhme. Forbraíodh dréacht-Ráiteas Luachanna i mí Mheán Fómhair 2019, tar éis próiseas a chuathas ina bhun le baill foirne shinsearacha ar fud phríomhréimsí feidhme an BOO. Sa Ráiteas sin, bunaítear na luachanna um chomhionannas agus cearta an duine a sheasann an BOO leo agus sainaithnítear ráiteas tosaíochta agus cur chuige i leith gach luacha

## Soláthar Cáilíochta

Is é is aidhm don sprioc um Sholáthar Cáilíochta i Straitéis SOLAS BOaO 2014 – 2019 ná go gcuirfidh BOaO cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán ar fáil agus go gcomhlíonfaidh sé caighdeáin cháilíochta iomchuí náisiúnta agus idirnáisiúnta. In 2019, rinne Rannán BOaO an BOO dul chun cinn nach beag maidir le córais agus straitéisí éagsúla a fhorbairt atá dírithe ar thorthaí ardchaighdeáin lena gcinntítear gur féidir le foghlaimeoirí an BOO barr a gcumais a bhaint amach le himeacht ama. Tugtar breac-chuntas ar roinnt buaicphointí thíos:

Le linn 2019, rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir bunú foirmiúil ar **Struchtúir Rialachais um Breisoideachas agus Oiliúint, ag féachaint don Dearbhú Cáilíochta**, lena n-áirítear Comhairle Cáilíochta a bhunú. Is é ról na Comhairle Cáilíochta é maoirseacht a dhéanamh ar gach gné dearbhaithe cáilíochta a bhaineann le dearadh, forbairt, formheas, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú an tsoláthair Breisoideachais agus Oiliúna a thairgeann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Déanann sí caighdeán na gclár Oideachais agus Oiliúna agus na ngníomhaíochtaí

gaolmhara a chosaint, a chothabháil agus a fhorbairt. Agus an méid sin á dhéanamh, tá an Chomhairle Cáilíochta Breisoideachais agus Oiliúna ag cinntiú, a mhéid is féidir, gur eispéireas coibhéiseach a bheidh ag gach foghlaimeoir.

**Seoladh Nósanna Imeachta um Measúnú (Leagan Aonair) –** D'óstáil Seirbhís Tacaíochta Dearbhaithe Cáilíochta BOaO sraith seimineár i mí Lúnasa agus i mí Meán Fómhair 2019 chun eolas agus treoir a thabhairt don fhoireann faoi na Nósanna Imeachta Measúnaithe (leagan aonair) nua.

In 2019 seoladh **Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil** BOaO. Leis an bplean 3 bliana sin, treoraítear obair an BOO sa réimse sin agus in 2019 eagraíodh **127 imeacht oiliúna lárnach ag a raibh 1,669 ball foirne i láthair.** Cuireann Rannán BOaO an BOO cultúr feabhsúcháin leanúnaigh agus foghlama eagrúcháin chun cinn lena chinntiú go bhfuil muinín ag ár bpáirtithe leasmhara as cáilíocht agus ábharthacht an tsoláthair BOO. Cuireann an Rannán BOaO luach mór ar thiomantas, saineolas agus gairmiúlacht na foirne go léir agus féachann sé le cultúr a chothú ina spreagtar na baill foirne a bheith réamhghníomhach maidir lena bhforbairt féin agus meon dearfach a bheith acu ina róil, agus ina dtacaítear leo chuige sin.

Tá sé ina aidhm ag an **tSeirbhís Tacaíochta um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT)** forbairt straitéiseach na Teicneolaíochta sa Teagasc agus san Fhoghlaim a chur chun cinn. In 2019, cuireadh i bhfeidhm roinnt tionscadail phíolótacha atá bunaithe ar riachtanais a sainaithníodh go háitiúil, ag baint úsáid as cineálacha cur chuige nua/nuálacha sa Teagasc agus san Fhoghlaim. Áiríodh ar na tionscadail sin Réaltacht Mhéadaithe (e.g. – Táthú Soldamatic), Teicneolaíochtaí Cúnta/Tacaíochta (Pinn Léitheoireachta, Reading Horizons, BKSB etc.), Taifeadadh Móibíleach ar Mheasúnú (GoPros sa Staidéar Eachaíochta), dróin a úsáid a chlár Grianghrafadóireachta etc. Tá an Rannán BOaO, trína Oifigeach FCT, ina cathaoirleach ar an Meitheal Oibre um Ríomhchuimsiú a bunaíodh faoin tionscnamh sin. Coimisiúnaíodh Institiúid Tavistock in 2019 chun taighde a dhéanamh ina bhféachfar ar chineál agus méid an eisiaimh dhigitigh sa réigiún d'fhonn freagairt bunaithe ar fhianaise a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin.

## Pleanáil agus Maoiniú atá Bunaithe ar Thorthaí

Aithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an tábhacht a bhaineann le sonraí mar spreagthóir eolais i gcomhthéacs an phróisis pleanála agus an gá atá le cáilíocht na n-ionchur sonraí a bhaineann le CTFC a chinntiú. Aithníonn an BOO freisin an deis a bhíonn ann pleanáil níos éifeachtaí a éascú ach fianaise bhreise a ghiniúint ar dhul chun cinn agus ar thorthaí fostaíochta mar thoradh ar nascadh CTFC le bunachair sonraí náisiúnta eile trí SOLAS agus tríd an bPríomh-Oifig Staidrimh. I rith 2019, áiríodh ar an obair maidir leis an mbonneagar sonraí:

- Pleanáil um Iarraidh agus Tuairisciú ar Leithdháileadh Maoinithe (ITLM), arna héascú tríd an Stiúrthóir BOaO agus tríd an nGrúpa Stiúrtha BOaO
- Reáchtáladh seisiúin oiliúna chun taithí a fháil ar CTFC mar aon le ceardlanna pleanála ITLM in 2019 lena chinntiú go bhfuil gach Comhordaitheoir/Bainisteoir/Úsáideoir BOaO ar an eolas faoi na riachtanais is déanaí atá curtha in iúl ag SOLAS ó thaobh iontráil sonraí agus tuairisciú
- Rinneadh monatóireacht agus athbhreithniú géar ar sholáthar CTFC go háitiúil le linn 2019 agus eisíodh tuairiscí gníomhaíochta agus pleanála ar fud an BOO go minic, agus sonraí san áireamh iontu ar leibhéal na soláthraithe aonair lena chinntiú go ndéanfaí iontráil chruinn ar dhaoine a bhí ag tosú nó ag críochnú agus ar na haschuir/torthaí a bhain leosan, agus go ndéanfaí na haschuir/torthaí a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a d'fhéadfaí é
- Déantar monatóireacht go minic ar na torthaí iarbhír i gcoinne an phlean bhliantúil féachaint an bhfuil aon bhearta ceartaitheacha le glacadh i rith na bliana
- Bíonn an Bainisteoir Oibríochtaí BOaO i mbun cumarsáid rialta ionas go mbeidh an t-eolas ar fad ag gach úsáideoir faoi oibleagáidí tuairiscithe agus faoin ngá atá le sonraí cruinne

- Le linn 2019, glacadh níos mó agus níos mó le FETCH chun foghlaimeoirí a chlárú lena chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí tuairiscithe sonraí criticiúla CSE, trí phróiseas féindearbhaithe a chuirfidh na foghlaimeoirí i gcrích.

### Seasamh an Bhreisoideachais agus na hOiliúna

Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar aghaidh ag infheistiú i margaíocht agus i mbrandáil a bhaineann le BOaO in 2019, chun aird a dhíriú ar sholáthar BOaO mar rogha eile seachas na bealaí traidisiúnta isteach sa tríú leibhéal. Baineadh an méid sin amach trí uirlisí cumarsáide inmheánacha agus seachtracha.

- Uirlisí Inmheánacha: Signagelive/Ríomhphost/Office 365/StaffCONNECT, i measc eile
- Uirlisí Seachtracha: Suíomh Gréasáin/Brandáil, Cur Chun Cinn, Ábhar Clóbhuailte, Mol Faisnéise, An Fóram BOaO, Gradaim.

Chuir líonra an BOO d'Ionaid BOaO áitiúla agus a struchtúir foirne ar chumas daoine aonair, pobal agus fostóirí rochtain a bheith acu ar dheiseanna lánaimseartha agus páirtaimseartha agus cuireadh iad sin chun cinn trí na meáin áitiúla, bealaí meán sóisialta, leabharlanna, líonraí foghlama, scoileanna, ionaid acmhainní teaghlaigh, Oifigigh Cásanna de chuid RGFCS, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí.

Tá tuilleadh faisnéise ag http://learningandskills.ie/our-courses/ agus https://lcetb.ie/news/; http://www.clarelearningnetwork.org/clln/www/index.asp?magpage=5&tid=3841 agus https://www.lcen.ie/

I measc na dTionscnamh Margaíochta agus Brandála a rinneadh in 2019 bhí:

- I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhorbair Foireann Cumarsáide an BOO feachtas margaíochta comhtháite maidir le Breisoideachas agus Oiliúint leis an mana **#FindTheBestInYou**, íomhánna agus físeáin mhealltacha le húsáid i bpictiúrlanna, sna meáin shóisialta, ar chláir fógraí agus i meáin eile amuigh faoin spéir lena n-áirítear busanna poiblí https://www.facebook.com/learningandskills.ie/videos/764473830653995/
- Úsáideadh ábhar bolscaireachta de chuid an Rannáin BOaO ar bhusanna Chathair Luimnigh in 2019 chun Breisoideachas agus Oiliúint a chur chun cinn ar bhealaí ar fud na cathrach chomh maith le bealaí idir Luimneach, an tSionainn agus Inis
- Leanadh ar aghaidh leis an bhforbairt ar shuíomh gréasáin BOaO an BOO, https://learningandskills.ie/ agus cuireadh rannáin nua leis an suíomh gréasáin sin in 2019
- Ullmhaíodh an-chuid ábhar bolscaireachta clóbhuailte le linn 2019 freisin agus bhí cuma agus éirim chomhsheasmhach tharraingteach le sonrú ar fud na mbróisiúr agus na mbileog go léir
- Le linn 2019, bhí margaíocht agus brandáil BOaO mar phríomhghné de shárthaispeántais éagsúla lena n-áirítear an taispeántas 'Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht' sa tSionainn i Márta 2019 agus Taispeántas Gairmeacha Printíseachta agus Oiliúna an Lár-Iarthair i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Ina theannta sin, bhí Rannán BOaO Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir páirteach freisin in imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta éagsúla chun seasamh BOaO a chur chun cinn le linn 2019. Seo thíos roinnt samplaí:

- **An tIonad BOaO, Campas na Sionainne – buaiteoir an Chomórtais Printíseachta Generation 2019:** Fógraíodh gurb iad foireann 41 printíseach agus ball foirne ó Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an BOO, Campas na Sionainne comhbhuaiteoirí Chomórtas Printíseachta Generation 2019 ar an Déardaoin, an 11 Aibreán 2019. Ba é SOLAS, an t-údarás náisiúnta breisoideachais agus oiliúna, a d'eagraigh an t-imeacht, a bhí ar siúl in Óstán an Clayton ar Bhóthar Burlington i mBaile Átha Cliath. Bronnadh an phríomhdhuais ar Champas na Sionainne agus ar CDS Architecture Metalwork.
- **Comórtas Cócaireachta Catex Chef Ireland 2019:** Is é CATEX an t-imeacht seirbhíse bia agus líonraithe is mó in Éirinn. Bíonn sé ar siúl gach bliain thar thréimhse trí lá san RDS i mBaile Átha Cliath agus mealltar suas le 12,000 cuairteoir chuige gach uile bhliain. Ba iad Marilena Gherbezan agus

Jose Mata, atá ina bPrintísigh sa chúrsa Commis Chef ar Leibhéal 6 in Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais an BOO, a rug an bonn ór leo ag Craobhchomórtas Cócaireachta Chef Ireland 2019 ag an taispeántas.

- **Gradaim Barr Feabhais sa Ghairmoideachas agus Oiliúint, Heilsincí:** Is é is cuspóir leis na Gradaim Barr Feabhais sa Ghairmoideachas agus Oiliúint, Heilsincí aird a dhíriú ar an dea-chleachtas agus aitheantas a thabhairt don tsármhaitheas sa Ghairmoideachas agus Oiliúint ar fud na hEorpa. Ba iad Tom Flavin agus Óstán an Strand i Luimneach, in éineacht leis an bprintíseach Jose Mata ó Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais an BOO, a bhuaigh Gradam Oiliúna agus Printíseachta FBM 2019 (An Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí) i Heilsincí i mí Dheireadh Fómhair 2019.
- Bhuaigh Foghlaimeoirí agus baill foirne BOaO an-chuid gradam eile in 2019, rud a dhíríonn aird ar ardchaighdeán fhoireann an BOO, agus ar na héachtaí atá déanta ag Foghlaimeoirí BOaO de chuid an BOO. Mar shampla, in 2019 bhronn Cumann na Múinteoirí Teicneolaíochta agus Innealtóireachta gradam ar Hope Shannon O'Brien, a bhíodh ag foghlaim le hÓgtheagmháil i gCampas an BOO ar Ascaill Uí Chonaill (agus atá ag staidéar faoi láthair i gColáiste Breisoideachais Luimnigh), as an toradh is airde a bhaint amach i measc na gcailíní a bhí ag gabháil don Innealtóireacht Ghnáthleibhéil san Ardteistiméireacht.

## An Feidhmeannas um Obair don Aos Óg

Is faoi choimirce an Stiúrthóra Scoileanna atá forbairt na Seirbhísí Oibre don Aos Óg i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Tá achoimre san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ina bhfuil sainmhíniú ar obair don aos óg mar atá leagtha amach san Acht um Obair don Aos Óg, 2001 ar phríomhról na hearnála reachtúla maidir le tacú le forbairt clár agus seirbhísí oibre don aos óg agus maidir le comhordú níos fearr le seirbhísí eile do dhaoine óga a chur chun cinn. Is é feidhm reachtúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, mar atá leagtha amach san Acht, ná tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin. Tá sé ina fhís ag Creat Beartais na hÉireann do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020 – Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile "go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil, agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo le barr a gcumais a bhaint amach anois agus sa todhchaí."

De réir Alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, bhunaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Coiste Oibre don Aos Óg, a dhéanfaidh moltaí leis an údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna.

*(j)* Tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin

*(k)*Measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá an Clr Ciarán O'Hanlon ina chathaoirleach ar an gCoiste um Obair don Aos Óg, agus tá ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas air:

- Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir – Triúr Ionadaithe
- Seirbhís Óige Luimnigh
- Seirbhís Óige an Chláir
- Banóglaigh na hÉireann (ball neamhvótála)
- Foróige (Bainisteoir Cheantar an Deiscirt) (ball neamhvótála)
- Gasóga na hÉireann
- TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Rannán an Chláir den Gharda Síochána
- Comhairle na nÓg an Chláir – beirt bhall (vóta ag duine acu)
- Comhairle na nÓg Luimnigh – beirt bhall (vóta ag duine acu)
- Fóram Óige Chathair Luimnigh

Agus í ag comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla maidir le hobair don aos óg, bíonn Foireann Oifigeach Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag obair i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí tábhachtacha éagsúla, idir dheonach agus reachtúil, a bhfuil ról acu maidir le seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga sa réigiún.

## Buaicphointí na hOibre don Aos Óg in 2019:

Cuid mhór d'fheidhm na hOibre don Aos Óg a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2019 ab ea **Uirlis Próifíle Ceantair** i leith réigiún Luimnigh agus an Chláir a thabhairt chun críche. Is próifíl shochdhéimeagrafach de réimse feidhme an údaráis atá i gceist agus rinneadh í mar chuid den ullmhúchán a rinne an BOO chun páirt a ghlacadh i Scéim UBU, 'Your Space Your Place' (a bheidh le seoladh i lár 2020). Bhí an phróifíl, a sholáthraíonn léargas cuimsitheach ar staid shocheacnamaíoch daoine óga sa réigiún, ina bunús le Tuairisc Riachtanais Seirbhíse. Bhí an Tuairisc sin dírithe ar staid agus riachtanais áirithe na ndaoine óga i bpobail faoi mhíbhuntáiste, agus tugadh cuireadh d'eagraíochtaí óige freagairt do na riachtanais sin le cur chuige oibre don aos óg.

Tá an **Scéim UBU 'Your Space Your Place'** curtha in áit na scéimeanna SPY, YPFSF agus an Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí, agus is é an tionscnamh nua atá ag RLGÓ é chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag daoine óga faoi mhíbhuntáiste. Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige go foirmiúil í i mí na Nollag 2019. Leanfar le feidhmiú iomlán na Scéime go 2020.

Sa dara ráithe de 2019, cheap an BOO comhordaitheoir don **Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach**. Is é aidhm an tionscnaimh sin de chuid Éire Ildánach, atá ar cheann de thrí thionscnamh ar fud na tíre, an bheocht a chur faoin mbuntogra go mbíonn cruthaitheacht an duine agus an phobail spreagtha ag an rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht chultúrtha, agus go dtéann sin i bhfeidhm go mór ar fholláine agus éachtaí an duine agus na sochaí dá réir. Ó ceapadh an comhordaitheoir, is iomaí comhairliúchán atá déanta le grúpaí daoine óga agus eagraíochtaí agus beidh siadsan ina mbunús ag beartas agus pleanáil chun cláir chruthaitheacha a sholáthar lena bhfeabhsófar agus a shaibhreofar saol daoine óga sa réigiún.

Rinneadh **roinnt athruithe ar an bhfoireann in 2019** nuair a ceapadh Stiúrthóir Scoileanna nua. Cuid den ról sin is ea bainistíocht a dhéanamh ar an bhFeidhm um Obair don Aos Óg atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Ghlac ball amháin d'fhoireann na nOifigeach Óige post dhá bhliain leis an Roinn Dlí in Ollscoil Luimnigh agus beidh an té sin páirteach i bhfoireann a bheidh i gceannas ar thaighde beartas a bheidh bunaithe ar fhianaise a fhorbairt i réimse na coireachta i measc an aosa óige in Éirinn. Líonadh an post sin mar Oifigeach Óige go sealadach i mí Lúnasa.

In 2019, rinne an BOO **scéimeanna maoinithe** a riar thar ceann RLGÓ, lena n-áirítear Maoiniú Caipitil: €117,757, Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla: €126,525 agus Maoiniú LADTI: €7,000. Ina theannta sin, rinne an BOO breis agus €1.9 milliún a riar do 26 tionscadal Oibre don Aos Óg ar fud an Lár-Iarthair.

Sa ráithe dheireanach de 2019 críochnaíodh an chéim dheiridh sa phróiseas **chun maoiniú** agus bainistíocht gach maoinithe spriocdhírithe don óige a sholáthraíonn RLGÓ a aistriú chuig an BOO. Roimhe sin, bhíodh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag déanamh bainistíocht ar mhaoiniú nach beag d'idirghabhálacha oibre don aos óg a soláthraíodh sna réigiúin. Anois agus an t-aistriú sin tugtha chun críche, is é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a riarfaidh gach maoiniú spriocdhírithe ó RLGÓ a thacaíonn le cláir arna soláthar ag eagraíochtaí áitiúla oibre don aos óg ó thús na bliana 2020.

Sa dara leath de 2019, rinne an BOO óstáil ar John Gilbane, Príomhoifigeach Cúnta in RLGÓ, mar chuid de chomhairliúchán náisiúnta na Roinne le BOOnna maidir le fócas agus treo na mbeartas agus na gclár reatha.

Bhí an Fhoireann Oibre don Aos Óg ag obair le sainchomhairleoir seachtrach chun dianphíosa taighde a dhéanamh ar mhaithe le mapáil a dhéanamh ar sheirbhísí agus **grúpaí óige LADTI+** atá ann faoi láthair agus sonraí a thiomsú faoin gcaoi a ndéantar na seirbhísí sin a fhógairt agus a chur in iúl do dhaoine óga sa réigiún. Leagadh béim sa tuarascáil ar a lán rudaí dearfacha ach dúradh inti freisin gur mhórcheist bhunúsach é an stiogma mór atá fós ag gabháil le LADTI+ agus go raibh díospóireachtaí eile sa ghrúpa fócais bunaithe ar an gceist sin. Sonraíodh gur féidir leis na noirm chultúrtha agus shochaíocha atá leabaithe i sochaí na hÉireann, agus an stiogma a ghabhann leo, a bheith ina mbacainn mhór ar dhaoine óga LADTI+. Deirtear sa tuarascáil gur cosúil go bhfuil stiogma LADTI+ níos measa i gceantair áirithe agus laistigh de phobail áirithe.

Bhí foireann an BOO um Obair don Aos Óg agus an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach ag obair le chéile chun **Future Film Makers** a fhorbairt – is clár é sin do dhaoine óga ar spéis leo gairmeacha a bheith acu i léiriúchán scannán agus teilifíse sa Lár-Iarthar. Tá an clár bunaithe ar chur chuige céim ar chéim maidir leis na bunscileanna a fhoghlaim atá ag teastáil chun tabhairt faoi phost sa tionscal cruthaitheach seo a bhfuil borradh mór faoi, lena n-áirítear: tús eolais maidir le prapaí a dhéanamh, ceamaradóireacht, smideadh maisíochta agus obair amuigh ar an suíomh. Leanfaidh an clár sin ar aghaidh in 2020.

## Aguisín 1
## Creat Monatóireachta agus Meastóireachta: Tuarascáil Bhliantúil 2019 – Nuashonrú maidir le Soláthar Seirbhíse

Faoi Alt 28 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ceanglaítear ar BOOnna, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a bhfeidhmeanna i rith na bliana díreach roimh an mbliain ina ndéanfar an tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire. Tá foilsiú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais ina phríomhléiriú ar an chuntasacht phoiblí i gcás BOOnna. Deimhníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos sa Chód faoi láthair ina chleachtais agus ina nósanna imeachta rialachais. Leagtar amach i bplean seirbhíse bliantúil an BOO na seirbhísí a bheartaíonn an bord a sholáthar mar aon le meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an bhoird i leith na bliana airgeadais sin (Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013). Léirítear sa tábla seo a leanas an dul chun cinn a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (an BOO) in 2019 maidir le cur chun feidhme na ngealltanas a leagtar amach i bPlean Seirbhíse an BOO i leith 2019.

| Sprioc Straitéiseach 1 – Eispéireas Ardcháilíochta do Mhic Léinn, Scoláirí agus Foghlaimeoirí<br>**Aidhm: Deiseanna cuimsitheacha ardchaighdeáin a sholáthar maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, shóisialta, eacnamaíocha agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobal. Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama agus teagaisc den chaighdeán is airde le fáil ar fud ár scoileanna, ionad agus clár.** | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | An gealltanas a thugtar i bPlean Seirbhíse 2019 | Éachtaí in 2019 |
| 1.1 Leanúint ar aghaidh ag feabhsú thaithí na mac léinn trí mheasúnú, soláthar curaclaim leathanbhunaithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí breise agus comhchuraclaim) mar aon le tacaíochtaí réamhghníomhacha agus coisctheacha do mhic léinn. | 2019: Leanúint le cur i bhfeidhm an phríomhthionscnaimh foghlama agus teagaisc lena dtacaítear le scoileanna le Féinmheastóireacht Scoile agus Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus Pleanáil DEIS. | Rinne Rannán Scoileanna an BOO leathnú ar chur i bhfeidhm an tionscnaimh ceannairí curaclaim faoina dtacaítear le scoileanna le Féinmheastóireacht Scoile, Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus Pleanáil DEIS. Le tuarascálacha de chuid Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna a foilsíodh le linn 2019, rinneadh comhlánú ar an tacaíocht sin do scoileanna. |
| | Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag tacú le tabhairt isteach na Ríomheolaíochta don Ardteistiméireacht mar ábhar in dhá iar-bhunscoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna in 2019. | Tugadh isteach an Ríomheolaíocht don Ardteistiméireacht ar bhonn céimnithe i mí Mheán Fómhair 2018 agus beidh an t-ábhar sin faoi scrúdú den chéad uair in 2020. Níl an t-ábhar sin ar fáil do scoláirí Ardteistiméireachta ach sna scoileanna atá páirteach sa chéim atá ar bun faoi láthair.<br>Lean BOO ar aghaidh ag tacú le tabhairt isteach na Ríomheolaíochta don Ardteistiméireacht mar ábhar in dhá iar-bhunscoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna in 2019. |
| | Beidh an BOO ag obair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le trí scoil de chuid an BOO ina bhfuil clár píolótach ar bun maidir leis an gCorpoideachas. | Tugadh isteach sonraíocht nua don Chorpoideachas san Ardteistiméireacht ar bhonn céimnithe i mí Mheán Fómhair 2018 agus beidh an t-ábhar sin faoi scrúdú den chéad uair in 2020. Níl an t-ábhar sin ar fáil do scoláirí Ardteistiméireachta ach sna scoileanna atá páirteach sa chéim atá ar bun faoi láthair. Fágann sé sin go mbeidh an scrúdú san ábhar seo teoranta do scoláirí na scoileanna atá páirteach sa chéim atá ar bun faoi láthair i scrúduithe Ardteistiméireachta na mblianta 2020 agus 2021. Is éard atá san ábhar:<br>- scrúdú scríofa ceann cúrsa ar fiú 50% de na marcanna é,<br>- tionscadal gníomhaíochta coirp atá le déanamh faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga, ar fiú 20% de na marcanna é,<br>- measúnú feidhmíochta atá le déanamh faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga, ar fiú 30% de na marcanna é. |

| | | |
|---|---|---|
| | | - Déanfar na comhpháirteanna uile a mheas go seachtrach. Tabharfar an t-ábhar isteach ar fud na tíre do scoláirí Ardteistiméireachta a bheidh ag tabhairt faoin gcúrsa i Meán Fómhair 2020, agus beidh sé faoi scrúdú in 2022. Thacaigh an BOO le ceithre cinn dá scoileanna a roghnaíodh chun bheith san áireamh sa chéim in 2019. |
| | 2019: A bheith ag obair le ROS agus le Tascfhórsa Post Réigiúnach an Lár-Iarthair chun STEM a chur chun cinn | I mí Mheán Fómhair 2019, bunaíodh fóram nua do Threoirchomhairleoirí a bhíonn ag obair i scoileanna an BOO agus sna pobalscoileanna a bhfuil an BOO ina chomhphátrún orthu. Tháinig an grúpa sin le chéile ag tionscail éagsúla atá lonnaithe i Luimneach nó sa Chlár chun naisc níos mó a fhorbairt leis na tionscail sa réigiún agus leas a bhaint as na naisc sin. Tá an Rannán Scoileanna an-bhuíoch do Thascfhórsa Post an Lár-Iarthair as a chuid iarrachtaí i ndáil le bheith ag obair lena scoileanna chun feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht idir scoileanna agus lucht gnó, lucht tionscail agus an pobal taighde.<br>Faoin gComhpháirtíocht Tionscail agus Oideachais STEM, cuireadh clár ar fáil in éineacht le scoileanna de chuid an BOO sa réigiún: bhí an deis ag oideoirí, scoláirí agus teaghlaigh a bheith rannpháirteach in eispéiris STEM agus iad féin a thumadh iontu, agus ardaíodh feasacht daoine ar thábhacht STEM agus ar na deiseanna gairme atá ann sa réimse sin. Chuige sin, cothaíodh caidreamh le lucht gnó agus tionscail STEM, le scoileanna agus oideoirí, le hinstitiúidí breisoideachais agus ardoideachais, agus leis an bpobal STEM i gcoitinne. D'éirigh go hiontach leis an gcomhpháirtíocht i dtaobh cultúr comhoibrithe a chothú don fhoghlaim ghairmiúil in oideachas STEM.<br>An tionscadal píolótach nuálach faoin Oideachas STEM sin, atá ar an gcéad cheann dá chineál in Éirinn, tá obair cheannródaíocht á dhéanamh aige maidir le samhail a fhorbairt a bhféadfaí leas a bhaint aisti i dtionscnaimh agus fóraim ar fud na hÉireann agus i dtíortha eile. |
| | Leanfaidh an BOO ar aghaidh in 2019 ag forbairt an tionscnaimh cáilíochta do scoileanna maidir leis an gcorpoideachas | Tugadh tacaíocht do scoileanna in 2019 le raon tionscnamh maidir le cáilíocht an chorpoideachais ar fud na scoileanna. Áiríodh ina measc siúd comórtais cosúil le bollánóireacht, Laethanta Spóirt an BOO, comórtais idirscoileanna, cruinniú do mhúinteoirí corpoideachais agus gníomhaíochtaí ardú feasachta faoi stiúir múinteoir corpoideachais cáilithe a bhíonn ag obair le Foireann Tacaíochta an BOO. |
| | 2019: Leanfaidh Meitheal Oibre an BOO um Chumhdach ar aghaidh ag tacú le scoileanna agus le hionaid maidir le ceanglais um Chumhdach Leanaí a chomhlíonadh. | An Mheitheal Chomhairleach um Chumhdach: Tá baill sa mheitheal seo ón Rannán Scoileanna agus ón Rannán Breisoideachais agus Oiliúna. Tá sí fós ag tacú le cur i bhfeidhm Threoirlínte Tús Áite do Leanaí 2017 agus Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Mar chuid de sin, soláthraítear oiliúint do Theagmhálaithe Ainmnithe, tacaíocht agus treoir maidir le measúnuithe riosca, oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, mar aon le forbairt beartas agus acmhainní.<br><br>Ullmhaíodh cur i láthair caighdeánach do gach ball foirne agus dáileadh é ar na scoileanna go léir i mí Lúnasa 2019. Dírítear ann ar chumhdach leanaí agus ar nósanna imeachta maidir le tuairisciú éigeantach. |

| | | |
|---|---|---|
| | Ag teacht le Straitéis TFC 2017 -2020 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, beidh Rannóg TFC an BOO ag obair leis an Stiúrthóir Scoileanna agus leis an Stiúrthóir BOaO chun tacú lena scoileanna agus lena hionaid BOaO maidir leis an nuálaíocht dhigiteach. | Mar chuid dá Straitéis TFC 2017-2020, leanann an BOO ar aghaidh ag tabhairt a bhonneagair cothrom le dáta agus ag aistriú scoileanna an BOO chuig an bhfearann lcetb.ie chun WAN a chruthú. Lena chinntiú go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann san am atá le teacht, mar aon le rochtain ar fhaisnéis don fhoireann agus do na scoileanna/na hionaid go léir, rinne an BOO uasghrádú ar a shuíomh SharePoint, StaffCONNECT, in 2019.<br><br>Cruthaíodh suíomh nua scoileanna ar StaffCONNECT do gach scoil agus cruthaíodh suíomh de chuid an Rannáin Scoileanna freisin chun faisnéis a chomhroinnt agus a rochtain. Rinne an BOO nuashonrú ar an ngréasán iomlán, ar chóras oibriúcháin MS Windows 10, agus rinneadh é sin a chomhordú agus a fheidhmiú ar fud na heagraíochta iomláine. |
| | | An tArdán Caipitil agus Soláthair: Rinneadh Nósanna Imeachta, Treoirlínte etc. ar StaffCONNECT a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach in 2019 ionas go n-áireofaí leo na conarthaí reatha go léir, chun rochtain dhigiteach ar fhaisnéis ábhartha a éascú. |
| 1.1 Leanúint ar aghaidh ag feabhsú thaithí na mac léinn trí mheasúnú, soláthar curaclaim leathanbhunaithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí breise agus comhchuraclaim) mar aon le tacaíochtaí réamhghníomhacha agus coisctheacha do mhic léinn. | Le linn 2019, leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh ag cur chun cinn cineálacha chuige curaclaim agus forbartha clár lena chur ar a chumas dó a sholáthar a chur in oiriúint chun freastal ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí, fostóirí agus pobail, agus tosaíocht a thabhairt do phríomhréimsí scileanna réigiúnacha agus náisiúnta. | Chuir an Rannán BOaO soláthar cáilíochta (lánaimseartha agus páirtaimseartha) ar fáil do níos mó ná 25,310 duine in 2019. Chuir sé 2,617 babhta cúrsa ar fáil in 2019 in 33 ionad, i thart timpeall 300 áit ar fud Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Ba í an Phrintíseacht Náisiúnta Ghruagaireachta an chéad chlár printíseachta sa tír ina ndearnadh foghlaim chumaisc a chomhtháthú ar fud gach ceann de na 22 modúl atá sa chlár trí bliana in 2019. Faoin bpróiseas forbartha curaclaim, rinneadh FCT a leabú sa dearadh curaclaim agus forbraíodh www.hairapp.ie, timpeallacht foghlama fíorúla (TFF) agus ardán ríomhphunann ar an leibhéal náisiúnta don Phrintíseacht, ag baint úsáid as Moodle agus Breiseáin Moodle de réir mar ba chuí.<br><br>Le linn 2019, d'éirigh le hiarratas an BOO ar mhaoiniú CTIC. Bhí an t-iarratas sin faoin Tionscadal CTIC 'Barr Cumais a Bhaint Amach' bunaithe ar chomhairliúchán fairsing le tionscadail chomhpháirtíochta an BOO agus ar thaithí an BOO féin maidir le curaclam a fhorbairt agus a mhúineadh d'imircigh. |
| | Cuirfidh Rannán BOaO an BOO i bhfeidhm bearta na bliana 2019 ón Straitéis Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta sa Bhreisoideachais agus san Oiliúint 2016-2019. Tá an Plean Gníomhaíochta um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta in 2019 dírithe go háirithe ar Fhorbairt Ghairmiúil Foirne – áirítear leis na tionscnaimh freagraí áitiúla a cheapfar agus a sholáthrófar chun freastal ar riachtanais lárnacha, agus tús na gClár Píolótach maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. | Cuireadh i bhfeidhm roinnt treoirthionscadal ar bhonn riachtanais a sainaithníodh sa réigiún in 2019, agus cineálacha cur chuige nua maidir le Teagasc agus Foghlaim á n-úsáid. Áiríodh ar an 20 tionscadal sin Réaltacht Mhéadaithe (e.g. Táthú Soldamatic), Teicneolaíochtaí Cúnta/Tacaíochta (Pinn Léitheoireachta, Reading Horizons, BKSB etc.), Taifeadadh Móibíleach ar Mheasúnú (GoPros sa Staidéar Eachaíochta), dróin a úsáid ar chlár Grianghrafadóireachta etc.<br><br>FGL leanúnach chun tacú le Córais FCT agus BOO a chur i bhfeidhm – Cluichíocht san Fhoghlaim, Meantóireacht FCT, Uirlisí FCT don Teagasc agus don Fhoghlaim, Moodle (Bunleibhéal, Meánleibhéal agus Ardleibhéal) etc.<br><br>Suaitheantas digiteach an Fhóraim Náisiúnta Múinteoireachta agus Foghlama ar Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim, ag obair le hOifigeach um Fhorbairt Ghairmiúil agus leis an bhFeidhm um Ionchuimsiú Gníomhach (i gcomhar le AHEAD agus leis an Oifig Teicneolaíochta Oiriúnaithí in Ollscoil Luimnigh). |

| | | |
|---|---|---|
| | | Rannpháirtíocht i gCláir Náisiúnta FCT ar Leibhéil 6,7 agus 8. Tá triúr ball den tSeirbhís Tacaíochta FCT ag gabháil don Chlár Leibhéal 8. |
| | Le linn 2019, beidh Rannán BOaO an BOO ag plé leis an bPlean Gníomhaíochta chun Printíseachtaí agus Oiliúint a Leathnú in Éirinn 2016-2020 trí chláir nua a fhorbairt agus a sholáthar. | Baineadh amach cloch mhíle thábhachtach do Rannán BOaO an BOO in 2019 nuair a rinneadh bailíochtú ar an bPrintíseacht Náisiúnta Ghruagaireachta dá chuid mar phrintíseacht reachtúil faoin Acht Oiliúna Tionscail, 1967, an chéad chaighdeán a aithnítear go náisiúnta don tionscal gruagaireachta. Fuair an BOO cead ó SOLAS chun Printíseacht Náisiúnta Ghruagaireachta a fhorbairt i mí na Nollag 2017. Faoi Dheireadh Fómhair 2019 bhí an clár bailíochtaithe ag QQI agus rinneadh an tOrdú Oiliúna Tionscail (An Tionscal Gruagaireachta), I.R. Uimh. 512/2019. Faoin ionstraim reachtúil sin, bunaíodh an Phrintíseacht Náisiúnta Ghruagaireachta mar phrintíseacht reachtúil faoin Acht Oiliúna Tionscail, 1967. Is é an Clár Náisiúnta Printíseachta Gruagaireachta an chéad phrintíseacht 'iar-2016' a d'fhorbair earnáil na BOOnna ar moladh é a fhaomhadh gan aon choinníollacha bailíochtaithe ar leith. http://hairdressingapprenticeship.ie/<br><br>In 2019, d'fhógair an BOO 'Bealaí chun Printíseachta' – tionscnamh nua faoina gcuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil ar féidir le rannpháirtithe tabhairt fúthu roimh phrintíseacht. Ar na cúrsaí sin, múintear scileanna riachtanacha chun cabhrú le rannpháirtithe rochtain a fháil ar phrintíseacht iomlán agus aistriú chuici. Ar an gcuma chéanna ó thaobh struchtúir de, cuirtear cúrsaí 'Bealaí chun Printíseachta' ar fáil in éineacht le hoiliúint ag an obair ó fhostóir agus oiliúint lasmuigh den obair i gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna. Nuair a chríochnaíonn foghlaimeoirí cúrsa 'Bealaí chun Printíseachta', bronntar Teastas Mórdhámhachtana Leibhéal 5 (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) orthu. Is teastas é sin a aithnítear ar an leibhéal idirnáisiúnta. |
| | Cinnteoidh Rannán BOaO an BOO go gcuirfear oiliúint agus tacaíochtaí ar fáil ionas go gcomhlíonfaidh an Fheidhm Sholáthair agus Tacaíochta BOaO don Óige na nósanna imeachta um chumhdach leanaí a tugadh cothrom le dáta le déanaí, ina gcuirtear san áireamh na ceanglais nua tuairiscithe agus cosanta leanaí atá i bhfeidhm ar bhonn sainordú reachtúil. | In 2019 rinne an tOifigeach Forbartha Gairmiúla BOaO anailís ar riachtanais oiliúna agus d'eagraigh an té sin seisiúin oiliúna shaincheaptha ar Chumhdach, Cosaint Leanaí agus Cumhdach Daoine Fásta Leochaileacha. D'fhreastail 149 duine ar na seisiúin oiliúna. |
| 1.2 Tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionad féin-mheastóireacht a dhéanamh agus a chinntiú go gcuirtear córais dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ar fud Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun na caighdeáin oideachais, oiliúna agus eitice is airde a choinneáil. | Le linn 2019, tacóidh an BOO le scoileanna maidir leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm agus le hullmhú don Mheastóireacht Scoile Uile agus do mheastóireachtaí ábhair tríd an tionscnamh um Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh, faoina leanfar ar aghaidh freisin ag cur comhoibriú gairmiúil idir múinteoirí chun cinn.<br><br>Le linn 2019 leanfaidh an BOO ag déanamh meastóireacht ar thionchar an tionscnaimh sin ar eispéiris agus torthaí foghlama na scoláirí agus ar chleachtas comhoibritheach na múinteoirí. | Le linn 2019, thacaigh an BOO le scoileanna maidir leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm agus le hullmhú i gcomhair Meastóireacht Scoile Uile (MSU) agus meastóireachtaí ábhair trí chuairteanna a thug an Stiúrthóir Scoileanna ar scoileanna, trí chruinnithe le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, cruinnithe leis an gCigireacht, agus tríd an tionscnamh um Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh, faoina gcuirtear chun cinn an comhoibriú gairmiúil idir múinteoirí.<br><br>Ina theannta sin, thacaigh an fheidhm um Fhoghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú lonchuimsitheach a Stiúradh le scoileanna chun feabhas a chur ar na caighdeáin a bhaineann le heispéireas na scoláirí agus iad ar scoil agus chun idirphlé gairmiúil a chothú i measc na mball foirne i scoileanna an BOO. |

| | | |
|---|---|---|
| | Cinnteoidh an BOO go mbeidh deiseanna ag gach ball foirne teacht ar oiliúint agus ar thacaíochtaí a theastaíonn chun an reachtaíocht nuashonraithe a chomhlíonadh lena n-áirítear RGCS agus na ceanglais reachtúla nua maidir le tuairisciú agus cumhdach leanaí. Forbraíodh córas oiliúna ar líne in 2018 i gcomhar le BOOÉ agus Rannán BOaO an BOO agus leanfar á chur i bhfeidhm in 2019. Beidh sé ina chuid den phróiseas ionduchtaithe do bhaill foirne nua in 2019. | Éascaíodh don oiliúint RGCS don fhoireann go léir trí Moodle agus trí mhodúl oiliúna ar líne ar leithligh atá á óstáil ag BOOÉ. Breathnaíodh ar oiliúint ar Shláinte agus Sábháilteacht trí Sytorus (Inneall Príobháideachta) agus cuirfear i bhfeidhm an oiliúint sin in 2020. |
| | Mar chuid de Straitéis TFC an BOO 2017 -2020, soláthróidh sé deiseanna comhoibrithe lena gcuimsítear ardáin ar líne, agus an córas SharePoint StaffCONNECT atá ag BOO ina measc, chun tacú lena scoileanna agus lena ionaid maidir le féinmheastóireacht agus lena chinntiú go gcuirfear córais dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ar fud an BOO. Le linn 2019, áireofar leis sin feidhmiú Office 365 agus aistriú chuig córas oibriúcháin Windows 10 freisin. | D'éascaigh agus chomhordaigh an Rannóg FC d'fheidhmiú chur chuige tionónta Microsoft Office 365 don BOO in 2019. Ina theannta sin, tugadh rochtain do gach mac léinn agus scoláire ar Office 365 agus uasghrádaíodh iad chuig ceadúnais A3, rud a thugann an rogha dóibh Office a shuiteáil ar ghléas baile.<br><br>Críochnaíodh feistiú mór TFC in 2019 le haghaidh síntí nua a cuireadh as foirgnimh i gColáiste Iósaef, Cill Mocheallóg agus i gColáiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, chomh maith leis an Ionad BOaO, Campas Chluain Ráda, Inis. Bhí réitigh Wi-Fi á gcur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach do scoileanna agus ionaid de chuid an BOO. |
| | | In 2019, thosaigh an Rannóg Caipitil agus Soláthair ag cur isteach tairiscintí leictreonacha nuair ab fhéidir é. |
| | Le linn 2019, cuirfidh Rannán BOaO an BOO bearta i bhfeidhm ó Phlean Féinmheastóireachta Feidhmiúcháin agus Feabhsúcháin Dearbhaithe Cáilíochta na BOOnna (QQI). | Le linn 2019, rinne an BOO bunú foirmiúil ar Struchtúir Rialachais um Breisoideachas agus Oiliúint, ag féachaint don Dearbhú Cáilíochta, lena n-áirítear Comhairle Cáilíochta, an Fo-ghrúpa um Rialachas Cláir agus an Fo-ghrúpa Dearbhaithe Cáilíochta a bhunú<br><br>Dearadh próiseas inmheánach cumarsáide agus féinmheastóireachta don Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta (QQI) in 2019 agus cuirfear é sin i bhfeidhm in 2020.<br><br>Fuair an BOO cead ó SOLAS chun Printíseacht Náisiúnta Ghruagaireachta a fhorbairt i mí na Nollag 2017. Faoi Dheireadh Fómhair 2019 bhí an clár bailíochtaithe ag QQI agus rinneadh an tOrdú Oiliúna Tionscail (An Tionscal Gruagaireachta), I.R. Uimh. 512/2019. Faoin ionstraim reachtúil sin, bunaíodh an Phrintíseacht Náisiúnta Ghruagaireachta mar phrintíseacht reachtúil faoin Acht Oiliúna Tionscail, 1967.<br><br>D'óstáil Seirbhís Tacaíochta Dearbhaithe Cáilíochta BOaO sraith seimineár i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2019, chun an fhoireann a chur ar an eolas agus a threorú faoi na Nósanna Imeachta Measúnaithe (leagan aonair) nua. |

| | | |
|---|---|---|
| | Beidh Rannán BOaO an BOO ag obair le QQI in 2019 ar chur chuige agus samhail earnála nua de chuid an BOO a fhorbairt agus a fheidhmiú i ndáil le forbairt, measúnú agus bailíochtú curaclam agus clár. | Tugadh isteach Nósanna Imeachta agus Próisis nua um Measúnú ar Dhearbhú Cáilíochta BOaO in 2019 in éineacht le lámhleabhair shonracha BOaO a ullmhaíodh ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le scríbhneoireacht agus tagairtí a dhéanann lucht léinn. Forbraíodh nósanna imeachta measúnaithe nua maidir le socrú réasúnach agus breithniú atruach chun tacú le hionchuimsiú. |
| | Beidh Rannán BOaO an BOO ag féachaint ar thorthaí an BOOÉ maidir leis an gclár píolótach a reáchtáladh in 2019 maidir leis an tSamhail agus an Próiseas um Modhnóireacht/Fíordheimhniú Seachtrach in earnáil na BOOnna. | Cuireadh i bhfeidhm leagan aonair den Nós Imeachta Painéil um Fhaomhadh Torthaí i Rannán Breisoideachais agus Oiliúna an BOO do thréimhse dheimhniúcháin mhí na Nollag 2019. |
| 1.3 Forbairt an mhic léinn/an fhoghlaimeora mar dhuine aonair a chothú agus tacaíochtaí a fhorbairt do dhaltaí nó d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, d'fhonn a n-acmhainneacht a uasmhéadú ag gach céim den phróiseas foghlama. | Bunaíodh an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach BOaO in 2018, agus beidh creat agus plean gníomhaíochta i bhfeidhm in 2019 chun nasc a dhéanamh ar fud an tsoláthair agus chun triail a bhaint as cineálacha cur chuige malartacha maidir le hionchuimsiú sóisialta.<br>Le linn 2019, forbróidh Rannán BOaO an BOO gníomhaíochtaí for-rochtana feabhsaithe ag príomhphointí aistrithe i gceantair ard-dífhostaíochta agus tacóidh sé leis na gníomhaíochtaí sin chun cur leis an rochtain atá ag grúpaí tearc-ionadaithe sa phobal ar Sholáthar BOaO an BOO agus chun cur leis an leas a bhaineann siad as an soláthar sin. Beidh na tionscadail phíolótacha dírithe ar an méid seo a leanas:<br>- For-rochtain agus Rochtain<br>- Aistrithe: cuir chuige a fhorbairt ar fud Rannán BOaO an BOO maidir le tacú le haistrithe a dhéanann foghlaimeoirí<br>- Tionscadail Phíolótacha atá dírithe ar earnálacha ar leith, dóibh siúd ar mian leo a bheith ag obair in earnálacha sonracha lena n-áirítear an timpeallacht thógtha, fáilteachas agus Bealaí chun Printíseachta. | In 2019, dhírigh an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach ar thrí réimse leathana lena n-áirítear tionscadail phíolótacha sainchuspóra, tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí agus forbairt agus cur i bhfeidhm raon beartas agus nósanna imeachta atá ceaptha chun comhionannas agus ionchuimsiú gníomhach a chur chun cinn.<br><br>Ceapadh Oibrí Acmhainne lánaimseartha don tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg in 2019. Mar chuid den obair sin, téitear i dteagmháil leis na pobail áitiúla chun earcaíocht a fheabhsú, agus bítear ag obair i ndlúthpháirt le foghlaimeoirí atá i mbaol chun tacú leo fanacht ag gabháil do BOaO. Cheap an AISS múinteoir innealtóireachta leath-ama freisin a bheidh ag obair faoin Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG), chun Scileanna Innealtóireachta Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 QQI a mhúineadh. Rinneadh dul chun cinn maith in 2019 maidir le comhpháirtíochtaí le Turas Nua agus Intreo a neartú.<br><br>Cuireadh roinnt seisiúin faisnéise ar fáil in oifigí de chuid Turas Nua agus Intreo i Luimneach agus sa Chlár agus cláraíodh cuid mhaith foghlaimeoirí dífhostaithe ar chúrsaí BOaO. Rinne an fheidhm um sholáthar SDOG, atá lonnaithe san Ionad BOaO, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, iarracht mhór foghlaimeoirí nua a mhealladh lena n-áirítear teagmháil le pobail áitiúla (oibrí AISS), chomh maith le fógraí sa Limerick Post agus sa Limerick Leader. Baineadh an-úsáid as roinnt ardáin meán sóisialta freisin le haghaidh fógraíocht agus earcaíocht a dhéanamh. |

| | | |
|---|---|---|
| | Le linn 2019, leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh ag feidhmiú agus ag leabú an Chreata Comhtháthaithe Teanga, Litearthachta agus Uimhearthachta ar fud gach soláthair BOaO trí bhearta na bliana 2019 a chur i bhfeidhm, ina mbeidh fócas ar leith ar mheasúnú tosaigh litearthachta agus uimhearthachta a dhéanamh ar gach foghlaimeoir BOaO. | D'óstáil Rannán BOaO an BOO Comhdháil Idirnáisiúnta um Fhoghlaim Teaghlaigh dar teideal 'Valuing Parents – Linking Policy and Practice' ar an 28 agus 29 Márta 2019.<br><br>Rinne an Fhoireann um Fjeidhmiú an Chreata Comhtháthaithe cion maidir le tionscadail taighde agus forbartha náisiúnta de chuid BOOÉ agus SOLAS in 2019 trí fhreagra a thabhairt ar cheistneoirí agus trí ghrúpaí fócais áitiúla ó na taighdeoirí a éascú. Ina measc siúd, bhí:<br>- Tuarascáil taighde de chuid SOLAS-BOOÉ-NALA agus treoirlínte um Fhoghlaim Teaghlaigh<br>- Treoirlínte Dea-Chleachtais a Fhorbairt sa Bhreisoideachas agus Oiliúint (BOaO) maidir le Scagadh agus Measúnú a dhéanamh ar Litearthacht agus Uimhearthacht ar Leibhéil 4-6 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, Treoirlínte dea-chleachtais agus foireann uirlisí a fhorbairt chun measúnú tosaigh a dhéanamh ar an inniúlacht atá ag imircigh atá ag foghlaim Béarla<br>- Tionscadal Taighde Uimhearthachta de chuid SOLAS<br><br>Bhí Seirbhís an Rannáin BOaO um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) agus an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (AISS) ag obair le chéile chun líonra Mol Foghlama Féin-Rochtana a fhorbairt sna campais mhóra laistigh de Rannán Breisoideachais agus Oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Dhá ghné atá i gceist sa chur chuige sin: neartú a dhéanamh ar an bhfoireann tacaíochta foghlama ar champais mhóra de chuid an BOO, agus moil foghlama féin-rochtana a fhorbairt. Le linn 2019, chuir FCT agus AISS sraith teicneolaíochtaí tacaíochta cúnta agus foghlama ar fáil chun tacú le foghlaimeoirí rochtain a bheith acu ar gach clár i sé champas ainmnithe BOaO. Ina theannta sin, cuireadh baill foirne a bhíonn ag plé le FCT agus Tacaíocht Foghlama ag obair san Ionad BOaO i gCampas Bhóthar Chill Mocheallóg agus san Ionad BOaO i gCampas an Ráithí, chun an tionscnamh a chur i bhfeidhm. |
| | Le linn 2019, beidh an BOO ag obair le ROS, le seirbhísí tacaíochta na Roinne sin agus le foireann inmheánach seirbhísí oideachais an BOO ar Fholláine na Scoláirí a chur chun cinn. Glacfaidh dhá scoil de chuid an BOO páirt i gclár píolótach ar rannpháirtíocht scoláirí. | Chuir an BOO tacaíocht ar fáil dá chuid scoileanna chun cuidiú le scoláirí a bhfuil an baol ann go mbeidís faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, trí bhaill foirne ó Fhoireann Tacaíochta an BOO a shannadh chun cuairt a thabhairt ar scoileanna agus treoir agus tacaíocht a thairiscint maidir le straitéisí chun cabhrú le scoláirí a choinneáil ar scoil agus lena leibhéal rannpháirteacha. Thacaigh an Fhoireann Tacaíochta le baill foirne na scoileanna le cláir ar nós 'Check and Connect'. Bhí Jigsaw ag obair le sé cinn dár scoileanna chun an tionscnamh 'One Good School™' a chur i bhfeidhm chun cur le rannpháirtíocht na scoláirí. |

| | | |
|---|---|---|
| | I rith na bliana 2019, beidh gach ceann de na rannóga laistigh den Stiúrthóireacht um Fhorbairt agus Tacaíocht Eagraíochta de chuid BOO (Airgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Caipiteal agus Soláthar, agus Seirbhísí Corparáideacha) ag obair i gcomhar leis an Stiúrthóir Scoileanna agus an Stiúrthóir BOaO lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoil agus gach ionad BOaO ar na hacmhainní (airgeadais, bonneagair agus pearsanra) a chuirfidh ar a gcumas dóibh Beartas agus Cleachtas ROS a chur i bhfeidhm. | Mar chuid den infheistíocht leanúnach a dhéanann an BOO i mbonneagar oideachais, rinneadh caiteachas caipitil €19.1m i scoileanna agus in ionaid ar fud Luimnigh agus an Chláir in 2019. Rinneadh caiteachas breise thart ar €1m ó acmhainní an BOO féin, rud a d'fhág go raibh an infheistíocht iomlán sa bhonneagar os cionn €20m in 2019.<br><br>Ag obair di i gcomhar le Rannán Scoileanna agus Rannán BOaO an BOO, rinne an Rannóg Acmhainní Daonna bainistíocht ar earcú agus roghnú pearsanra chun seirbhísí a sholáthar do scoláirí agus d'fhoghlaimeoirí an BOO agus tacú leo, agus í á chinntiú gur cloíodh leis an dea-chleachtas agus gur comhlíonadh oibleagáidí reachtúla le linn 2019. |
| 1.4 Freagraí cuí a fhorbairt a chomhlíonfaidh riachtanais phearsanta, shóisialta agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobail. | Tabharfar tacaíocht do scoileanna maidir le cleachtais ionchuimsitheacha scoile a fhorbairt.<br><br>Leanfar ag tacú le pobal cleachtais na Foirne Tacaíochta do Scoláirí. Foilseofar acmhainní tacaíochta do scoileanna maidir le Struchtúir na Foirne Tacaíochta do Scoláirí agus teagmhais chriticiúla. | Tacaíodh le scoileanna maidir le cleachtais ionchuimsitheacha scoile a fhorbairt in 2019 trí athbhreithniú, leasú agus daingniú beartas agus nósanna imeachta iontrála lena gcuirtear an éagsúlacht chun cinn.<br><br>Cuireadh oiliúint ar Chomhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Scoláirí agus tugadh treoir dóibh maidir le tacú le scoláirí agus baill foirne ar leibhéal na scoile. Soláthraíodh oiliúint le haghaidh baill foirne nua sna Foirne Tacaíochta do Scoláirí agus rinneadh oiliúint bhreise a chur in oiriúint d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí a bhí bunaithe cheana. Fuair na Foirne Tacaíochta treoir ábhartha ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais maidir le freagairt do Theagmhais Chriticiúla. Forbraíodh tacaíochtaí digiteacha mar aon le faisnéis agus treoir chun tacú le baill foirne – seoladh suíomh tiomnaithe SharePoint ar StaffCONNECT agus rannán comhairle do Thuismitheoirí/Caomhnóirí ar www.LCBOOschools.com freisin. |
| | Leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh ag soláthar raon tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí in 2019 (e.g. atreorú chuig gníomhaireachtaí eile, tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, socrúcháin, etc.), chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní maidir le rannpháirtíocht, coinneáil leis an bhfoghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh. | Rochtain ar Thacaíocht Síceolaíochta: Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ag AISS maidir le seisiúin rúnda comhairleoireachta síceolaíochta, duine le duine, atá dírithe ar réiteach a sholáthar ar bhonn in aghaidh na huaire, ar bhonn laethúil nó ar bhonn seachtainiúil, ag brath ar riachtanais na nIonad BOaO. Tá rochtain ar chomhairleoireacht ina cuid amháin den raon acmhainní agus tacaíochtaí ba chóir/a d'fhéadfaí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí an BOO lena n-áirítear cláir folláine/scileanna staidéir/ionduchtú/scíth agus ranganna faoi bhainistíocht struis.<br><br>Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas: Chomh maith leis an gciste míchumais atá ar fáil do lucht iarArdteistiméireachta chun tacú le foghlaimeoirí faoi mhíchumas, tá an AISS ag baint triail as samhail phíolótach tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas trí SDOG. Thug na baill foirne chuí faoin Oiliúint um Measúnú Riachtanas le AHEAD agus faoi sheisiúin mheantóireachta leantacha leis an Oifigeach Míchumais ó Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Tá prótacail curtha i bhfeidhm agus tá oiliúint bhreise curtha ar fáil maidir le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim agus Teicneolaíocht Oiriúnaitheach chun tacú leis an bhfoireann.<br><br>Le linn 2019, cuireadh iompar ar fáil do chláir éagsúla trí mhionbhusanna an BOO féin a úsáid nó cinn a fháil ar cíos chun tacú le foghlaimeoirí a bhí ag |

| | | |
|---|---|---|
| | | freastal ar chláir shonracha. Mar shampla, soláthraíodh maoiniú le haghaidh iompair chun cuidiú le foghlaimeoirí ón Ionad BOaO, Campas Chill Rois, agus iad ag freastal ar chúrsaí speisialaithe san Ionad BOaO ar Champas na Sionainne.<br><br>Tá Foireann Cúraim bunaithe ag an Ionad BOaO, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, chun cuidiú le foghlaimeoirí coinneáil leis an ngairmoideachas. Ar an bhfoireann sin tá an Comhordaitheoir Cúnta SDOG, an Treoirchomhairleoir, oibrí AISS agus an tOifigeach um Thacaíocht maidir le Freastal. |
| 1.5 Seirbhísí ardchaighdeáin faisnéise, treorach agus comhairleoireachta a chur ar fáil mar aon le seirbhísí tacaíochta do mhic léinn/foghlaimeorí ar fud ár scoileanna, ionaid agus cláir. | Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag obair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Sláinte agus Ranna Rialtais eile chun moltaí ón Tascfhórsa Náisiúnta ar Mheabhairshláinte na hÓige, ó Thionscadal Pathfinder ar Mheabhairshláinte na hÓige agus ón Straitéis 'Ag Nascadh don Saol' (2015–2020) a chur i bhfeidhm.<br>Déanfaidh an BOO meastóireacht ar thionscadal píolótach a rinneadh i sé scoil de chuid an BOO maidir le freagairt straitéiseach scoile uile d'oideachas ionchuimsitheach agus oideachas speisialta a stiúradh sna hiar-bhunscoileanna. Cuirfear i bhfeidhm céim 1 i gcomhpháirt le Coláiste Mhuire gan Smál. | Bhí an BOO ag obair i ndlúthpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), le TUSLA agus leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ó mhí an Mheithimh 2019 ar aghaidh chun moltaí an Tascfhórsa Náisiúnta ar Mheabhairshláinte na hÓige, an Tionscadal Pathfinder ar Mheabhairshláinte na hÓige agus an Straitéis 'Ag Nascadh don Saol' (2015–2020) a chur i bhfeidhm..<br><br>An tionscadal píolótach a bhí ar siúl i sé scoil de chuid an BOO maidir le freagra straitéiseach scoile uile a threorú ar oideachas ionchuimsitheach agus oideachas speisialta in iar-bhunscoileanna chéim 2, i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál, rinne an BOO leathnú air chuig gach ceann dá 18 scoil in 2019/2020.<br><br>Ceapadh príomhoide agus leas-phríomhoide ó scoileanna an BOO ar bhord na gCoistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga. Is príomhstruchtúr iad Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga a shainaithníonn an Rialtas chun seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga i ngach contae in Éirinn a phleanáil agus a chomhordú. Tá gach leanbh agus duine óg idir 0 agus 24 bliana d'aois faoina sainchúram. Is é aidhm na gCoistí sin comhordú agus comhoibriú éifeachtach idir gníomhaireachtaí a chinntiú chun na torthaí is fearr a bhaint amach do gach leanbh agus duine óg ina gceantar féin. |
| | Leanfaidh Rannán BOaO an BOO ag feidhmiú agus ag leabú Chreat Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach BOaO an BOO trí bhearta na bliana 2019 a chur i bhfeidhm. | Bíonn na foirne Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach i Luimneach agus sa Chlár ag obair le foghlaimeoirí d'fhonn bealaí chun cinn a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna de réir mar a thagann siad i gceist. Táthar tar éis moil faisnéise nua a oscailt i Luimneach agus in Inis, agus ar an suíomh gréasáin http://learningandskills.ie/contact/ treoraítear foghlaimeoirí chuig spás tairsí inar féidir leo coinní a chur in áirithe. Tá uimhir shaorghlao 1800 70 70 77 ann freisin dóibh siúd a bhfuil ceisteanna ginearálta acu. Le feachtais nua mhargaíochta agus fógraíochta tá leathnú déanta ar scaipeadh faisnéise chuig cohóirt éagsúla.<br><br>Le linn 2019, chomhoibrigh an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar a cuid oibre le FSRLI agus le Rannán Scoileanna an BOO chun seisiúin faisnéise le tionscail éagsúla a bhunú do Threoirchomhairleoirí. Reáchtáladh seisiúin faisnéise le EI Electronics, Stryker agus General Motors chun comhairle a chur ar threoirchomhairleoirí maidir leis na bealaí chun obair sna hearnálacha tionsclaíochta ábhartha. Tá faisnéis faoi dhul isteach i gcúrsaí iarchéime agus bealaí chun printíseachta in ionaid oibre san áireamh i measc na seisiún faisnéise lena chur ar a gcumas do threoirchomhairleoirí an fhaisnéis ábhartha uile a bheith acu maidir le hearcaíocht chuig earnáil na tionsclaíochta sa Lár- |

| | | |
|---|---|---|
| | | Iarthar, agus na roghanna éagsúla atá ar fáil lena n-áirítear cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí. |
| | Beidh Rannán BOaO an BOO ag obair chun ráitis infhostaitheachta a sholáthar do chúrsaí/disciplíní in 2019 ionas gur fearr an t-eolas a bheidh ag scoláirí/foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus fostóirí. | Cuirtear soláthar BOaO chun cinn trí https://learningandskills.ie/our-courses/ agus tá ráiteas infhostaitheachta ag gabháil le gach cúrsa ina sonraítear an réimse gairme agus na bealaí inar féidir le foghlaimeoirí dul chun cinn a dhéanamh. |
| 1.6 Na buntáistí a bhaineann le hoideachas agus oiliúint a chur chun cinn do na daoine inár réigiún, agus go háirithe cuidiú le gach foghlaimeoir bealaí uathúla maidir le dul chun cinn a aimsiú sna seirbhísí a sholáthraíonn ár scoileanna, ionaid agus cláir. | Tacóidh an BOO leis na scoileanna agus iad ag iarraidh creat treorach scoile uile a fhorbairt, agus cothóidh sé tuilleadh nasc le hinstitiúidí BOaO agus le hinstitiúidí tríú leibhéal. | Bhí an BOO ag obair i ndlúthpháirt lena threoirchomhairleoirí in 2019 chun treoir scoile uile a fheabhsú le bunú Fhóram na dTreoirchomhairleoirí i mí Mheán Fómhair 2019. I gcás treoirchomhairleoirí ó na scoileanna pobail a bhfuil an BOO ina gcomhphátrún orthu, bíonn siad siúd páirteach san fhóram sin freisin, agus is bealach é chun feabhas a chur ar an gcomhoibriú agus an dea-chleachtas a chomhroinnt maidir le roghanna BOaO a scrúdú agus naisc a chothú le hinstitiúidí tríú leibhéal. |

| | | |
|---|---|---|
| | Toisc gur éirigh chomh maith sin leis an gcúrsa 'Bealach chun na hInnealtóireachta', ar rogha eile é do dhaoine ar mian leo tabhairt faoi ghairm san innealtóireacht, tá an BOO ag pleanáil cúrsa 'Bealach chun na hEitlíochta' (Deimhniú EASA) a thabhairt isteach in 2019. Ar an gcúrsa sin, ullmhófar daoine nach gcomhlíonann na critéir iontrála dá phríomhchúrsaí cothabhála aerárthaí. | Forbraíodh an cúrsa 'Bealaí chun na hEitlíochta' in 2019 agus tá sé ar fáil san Ionad BOaO i gCampas na Sionainne. Is é is aidhm don chlár sin léargas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar an obair a dhéanann an Teicneoir Cothabhála Aerárthaí. Déantar an méid sin trí fhoghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi theicnící bunúsacha cothabhála aerárthaí agus faoin téarmaíocht agus cleachtais a bhaineann leis an réimse sin. Ina theannta sin, ullmhófar na foghlaimeoirí don Mhatamaitic agus don Fhisic a theastaíonn le haghaidh na gcúrsaí oiliúna leantach i gCothabháil Aerárthaí agus i Struchtúir Aerárthaí. |
| | Mar chuid den fhorbairt ar shraith eile clár Bealaí, tá an BOO ag déanamh iniúchadh ar dheiseanna oiliúna do 2019 sna réimsí seo a leanas: Beachtas Innealtóireachta CNC, Oibríochtaí Uirlisí Meaisín agus Táthú; Riarachán Gnó/Airgeadas; Scileanna Miondíola agus Tacaíocht do Chustaiméirí agus Cúram Leanaí. | In 2019, chuir an Rannán BOaO cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ar fáil do 2,246 duine.<br><br>In 2019, d'fhógair an BOO 'Bealaí chun Printíseachta' – tionscnamh nua faoina gcuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil ar féidir le rannpháirtithe tabhairt fúthu roimh phrintíseacht.<br><br>Bhí baint ag an Rannán BOaO le heagrú sárthaispeantás éagsúil lena n-áirítear 'Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht' sa tSionainn i Márta 2019 agus Sárthaispeántas Gairmeacha Printíseachta agus Oiliúna an Lár-Iarthair i mí Dheireadh Fómhair 2019, agus ghlac sé páirt sna himeachtaí sin. |
| | Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag ceiliúradh barr feabhais agus éachtaí na bhfoghlaimeoirí chun aird a dhíriú ar thionchar dearfach a chuid oibre in 2019. | Bhí go leor searmanais gradam ar siúl in 2019 ar fud na nIonad BOaO go léir. Tugadh aitheantas ag na himeachtaí sin don ghnóthachtáil a bhí déanta ag foghlaimeoirí i gcomhthéacs neamhfhoirmiúil agus foirmiúil araon agus ina ndearnadh an méid a bhí bainte amach acu a cheiliúradh. Reáchtáil grúpa Oideachais Aosach Mhaigh Róis searmanas bronnta sa Mhol Pobail athchóirithe i mí an Mheithimh, ar ar fhreastail thart ar 100 duine, idir fhoghlaimeoirí agus leanaí. I mí na Samhna, d'fhreastail foghlaimeoirí ó gach cearn den chathair ar shearmanas i Mol an Chnoic Theas agus bhronn an Méara a dteastais orthu.<br><br>Ba bhliain mhór í 2019 don tionscnamh 'Luimneach ag Foghlaim'. I mí an Mhárta 2019, shínigh comhpháirtithe an tionscadail sin Meabhrán Tuisceana i Halla na Cathrach i Luimneach. Is ráiteas láidir é an comhaontú sin faoina bhfuil ar intinn acu don tionscnamh 'Cathair/Réigiún Foghlama' do Luimneach agus dá dtacaíocht ina leith.<br><br>Seoladh Tionscnamh na nAmbasadóirí Foghlama in 2019, trína gcuidíonn seaimpíní pobail ó chúlraí éagsúla dul i gcion ar an oiread daoine agus is féidir chun iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh san fhoghlaim. Cuireann siad chun cinn an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ina bpobail, ina n-ionaid oibre agus ina gcomharsanachtaí féin.<br><br>Is é príomhimeacht foghlama 'Luimneach ag Foghlaim' gach bliain ná an Fhéile, imeacht seachtaine a cheiliúrann gach cineál deiseanna foghlama, idir |

| | | |
|---|---|---|
| | | fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, i gCathair agus i gContae Luimnigh. In 2019, mar chuid den Fhéile, reáchtáladh Seimineár Uile-Éireann a tionóladh ar an 10 Aibreán i gCaisleán Luimnigh faoin téama 'Bridging the Gap'. Tionóladh an chéad chruinniú den Líonra Cathracha Foghlama Uile-Éireann i Luimneach, agus bhí ionadaithe ann ó Luimneach, Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Doire.<br><br>Shínigh na méaraí cairt nua, Cairt na gCathracha Foghlama, thar ceann a gcathracha. Leis sin, mealltar tacaíocht pholaitiúil ó na leibhéil is airde dár gcuid oibre comhroinnte chun ár gcathracha a fhorbairt mar áiteanna ina ndéantar gach foghlaim – ar feadh an tsaoil agus ar fud an tsaoil – a chur chun cinn do chách, cibé cén aois iad, cé na hábhair a bhfuil spéis acu iontu agus cén cumas atá acu.<br><br>Ina theannta sin, seoladh an suíomh gréasáin nua 'Luimneach ag Foghlaim' i mí an Mheithimh 2019. Is suíomh gréasáin sainchuspóra é www.LearningLimerick.ie a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca dóibh siúd ar spéis leo foghlaim ar feadh an tsaoil teacht ar fhaisnéis faoin raon cúrsaí agus léargas a fháil ar réimse iomlán na Foghlama ar Feadh an tSaoil. Neartóidh sé an láithreacht ar líne atá ag 'Luimneach ag Foghlaim', agus ar an gcaoi sin tacófar le tosaíocht straitéiseach an ghrúpa maidir le hinfheictheacht agus láithreacht an tionscadail a fheabhsú.<br><br>Is ball é 'Luimneach ag Foghlaim' de Líonra Domhanda Cathracha Foghlama UNESCO, ina bhfuil 170 ball gníomhach ó 53 tír ar fud an domhain. In 2017, is ar Luimneach a bronnadh Gradam Chathair Foghlama UNESCO. I mí Dheireadh Fómhair 2019, thug UNESCO cuireadh don Chomhairleoir Sarah Kiely, a bhí ag déanamh ionadaíocht do Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh, Pádraig Malone, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus Yvonne Lane, Comhordaitheoir Foghlama Luimnigh, páirt a ghlacadh sa cheathrú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Chathracha Foghlama, 'Inclusion – A principle for lifelong learning and sustainable cities', in Medellín sa Cholóim. |
| 1.7 Saoráidí den caighdeán is airde agus na teicneolaíochtaí cuí a sholáthar agus a chothabháil dár mic léinn agus d'fhoghlaimeoirí. | Faoi réir rochtain ar mhaoiniú caipitil/tionscadail, in 2019 leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh le feabhsúcháin atá pleanáilte ar shaoráidí BOaO an BOO a chur i bhfeidhm. Ar an gcaoi sin, cinnteofar go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí BOaO an BOO ar thimpeallachtaí foghlama atá fáilteach, sábháilte agus oiriúnach dá bhfeidhm. | Tá obair leanúnach ar bun i ndáil le hInfheistíocht Chaipitil agus Bonneagair ar fud Ionaid BOaO an BOO, chun cáilíocht fhoirgnimh an BOO a fheabhsú, feabhas a chur ar an eispéireas a bhíonn ag foghlaimeoirí agus baill foirne, agus a chinntiú go bhfuil áiseanna an BOO inrochtana, fáilteach agus oiriúnach dá bhfeidhm.<br><br>Le linn 2019, rinne Rannán BOaO an BOO infheistíocht i saoráidí a uasghrádú chun cur le raon agus cáilíocht an tsoláthair in Inis, Cill Mocheallóg, Mainistir na Féile, Cill Rois agus Sráid na Cathrach.<br><br>Cloch mhíle mhór ab ea athchóiriú agus leathnú iomlán an Ionaid BOaO, Campas Chluain Ráda, Inis, rud a fhágann gur campas BOaO den chéad scoth anois é. |

| | | |
|---|---|---|
| | 2019: Beidh an BOO ag obair le ROS chun cumais TFC a fhorbairt tuilleadh ar fud a scoileanna lena n-áirítear deontais a fháil do threalamh TFC, agus ábhair chomhairle agus thacaíochta (go príomha tríd an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí – Teicneolaíocht san Oideachas agus seirbhísí tacaíochta eile). Cuirfidh an BOO clár do cheannairí digiteacha ar fáil do mhúinteoirí a mbeidh cláir á stiúradh acu. Beidh an clár Ceannairí Digiteacha nasctha le ceannairí curaclaim agus comhordaitheoirí riachtanas oideachais speisialta chun cur leis na deiseanna le haghaidh comhoibriú gairmiúil ar leibhéal na scoile agus ar leibhéal na scéime. | Thacaigh an BOO le múinteoirí agus le ceannairí scoile a raibh fonn orthu teagasc agus foghlaim a threisiú leis an teicneolaíocht trí laethanta cnuasaigh ar cuireadh tús leo i mí Mheán Fómhair 2019. Bhí fáil ag na scoileanna ar chomhairle agus tacaíocht trí StaffCONNECT agus LCBOOSchools.com.<br>Aon scoileanna a bhaineann leas as Microsoft Office 365, tairgeadh tacaíocht shaincheaptha dóibh maidir le suímh SharePoint a úsáid dá scoileanna, agus maidir le Microsoft Teams.<br>Bunóidh an BOO fóram Grúpaí Oideoirí Éireann Google chun tacú le scoileanna ar fud an réigiúin maidir le G Suite a úsáid i gcúrsaí oideachais.<br>I gcás scoileanna a dhéanann speisialtóireacht i ndáil le teicneolaíochtaí áirithe, roghnaíodh iad mar 'scoileanna taispeána' chun comhairle agus treoir a thairiscint do scoileanna eile ar spéis leo an raon crua-earraí agus bogearraí a úsáideann múinteoirí. Tá scoileanna faoi choimirce an BOO atá chun tosaigh maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí seo a leanas:<br>Scoileanna iPad 1 to 1 (Apple): Coláiste Dheasumhan agus Gaelcholáiste Luimnigh; Scoileanna Chromebook (Google): Coláiste Pobail na hInse agus Coláiste Pobail Mhungairit; Surface Pro (Microsoft): Gairmscoil Inis Díomáin agus Coláiste Pobail Thuamhan. |
| | Leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO ar aghaidh ag tacú le hinfheistíocht nach beag i gcaipiteal agus in oibreacha atá dírithe ar eispéireas an fhoghlaimeora/na foirne a fheabhsú i scoileanna agus ionaid an BOO agus ina cheannoifig. I measc na dtionscadal caipitil leanúnach in 2019 tá tionscadail nua a bhaineann le foirgnimh scoile i gColáiste Chiaráin, Cromadh, i gColáiste Pobail Mhungairit agus i nGaelcholáiste Luimnigh. Aonad do Leanaí ar a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais i gColáiste Pobail Thuamhan agus síneadh mór as foirgnimh de chuid Choláiste Pobail na Scairbhe, Choláiste Pobail na hInse agus Choláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua. Anuas air sin, tacóidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO le scoileanna nach bhfuil faoi chúram an Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le hoibreacha soláthair caipitil in 2019, lena n-áirítear: Gaelscoil Sheoirse Clancy, Scoil Náisiúnta Le Chéile, Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Meánscoil Naomh Iósaif, Rinn na Spáinneach, Scoil Náisiúnta an Chroí Rónaofa, Móin an Lín. | Éachtaí in 2019:<br>- Tugadh chun críche agus osclaíodh foirgneamh a cuireadh le Coláiste Pobail Naomh Áine i mí Lúnasa 2019<br>- Leanadh ag tógáil foirgneamh nua Choláiste Chiaráin agus osclófar é in 2020<br>- Tosaíodh ar an obair ar an láthair chun foirgneamh a chur le Coláiste Pobail na hInse i mí Lúnasa 2019, agus tá sé beartaithe é a bheith críochnaithe in earrach na bliana 2021<br>- Tugadh chun críche oibreacha cumasúcháin ar shuíomh Ghaelcholáiste Luimnigh agus tá iarratas pleanála curtha faoi bhráid an údaráis áitiúil<br>- Ceapadh foireann deartha do Choláiste Pobail nua Mhungairit agus tá Tuarascáil Chéim 1 formheasta ag ROS<br>- Tá cead pleanála tugtha i leith síneadh a chur le Coláiste Pobail na Scairbhe<br>- Tá an tuarascáil maidir le síneadh a chur le Coláiste Pobail Thuamhan, Céim 1/2a, formheasta ag ROS agus tá iarratas pleanála á ullmhú<br>- Tá foirne deartha ceaptha i gcomhair Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg agus Scoil Náisiúnta Mhóin an Lín agus tá Tuarascálacha Chéim 1 curtha faoi bhráid ROS<br>- Tugadh chun críche an síneadh a cuireadh le Scoil Náisiúnta Le Chéile agus osclaíodh é<br>- Táthar ag obair ar shíneadh atá á chur le Meánscoil Naomh Iósaf agus tá sé beartaithe é a bheith críochnaithe in 2020<br>- Cuireadh Tuarascáil Chéim 2a i leith Ghaelscoil Sheoirse Clancy faoi bhráid ROS<br>- Ar iarratas ó ROS, tá scoil nua á forbairt ag an BOO do Ghaelscoil Donncha Rua sa tSionainn. Ceapadh foireann deartha agus cuireadh Tuarascáil Chéim 1 faoi bhráid ROS. |

| | | |
|---|---|---|
| | I rith 2019, leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO ar aghaidh le timthriall phleanáilte oibre feabhsúchán ar shaoráidí tríd an Scéim Oibreacha Samhraidh, Scéim na nOibreacha Éigeandála agus an Scéim Deontas Caipitil Spóirt. | Cuireadh isteach iarratais ar Oibreacha Samhraidh in 2019 maidir le:<br>- Coláiste Chaladh an Treoigh – Uasghrádú ar an Díon<br>- Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg – Uasghrádú ar an Seomra Eolaíochta<br>- Coláiste Mhuire, Eas Géitine – Uasghrádú ar an Díon<br>- Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua – Uasghrádú ar an Díon<br>- Coláiste Pobail na hInse – Uasghrádú ar an bhFoirgneamh agus ar an Díon<br>- Gairmscoil Inis Díomáin – Fuinneoga Nua<br>- Coláiste Collchoile, Drom Collachair – Uasghrádú ar an Díon<br>- Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua – Uasghrádú ar an Díon<br>- Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill Dara – Soilsiú Éigeandála<br>- Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi – Uasghrádú ar an Díon<br>- Coláiste Pobail Chill Michíl, Cill Michíl – Uasghrádú ar Sheomraí Eolaíochta<br><br>Dámhadh iarratais ar Oibreacha Samhraidh in 2019 maidir le:<br>- Coláiste Pobail Chill Michíl, Cill Michíl – Fuinneoga Nua<br>- Coláiste Mhuire, Eas Géitine – Siúlbhealach faoi Dhíon<br><br>D'éirigh le hIarratais ar Chaipiteal Spóirt i leith na dtionscadal seo a leanas:<br>- Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, Boirinn, €26,500 (Athchóiriú ar na Leithris)<br>- Coláiste Mhuire, Eas Géitine, €69,500 (Páirc Astro Turf)<br>- Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, €99,500 (Giomnáisiam faoi Dhíon) + an dara ceadú i ndáil le suim €86,623.00 in 2019<br>- Coláiste Pobail Chill Michíl, Cill Michíl, €59,600 (Raon Rásaíochta)<br><br>Cuireadh isteach iarratais ar Oibreacha Éigeandála ina leith seo a leanas:<br>- Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua – Deisiú Urláir<br>- Coláiste Pobail na hInse – Oibreacha Rochtana Uilíocha<br>- Coláiste Pobail na hInse – Uasghrádú ar an tSaotharlann Eolaíochta<br>- Coláiste Pobail na hInse – Damáiste de bharr Uisce<br>- Coláiste Pobail Chill Michíl, Cill Michíl – Uasghrádú ar mhaithe le Rochtain<br>- Coláiste Pobail Thuamhan, Luimneach – Clár Uasghrádaithe/Feabhsúcháin i leith na Soilse<br>- Coláiste Pobail Thuamhan, Luimneach – Deisiú Dín – Déanta<br>- Coláiste Pobail Thuamhan, Luimneach – Rialaitheoir BMS – Déanta<br><br>Tionscadail Fuinnimh:<br>- Coláiste na Trócaire, Ráth Caola – Uasghrádú ar an gCóras Leictreachais<br>- Coláiste Chaladh an Treoigh – Dian-Iarfheistiú Fuinnimh NEP 2019<br>- Ionad BOaO, Campas Chluain Ráda, Inis – Uasghrádú ar na Soilse BEC 2019<br>- Oifig Riaracháin an BOO, Inis – Uasghrádú ar na Soilse BEC 2019<br><br>Ionaid Bhreisoideachas agus Oiliúna:<br>- Mainistir na Féile – Plean Forbartha don Champas<br>- An Cheapach Mhór – Síneadh buan amach anseo<br>- Cluain Ráda – Leathnú mór ar na saoráidí<br>- Ospidéal – Córas suiteáilte chun Dusta a Bhaint<br>- Campas Bhóthar Chill Mocheallóg – Cistin Oiliúna Nua |

| | | |
|---|---|---|
| | | - Campas Bhaile Chill Mocheallóg – Athchóiriú mór<br>- Cill Rois – Plean Forbartha don Champas<br>- Coláiste Breisoideachais Luimnigh – Oibreacha Uasghrádaithe Éagsúla |
| | Faoi fheidhmiú Straitéis TFC an BOO 2017 – 2020, beidh an BOO ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun an acmhainneacht TFC a fhorbairt tuilleadh ina scoileanna agus ina ionaid BOaO, lena n-áirítear deontais a fháil le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhar tacaíochta. | Bhí an Rannóg Caipitil agus Soláthair ag obair i gcomhar leis an Rannóg TFC maidir le Trealamh agus Tomhaltáin TF a fháil in 2019. |
| | Leanfar ar aghaidh in 2019 le cur chun feidhme Bheartas Náisiúnta Soláthair na BOOnna (lena n-áirítear an tsraith teimpléad le haghaidh tairiscintí os cionn thairseacha an Aontais Eorpaigh agus faoina mbun). | Ghlac Bord an BOO go foirmiúil Beartas Náisiúnta Soláthair an BOO ar an 15 Deireadh Fómhair 2019. Tugadh chun críche an Plean Soláthair Corparáideach agus an Plean Soláthair Ilbhliantúil i mí Lúnasa 2019 don BOO agus cuireadh faoi bhráid BOOÉ iad mar a cheanglaítear a dhéanamh. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh in 2019 ar éifeachtacht na mbeartas agus na gcleachtas sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear clár cothrom le dáta na gCoistí Sláinte agus Sábháilteachta ar an leibhéal lárnach, agus taifead FGL ar oiliúint éigeantach/bhreise (féach 2.5) | Rinneadh iniúchadh ar na Scoileanna agus na hIonaid go léir in 2019 agus, ar a bhonn sin, cuireadh oiliúint ar bhaill foirne i róil mar Gharchabhair, Sábháilteacht ó Dhóiteán, Obair Thuas Ard, Dífhibrileoir etc. |
| 1.8 Plean Oibre don Aos Óg a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don réigiún. | Leanúint ar aghaidh ag cur an Phlean Oibre don Aos Óg i bhfeidhm in 2019. | Tá Sprioc Straitéiseach 1 den Phlean Oibre don Aos Óg 2018-2021 dírithe ar Sholáthar agus Cleachtas Oibre Ardchaighdeáin don Aos Óg. In 2019, d'éascaigh an BOO do na nithe seo a leanas:<br><br>- Oiliúint de chuid Chomhairle Náisiúnta na nÓg: an dea-chleachtas sa bheartas maidir le Sláinte Ghnéis agus sláinte a chur chun cinn i suímh oibre don óige<br>- Maidin chomhairliúcháin chun tacú le taighde LADTI<br>- Comhairliúcháin le hOibrithe don Aos Óg maidir le bealaí ar féidir le gníomhaíochtaí ealaíon a gcleachtas a fheabhsú.<br><br>Chuir na bearta sin go léir le scileanna na mball foirne a bhíonn ag obair le daoine óga agus chuidigh siad linn an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus obair ar ardchaighdeán a dhéanamh. |
| | Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach a bhunú agus an soláthar a chomhtháthú i gcláir oideachais fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla atá ann cheana. | Is tionscnamh píolótach é an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI), a thagann faoin bPlean um Óige Ildánach atá ina chuid den chlár 'Éire Ildánach', chun cruthaitheacht chultúrtha a leathnú ar an leibhéal réigiúnach. Tá €300,000 san iomlán á roinnt go cothrom idir na trí BOO i Luimneach agus an Clár, Ciarraí agus Laois/Uíbh Fhailí.<br><br>Tionóladh cruinniú ar an 22 Deireadh Fómhair 2019 ag a raibh comhaltaí an ghrúpa stiúrtha bhunaidh, an comhordaitheoir agus an Stiúrthóir Scoileanna. Tuairiscíonn Grúpa Stiúrtha Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach Luimnigh agus an Chláir (CÁÓI) don BOO, don Roinn Oideachais agus Scileanna agus |

| | | |
|---|---|---|
| | | don chlár 'Éire Ildánach' maidir le clár a dhearadh agus a sholáthar sa réigiún i ndáil leis an Óige Ildánach.<br><br>Tá an clár CÁÓI á mhaoiniú faoin tionscnamh 'Éire Ildánach' agus faigheann an BOO an maoiniú sin tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna. |
| | Cuirfidh an BOO tacaíocht leanúnach ar fáil chun Plean Oibre an BOO don Aos Óg a chur i bhfeidhm. | In 2019, bhí an Rannóg Acmhainní Daonna ag obair i ndlúthpháirt le Rannán Scoileanna an BOO chun Comhordaitheoir a earcú don Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach, toisc go raibh an BOO ar cheann de thrí Bhord Oideachais agus Oiliúna píolótacha ar fud na tíre a fuair Maoiniú don Óige Ildánach faoin gclár 'Éire Ildánach'. Ba é sprioc na comhpháirtíochta sin réimse leathan acmhainní a chomhcheangal chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha lasmuigh den scoil a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, a bheadh ag teacht le timpeallachtaí scoile foirmiúla agus a bheadh in oiriúint dóibh sin.<br><br>Fuarthas maoiniú i leith na bliana 2020 chun leanúint leis an gclár sin, toisc gur éirigh go geal leis an gclár píolótach in 2019. |
| 1.9 Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag forbairt oideachais allamuigh mar ghné dhílis de na seirbhísí oideachais | Le linn 2019, déanfar soláthar na gclár trí na hionaid oideachais allamuigh a chun cinn go hinmheánach do scoileanna an BOO agus BOaO agus go seachtrach do dhaoine eile a d'fhéadfadh leas a bhaint as an tseirbhís sin. | Leanadh le hionaid oideachais agus oiliúna lasmuigh an BOO a chur chun cinn ar fud Ionaid BOaO, Scoileanna Náisiúnta Pobail agus iar-bhunscoileanna in 2019. Bhain scoileanna leas as an iomaí cineál gníomhaíochtaí agus saoráidí atá ar fáil ag ionaid Bhoirne agus Chill Fhionáin. D'fhorbair an dá ionad sin cláir folláine i gcomhar le scoileanna an BOO.<br><br>Lean an Rannóg Acmhainní Daonna ar aghaidh ag tacú le forbairt a dá Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh in 2019 trí thacaíocht a sholáthar dá mbaill foirne agus baill foirne nua a earcú chun cur le héagsúlacht an oideachais allamuigh a chuirtear ar fáil sa dá Ionad. |

| Sprioc Straitéiseach 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta<br>**Aidhm: Timpeallacht oibre atá tacúil, comhoibríoch, sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil don fhoireann ar fad trí thacaíocht chuí shofhreagrach agus beartais agus nósanna imeachta cuí a sholáthar a bhfuil cultúr maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach mar bhonn agus mar thaca fúthu. Is éard atá i gceist leis sin ná timpeallacht dhearfach oibre a chothú a mbeidh cultúr measa, dínite agus comhionannais mar bhonn taca fúithi.** | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | An gealltanas a thugtar i bPlean Seirbhíse 2019 | Éachtaí in 2019 |
| 2.1 Baill foirne den scoth a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil. | Tá nósanna imeachta agus teimpléid earcaíochta agus roghnúcháin á n-athbhreithniú agus á dtabhairt cothrom le dáta chun an dea-chleachtas agus a n-ábharthacht do riachtanais na heagraíochta a chinntiú agus chun féachaint chuige go gcomhlíonfar an reachtaíocht agus RGCS. Mar chuid de chur i bhfeidhm CL 0003/2018 in 2018, rinneadh athbhreithniú ar riachtanais agus tosaíochtaí gach post ceannaireachta agus bainistíochta atá leithdháilte do an hiar-bhunscoileanna. Le linn 2019, cuirfear oiliúint leanúnach agus oiliúint athnuachana ar bun chun tacú leis na daoine a bhí ag gabháil do na poist sin. | Tugadh nósanna imeachta agus teimpléid earcaíochta agus roghnúcháin cothrom le dáta chun an dea-chleachtas agus a n-ábharthacht do riachtanais na heagraíochta a chinntiú.<br><br>Fógraíodh 265 post in 2019 i réimsí na Scoileanna, BOaO agus na Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, agus fuarthas agus próiseáladh os cionn 2,800 iarratas.<br><br>Le linn 2019, ceapadh 14 bhall foirne bhuana nó i gcáil ghníomhach chun dul ag obair in iar-bhunscoileanna an údaráis i bpoist freagrachta.<br>Rinne an Rannóg Acmhainní Daonna an próiseas earcaíochta inmheánach sin a bhainistiú, agus treisíodh na foirne ceannaireachta agus bainistíochta inár scoileanna dá bharr, agus béim á leagan ar na caighdeáin is airde i ndáil le torthaí oideachais a bhaint amach do scoláirí ionas go gcothófaí timpeallacht a bhfuil ardcháilíocht cúraim scoláirí, foghlama agus teagaisc ina bunchloch di. Leanadh ag soláthar oiliúna agus tacaíochta dóibh siúd a ceapadh chun na bpost sin. |
| | Oiliúint/athoiliúint maidir le hearcaíocht, roghnúchán agus agallóireacht a sholáthar in 2019 do chomhaltaí boird an BOO, do bhainisteoirí agus do gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas earcaíochta. | Soláthraíodh oiliúint/athoiliúint maidir le hearcaíocht, roghnúchán agus agallóireacht in 2019 do dhaoine nuacheaptha ar bhord an BOO agus i measc na mbainisteoirí agus dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an bpróiseas earcaíochta. Tabharfar faoi oiliúint agus oiliúint athnuachana arís in 2020. |
| | Athbhreithniú agus oiriúnú a dhéanamh ar pharaiméadair chórais TFC na Rannóige Acmhainní Daonna in 2019 chun comhlíonadh RGCS a chinntiú. Le linn 2019, tá an Leabhar Oibre um Chomhlíonadh RGCS le cur i bhfeidhm chun comhlíonadh RGCS a chinntiú. | Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar pharaiméadair chórais TFC na Rannóige Acmhainní Daonna mar ullmhúchán don aistriú chuig an gcóras Seirbhísí Comhroinnte.<br><br>Le linn 2019, fuair an BOO córas bogearraí, Sytorus – Inneall Príobháideachta, chun comhlíonadh RGCS a bhainistiú. Tá acmhainní daonna, córais TFC agus sreafaí oibre á gcur isteach sa chóras sin agus tá siad á n-athbhreithniú chun comhlíonadh a léiriú. |
| 2.2 Beartas leanúnach forbartha foirne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a léireoidh cuspóirí na heagraíochta agus tacóidh leis an bhfoireann a gcuid scileanna a chothabháil agus a fhorbairt de réir na gcaighdeán is airde maidir le cleachtas gairmiúil. | In 2019, leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh ag cur i bhfeidhm bhearta na bliana 2019 faoi Straitéis Forbartha Gairmiúla Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS 2017-2019.<br><br>- Foilsiú Phlean Gníomhaíochta nua um Fhorbairt Ghairmiúil BOaO an BOO 2019-2021<br>- Próiseas Ionduchtaithe tras-BOaO a fhorbairt.<br>- Acmhainní ionduchtaithe ar líne agus cláir ionduchtaithe a fhorbairt chun ionduchtú | Foilsíodh Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil BOaO an BOO 2019-2021 in 2019. Is plean 3 bliana é lena dtreorófar obair an BOO sa réimse seo agus tá ceithre réimse tosaíochta ann:<br>- Tiomantas Láidir don Fhorbairt Ghairmiúil i gcás na mBall Foirne go léir a bhíonn ag plé le BOaO<br>- Forbairt Ghairmiúil don Teagasc agus don Fhoghlaim<br>- Struchtúir agus Córais i leith Forbairt Ghairmiúil<br>- Beartais agus Nósanna Imeachta Trédhearcacha, Comhsheasmhacha um Fhorbairt Ghairmiúil |

| | | |
|---|---|---|
| | comhsheasmhach ardchaighdeáin foirne sa Rannán BOaO a chinntiú. | In 2019 eagraíodh 127 imeacht oiliúna lárnach ag a raibh 1,669 ball foirne i láthair.<br><br>Forbraíodh Dréachtbheartas Ionduchtaithe nua agus Dréacht-Acmhainní Ionduchtaithe Ar Líne in 2019. Forbrófar iadsan a thuilleadh mar acmhainn ar líne in 2020. |
| | Tabhairt faoi phróifíliú a dhéanamh ar na scileanna a theastaíonn laistigh de gach Rannóg TFE in 2019. Cuireadh tús leis an tionscadal sin in 2018 nuair a thug daoine sna gráid mhaoirseachta faoi oiliúint agus forbairt i mBainistíocht na Maoirseachta. Leanfar ar aghaidh leis sin in 2019, agus cuirfear gráid eile san áireamh freisin. | Cuireadh oiliúint ar fáil do gach grád foirne in 2019 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Tugadh tacaíocht don iomaí duine den fhoireann tríd an gciste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne agus trí ardáin FGL eile mar Moodle, eCollege agus CORE University. Soláthraíodh oiliúint phraiticiúil i ndáil le pacáistí bogearraí in 2019 agus tabharfar faoi oiliúint bhreise in 2020.<br><br>Tá FGL agus Uasoiliúint ar an bhfoireann TFC ar bun go leanúnach. Mar chuid den obair sin, eagraíodh roinnt laethanta oiliúna faoi MS SharePoint, PowerApps, MS Office 365 Teams, Zoom etc. in 2019. Ina theannta sin, thapaigh baill foirne an deis chun tabhairt faoin uasoiliúint a theastaíonn i leith athruithe reachtacha, lena n-áirítear oiliúint ar líne agus freastal ar sheimineáir in 2019 ar ábhair amhail: Saoirse Faisnéise, RGCS agus Sláinte agus Sábháilteacht. |
| | 2019: Múinteoirí a fhorbairt tuilleadh mar cheannairí i réimsí amhail an curaclam, cúrsaí digiteacha, ionchuimsiú agus tacaíocht do scoláirí. | Ghlac múinteoirí i scoileanna an BOO páirt i gcúrsaí agus i seimineáir um fhorbairt ghairmiúil arna n-eagrú ag an Rannán Scoileanna chun freastal ar an athrú atá ag teacht ar riachtanais na scoileanna agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí chun a róil cheannaireachta sna scoileanna a fheabhsú.<br>Cuireadh seimineáir thacaíochta agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne iar-bhunscoile sna réimsí seo a leanas:<br>- Oiliúint do Chinn Bhliana<br>- Oiliúint ar bhonn Cnuasaigh Dhigiteacha agus pobal dea-chleachtais, Lá 1<br>- Cruinniú de Chnuasach Comhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Scoláirí, Lá 2<br>- Cruinniú den Mheitheal Oibre um Fhoghlaim Dhigiteach<br>- Cruinniú den Chnuasach um Fhoghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú Ionchuimsitheach a Stiúradh, Lá 1 |
| | Plean oiliúna agus tacaíochta a chur i bhfeidhm le haghaidh Comhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta in 2019. | Rinneadh an oiliúint do chomhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta a leathnú nuair a cuireadh scoileanna breise leis na scoileanna píolótacha go luath in 2019, sa chaoi is go raibh gach scoil de chuid an BOO san áireamh sa dara leath de 2019. |
| 2.3 An fhoireann a ghríosú agus a spreagadh chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcuid oibre, dul i mbun cleachtais aonair agus cleachtais | In 2019, tacóidh Rannán BOaO an BOO le pobail chleachtais agus líonraí, rud a chothóidh deiseanna don fhoireann uile smaointe a mhalartú agus an dea-chleachtas a chomhroinnt trí ardáin ar líne agus trí leas a bhaint as 'suaitheantais' FGL. | Ó 2017 i leith, tá an Rannán BOaO ag eisiúint suaitheantais dhigiteacha i ndáil le forbairt ghairmiúil na foirne uile, agus is é an Rannán BOaO a eagraíonn é sin. Bronntar suaitheantais ar Leibhéal an tSuímh in Moodle, tá sonraí leabaithe iontu agus is féidir iad a easpórtáil chuig mála droma an úsáideora (Badgr). Faoi dheireadh 2019, bhí níos mó ná 80 Suaitheantas cruthaithe agus breis agus 3,000 Suaitheantas bronnta. |

| | | |
|---|---|---|
| chomhoibríoch a bheidh ar ardchaighdeán, agus páirt a ghlacadh go gníomhach i ndeiseanna maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, lena n-áirítear dul i mbun rannpháirtíocht le pobail chleachtais. | Laistigh de gach foireann, déanfaidh príomhoifigigh chúnta spriocanna aonair a chomhaontú, agus coinneoidh siad taifead ar sholáthar forbartha gairmiúla leanúnaí cuí, deiseanna forbartha, agus aiseolais. Tá baill foirne ag baint leas as deiseanna FGL atá ábhartha dá rannáin agus dá gcuid sreafaí oibre. Leanfar leis sin in 2019.<br><br>Ag obair dúinn leis an ngrúpa cumarsáide nuabhunaithe, beidh sé ina thosaíocht in 2019 straitéisí áitiúla a shainaithint chun faisnéis rúnda, íogair a chomhroinnt go tráthúil ar an leibhéal cuí. | Aontaíodh spriocanna oiliúna aonair le baill foirne agus thug siad faoi FGL a bhí ábhartha dá réimsí mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2019.<br><br>Bhí baill foirne ón Rannóg Caipitil agus Soláthair páirteach i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil in 2019, lena n-áirítear an Clár Oiliúna Soláthair atá á reáchtáil ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.<br><br>Chuir baill foirne ón Rannóg Caipitil agus Soláthair oiliúint ar fáil d'fhoirne BOaO, d'Fhoirne Ardbhainistíochta na scoileanna agus do bhaill foirne riaracháin scoileanna agus ionad maidir leis an mBeartas Náisiúnta Soláthair agus le Plean Soláthair Ilbhliantúil an BOO in 2019. |
| | In 2019, leanfaidh an BOO ar aghaidh ag úsáid acmhainní a bheith ag teacht leis na struchtúir a leasaíodh mar thoradh ar sheirbhísí comhroinnte a bheith á gcur i bhfeidhm.<br>Bunaíodh tionscadal idir-rannach um chleachtas comhoibritheach acmhainní daonna/párolla in 2018 agus táthar ag obair chun aistriú go dtí Seirbhísí Comhroinnte in 2019. | Leanadh ar aghaidh in 2019 leis an tionscadal idir-rannach um chleachtas comhoibritheach acmhainní daonna/párolla, tráth ar sainaithníodh deiseanna chun cur le scileanna na mball foirne agus eolas agus dea-chleachtas a chomhroinnt. Cuireadh tús leis an oiliúint i ndáil leis na pacáistí bogearraí a theastaíonn chun an t-aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte a dhéanamh, agus thug baill foirne faoi oiliúint trí CORE University. Sainaithníodh ceannaire aistrithe maidir le hacmhainní daonna agus le párolla agus tá na ceannairí sin ag gabháil don obair ullmhúcháin atá ag teastáil chun an BOO a ullmhú le haistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte in 2019. Ba iad foireann aistrithe na Seirbhísí Comhroinnte an chéad ghrúpa a thug faoin oiliúint sin in 2019, agus tá sé beartaithe an oiliúint a sholáthar do bhaill foirne ábhartha eile in 2020. |
| 2.4 Cultúr ceannaireachta, oiliúna agus meantóireachta a chothú don fhoireann ar fad | Eagrófar cruinnithe rialta, struchtúrtha in 2019 ar leibhéal an ionaid, an tsoláthair agus na bainistíochta araon. | Le linn 2019, ghlac 35 ball foirne BOaO páirt in Oiliúint Bainistíochta a eagraíodh trí Oifigeach Forbartha Gairmiúla BOaO. I measc na n-ábhar a bhí faoi chaibidil bhí:<br>- Córais Nua a Úsáid – Pleanáil, Rianú agus Monatóireacht<br>- Scileanna chun Bainistiú agus Ceannaireacht a Dhéanamh |
| | Leanfar le cruinnithe rialta struchtúrtha (laistigh de na rannáin féin agus eatarthu) in 2019 | Tionóltar cruinnithe foirne struchtúrtha rialta ar leibhéal na rannóg agus idir rannóga agus leanfar leis sin in 2020. Coinníodh leis an dlúthchomhar idir an Rannóg Caipitil agus Soláthair agus an Rannóg Airgeadais in 2019. Taispeánadh éifeachtacht an chomhair sin nuair a tugadh chun críche an chéad Phlean Soláthair Ilbhliantúil don eagraíocht i mí Lúnasa 2019. |
| | Leanfar de chruinnithe rialta den Fhóram Príomhoidí a reáchtáil in 2019. Cuirfear tacaíochtaí ar fáil ar an leibhéal cuí maidir le ceannaireacht roinnte a chur i bhfeidhm. Fóram Leas-Phríomhoidí a bhunú agus tacaíocht a thabhairt dó. Beidh meithleacha oibre maidir le Cumhdach, Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh agus RSO ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí córasacha na Roinne Oideachais agus Scileanna. | Cnuasaigh Dhigiteacha: Lean Rannán Scoileanna an BOO ar aghaidh ag cloí leis an dea-chleachtas ó thaobh tacú le scoileanna trí laethanta cnuasaigh, ar cuireadh tús leo i mí Mheán Fómhair 2019. Rinne an Stiúrthóir Scoileanna anailís ar riachtanais na scoileanna aonair chun an tacaíocht a theastaíonn a chinneadh. Cuireadh an oiliúint, an chomhairle agus an tacaíocht ba ghá ar fáil do scoileanna trí StaffCONNECT agus LCBOOSchools.com chun an úsáid is fearr a bhaint as Microsoft Office 365. Éascaíodh do thacaíocht oiriúnaithe freisin chun suímh SharePoint agus Microsoft Teams a úsáid sna scoileanna. Bhunaigh an BOO Grúpaí Oideoirí Éireann Google chun tacú le scoileanna ar fud an réigiúin. Eagraíodh trí lá cnuasaigh do scoileanna a úsáideann Microsoft 365 agus G Suite for Education.<br><br>Folláine sa tSraith Shóisearach: Tá scoileanna an údaráis ag glacadh páirt san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach Chnuasbhunaithe a sholáthraíonn Foireann na Sraithe Sóisearaí chun Tacú le Cur i bhFeidhm Chreat na Sraithe Sóisearaí, agus |

| | | |
|---|---|---|
| | | bíonn na scoileanna á hóstáil sin freisin. D'éascaigh an Stiúrthóir Scoileanna lá do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí a thugann faoin amchlár a leagan amach sna scoileanna, chun féachaint ar bhealaí ina bhféadfaí 400 uair an chloig le haghaidh folláine a chur leis an amchlár. Fuarthas aiseolas an-dearfach ón seisiún. Tá seisiúin bhreise beartaithe i ndáil le hamchláir sna blianta amach romhainn chun tacú leis an tSraith Shóisearach nua.<br><br>I mí Mheán Fómhair 2019, bunaíodh fóram nua do Threoirchomhairleoirí a bhíonn ag obair i scoileanna an BOO agus sna pobalscoileanna a bhfuil an BOO ina chomhphátrún orthu. Tháinig an grúpa sin le chéile ag tionscail éagsúla atá lonnaithe i Luimneach nó sa Chlár chun naisc níos mó a fhorbairt leis na tionscail sa réigiún agus leas a bhaint as na naisc sin. Tá Rannán Scoileanna an BOO an-bhuíoch do Thascfhórsa Post an Lár-Iarthair as a chuid iarrachtaí i ndáil le bheith ag obair lena scoileanna chun feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht idir scoileanna agus lucht gnó, lucht tionscail agus an pobal taighde.<br>Foireann Tacaíochta do Scoláirí: Rinne an Stiúrthóir Scoileanna agus an Fhoireann Tacaíochta de chuid Rannán Scoileanna an BOO éascú ar chruinnithe leis na foirne aonair um thacaíocht do scoláirí, agus lean na foirne ar aghaidh leis an obair réamhghníomhach a dhéanann siad ó thaobh tacú le scoláirí atá i mbaol. Tháinig comhordaitheoirí na bhfoirne tacaíochta do scoláirí le chéile ceithre huaire le linn 2019. Bunaíodh grúpa comhairleach den Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus éascaíodh oiliúint d'fhoirne tacaíochta nuacheaptha do scoláirí i mí na Nollag 2019 thar thréimhse dhá lá. Is é an Stiúrthóir Scoileanna a chomhordaigh an oiliúint sin agus ba chur chuige ilghníomhaireachta a glacadh ina leith le hionchur ó sheirbhísí agus grúpaí éagsúla i réigiún Luimnigh agus an Chláir lena n-áirítear: an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Tusla, Rannóg Acmhainní Daonna an BOO, an Tionscadal um Dhobrón ar Leanaí, Jigsaw agus Foireann Tacaíochta an Rannáin Scoileanna. |
| 2.5 Feasacht ghníomhach a chur chun cinn maidir le sláinte, sábháilteacht, folláine agus leas do gach ball foirne, mac léinn agus foghlaimeoir ag leibhéal pearsanta agus eagrúcháin. | Chuir BOO Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta (Pegasus) i bhfeidhm in 2018. Le linn 2019, déanfar iniúchadh ar Shláinte agus Sábháilteacht i scoileanna agus in ionaid. Áireofar leis sin meastóireacht ar chórais atá i bhfeidhm chun riachtanais Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta na foirne a bhainistiú. | Le linn 2019, rinneadh iniúchadh ar bheartais agus nósanna imeachta. Tugadh chun cinn an obair maidir lena léiriú go bhfuiltear ag cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007. Sainaithníodh riachtanais oiliúna agus cuireadh pleananna i bhfeidhm chun breisoiliúint a chur ar na baill foirne ábhartha.<br><br>Chuaigh an Rannóg Caipitil agus Soláthair i gcomhairle leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun sonraí ábhartha a sholáthar ar Chleachtais Sláinte agus Sábháilteachta a bhaineann le Tionscadail Chaipitil. |
| | In 2019, beidh Rannán BOaO an BOO ag obair le Ceannoifig an BOO lena chinntiú go mbeidh Coistí Sláinte agus Sábháilteachta bunaithe ina ionaid go léir agus go bhfaighidh na baill foirne deiseanna chun freastal ar Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta (oiliúint éigeantach agus oiliúint bhreise) | Le linn 2019, ghlac 94 ball foirne BOaO páirt in Oiliúint sa tSláinte agus Sábháilteacht a eagraíodh tríd an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, agus thacaigh an tOifigeach Forbartha Gairmiúla BOaO leis an oiliúint sin. |
| | Cuirfidh Meitheal Oibre an BOO um Chumhdach agus a Phobal Cleachtais um Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí oiliúint agus tacaíocht ar fáil do scoileanna maidir le Cumhdach, Foireann Tacaíochta do Scoláirí agus Teagmhais Chriticiúla. I rith 2019, cabhróidh an BOO le scoileanna a bheith páirteach i gclár forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) na Seirbhíse um Fhorbairt | An Mheitheal Chomhairleach um Chumhdach: Tá baill sa mheitheal seo ón Rannán Scoileanna agus ón Rannán Breisoideachais agus Oiliúna. Tá sí fós ag tacú le cur i bhfeidhm Threoirlínte Tús Áite do Leanaí 2017 agus Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Mar chuid de sin, soláthraítear oiliúint do Theagmhálaithe Ainmnithe, tacaíocht agus treoir maidir le measúnuithe riosca, |

| | | |
|---|---|---|
| | Ghairmiúil do Mhúinteoirí lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na treoirlínte leasaithe maidir le Tús Áite do Leanaí. | oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, mar aon le forbairt beartas agus acmhainní. Ullmhaíodh cur i láthair caighdeánach do gach ball foirne agus dáileadh é ar na scoileanna go léir i mí Lúnasa. Dírítear ann ar chumhdach leanaí agus ar nósanna imeachta maidir le tuairisciú éigeantach. |
| | I gcás Ionaid BOaO a chuireann soláthar Ógtheagmhála ar fáil, tacóidh Rannán BOaO an BOO leo chun bheith páirteach san fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá pleanáilte lena chinntiú go gcuirfear na treoirlínte athbhreithnithe Tús Áite do Leanaí i bhfeidhm in 2019. | Le linn 2019, ghlac 149 ball foirne BOaO páirt in oiliúint maidir le Cumhdach Leanaí agus Daoine Fásta Leochaileacha a d'eagraigh an tOifigeach Forbartha Gairmiúla BOaO. |
| 2.6 Na freagraí agus na hacmhainní is oiriúnaí a sholáthar chun freastal ar riachtanais, ar chineálacha éagsúla cur chuige agus ar phátrúin oibre atá ag athrú dár mbaill foirne, dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí ar dhaoine éagsúla, ilchineálacha iad. | Díriú níos mó ar fhoghlaimeoirí atá i bpost nach dteastaíonn ach leibhéal íseal scileanna ina leith mar gheall ar athruithe ar chúrsaí eacnamaíocha, agus orthu siúd nach furasta acu é post a aimsiú.<br><br>- Forbrófar cúrsaí Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh, a bheidh dírithe go príomha ar na hearnálacha Déantúsaíochta agus Tógála i réimsí mar Bhainistíocht Tionscadal, Cleachtas Déantúsaíochta Earraí agus Sláinte agus Sábháilteacht.<br>- I gcúrsaí Scileanna Gnóthaithe Post (e.g. An Timpeallacht Thógtha, Leibhéal 3), beifear ag díriú orthu siúd atá i gceantair ard-dífhostaíochta agus ar an lucht dífhostaithe fadtéarma, chun iad a ullmhú don ionad oibre agus/nó le dul ar aghaidh chuig Breisoideachas agus Oiliúint.<br>- Leanfaidh bainisteoirí soláthair orthu ag déanamh athbhreithniú ar an soláthar féachaint cad iad na deiseanna atá le tapú chun an soláthar a athailíniú tuilleadh le spriocanna náisiúnta arna gcomhaontú ag an BOO (caithfear soláthar nuálach a fhorbairt agus a ailíniú le Spriocanna 1-6)<br>- Plean le haghaidh Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais (IOOF) ar Champas na Sionainne le cur i bhfeidhm do 2019. Breathnú ar gach gné den soláthar fáilteachais ón oiliúint ar an láthair oibre go dtí uasoiliúint don lucht bainistíochta. Córais agus nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin nua a fhorbairt do rannóga tionscail.<br>- HETC – Glacfaidh 24 bainisteoir páirt i gclár uasoiliúna tionscail a sholáthrófar lá amháin sa tseachtain. Beidh rannpháirtithe in ann freastal air agus íocfar pá saoire leo. Is clár Bainistíochta Leibhéal 6 é a mhaireann 8 mí. | Ghlac 595 duine páirt i gcláir Scileanna le Dul Chun Cinn a Dhéanamh in 2019. Tá na cláir seo leagtha amach chun tacú le fostaithe a bhfuil easpa scileanna orthu ionas gur féidir leo coinneáil lena ngairmeacha beatha nó dul chun cinn a dhéanamh iontu. Múineadh cúrsaí i réimsí mar: Anailís Sonraí agus Scileanna Gnó, Bainistíocht na Maoirseachta, Teicneolaíocht Faisnéise, Scileanna Scarbhileog MS Excel, Táthú Mig & Tig, Lean Six Sigma, Trádstóráil Creasa Ghlais, Rialú Fardail, Párolla Láimhe agus Párolla Ríomhairithe.<br><br>Le linn 2019, chuir an tIonad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais cláir QQI agus cláir chreidiúnaithe eile ar fáil d'fhoghlaimeoirí, ar cláir iad atá dírithe ar phoist éagsúla sa tionscal óstáin agus lónadóireachta. Tá na cláir sin dírithe go sonrach ar dhaoine atá dífhostaithe agus cuireann ar a gcumas dóibh tabhairt faoi oiliúint a dhéanamh i gclár scileanna ar leith. Go dtí seo, bhí naisc dhíreacha idir an clár agus Cónaidhm na nÓstán Éireannach, Fáilte Éireann, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus cuibhreannas áitiúil óstóirí i réigiún an Lár-Iarthair. I gcás 75% de chéimithe an chláir, faigheann siad post nuair a bhíonn sé críochnaithe acu.<br><br>I mí Iúil 2019, tionóladh searmanas bronnta céime speisialta den chlár 'Learning for Life' de chuid Diageo Ireland ag an Guinness Storehouse. Is é is aidhm don chlár sin na scileanna agus an oiliúint a sholáthar do dhaoine a bheidh de dhíth orthu chun post a aimsiú san earnáil fáilteachais. Ar na 14 céimí is déanaí, bhí idir fhoghlaimeoirí ó sholáthar díreach agus ó réigiún Luimnigh agus an Chláir. |
| | Taighde a dhéanamh ar Oiliúint Chomhionannais don fhoireann go léir in 2019, agus é a fhorbairt agus a mheas.<br><br>A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar gach beartas i gcomhthéacs Dhualgas Earnála Poiblí an BOO le linn 2019. | D'fhreastail baill foirne ar cheardlanna de chuid an BOO um Dhualgas Earnála Poiblí in 2019, chun a bhfeasacht ar an dualgas a ardú. Tá beartais á n-athbhreithniú faoi láthair i gcomhthéacs Dhualgas Earnála Poiblí an BOO agus leanfar á n-athbhreithniú agus á dtabhairt cothrom le dáta, más gá sin, in 2020. |

| | | |
|---|---|---|
| | Le linn 2019, cuirfidh Rannán BOaO an BOO acmhainní ar fáil agus éascóidh sé do rannpháirtíocht na foirne le tionscnamh píolótach Folláine an BOO. | D'fhorbair an Rannán BOaO ríomhuirlis mar chuid dá thionscnamh, 'Tairbhí Leathana na Foghlama' Leis an ríomhuirlis sin, cuirtear ar a gcumas d'fhoghlaimeoirí an BOO an dul chun cinn atá á dhéanamh acu féin ar chúrsa a mheas, mar aon leis na scileanna a d'fhorbair siad. Is féidir le foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh ar bhuntáistí ginearálta an chúrsa lena n-áirítear: foghlaim phearsanta, sláinte agus folláine, an teaghlach agus an pobal agus pleananna i ndáil le hoideachas nó fostaíocht amach anseo. In 2019, cuireadh an uirlis ar fáil ar shuíomh gréasáin BOaO ar https://wider-benefits.learningandskills.ie/ |

| Sprioc Straitéiseach 3: Dea-Rialachas<br>Aidhm: Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar lena n-éascaítear do sholáthar éifeachtach, éifeachtúil na seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fad. Is éard atá i gceist leis seo ná a chinntiú go dtacaítear le caighdeán sholáthar oideachais agus oiliúna an údaráis trí chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin rialachais is airde ó thaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíonta, cothromais agus luach ar airgead. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | An gealltanas a thugtar i bPlean Seirbhíse 2019 | Éachtaí in 2019 |
| 3.1 A chinntiú go bhfuil struchtúir eagrúcháin, a bhfuil córais láidre riaracháin mar thaca fúthu, ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. | In 2019, beidh Rannán BOaO an BOO ag obair le hÚdarás Bainistíochta CSE agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun sonraí foghlaimeoirí a sholáthar tríd an gcóras ríomh-chomhtháthaithe nua mar a cheanglaítear faoi na rialacháin maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochtaí na hEorpa (ESIF) 2014-2020. | Leanúnach. Le linn 2019, cuireadh FETCH chun cinn agus cuireadh leis an úsáid a bhaintear as chun foghlaimeoirí a chlárú lena chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí tuairiscithe sonraí criticiúla CSE, trí phróiseas féindearbhaithe a chuirfidh na foghlaimeoirí i gcrích. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar gach doiciméad beartais de chuid an BOO maidir lena bheith cothrom le dáta agus comhlíontach in 2019 agus timthriall athbhreithnithe beartais a bhunú lena chinntiú go ndéantar gach doiciméad beartais a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta laistigh de thimthriall 3 bliana ar a mhéad. | Rinneadh athbhreithniú ar gach beartas agus nós imeachta in 2019 chun comhlíonadh na reachtaíochta agus na n-imlitreacha a chinntiú. Nuashonraíodh Beartas Saoire do Thuismitheoirí an BOO le tabhairt isteach ceithre seachtaine breise Saoire do Thuismitheoirí ón 1 Meán Fómhair, 2019 agus le tabhairt isteach dhá sheachtain Saoire do Thuismitheoirí ó mhí na Samhna 2019.<br><br>Ghlac an BOO Beartas Náisiúnta Soláthair ar an 15 Deireadh Fómhair 2019, le hathbhreithniú bliantúil ón Rannóg Caipitil agus Soláthair chun aon imlitreacha, treoirlínte agus reachtaíocht nua a chur san áireamh ann.<br><br>Faoin bPlean um Sholáthar Corparáideach, tá roinnt spriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta sainaitheanta ag an Rannóg Caipitil agus Soláthair atá nasctha le 7 bpríomhchuspóir. Tá gach príomhtháscaire feidhmíochta sannta do rannán nó ról laistigh den BOO agus déantar athbhreithniú rialta ar an bplean. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar pharaiméadair an chórais TFC in 2019 agus iad a chur in oiriúint lena chinntiú go mbeidh an éifeachtúlacht is mó is féidir ann de réir Straitéis TFC an BOO 2017-2020. | Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar chórais atá ann cheana agus ar aon chóras a bhí beartaithe in 2019 lena chinntiú go bhfuil siad stuama, slán agus go bhfuil siad ag teacht le Straitéis TFC an BOO 2017-2020 |
| | Tabharfar tacaíocht do scoileanna chun páirt a ghlacadh, ina seal féin, in athbhreithniú faoi stiúir an BOO ar bheartais, lena chinntiú go mbeidh na beartais sin fós ábhartha in 2019. Tabharfaidh an Fóram Príomhoidí tosaíocht do bheartais a bhfuil athbhreithniú le déanamh orthu. | Rinneadh athbhreithniú ar raon beartas in 2019 chun tacú le scoileanna an BOO. Rinneadh athbhreithniú ar na réimsí beartais seo a leanas chun riachtanais an BOO mar eagraíocht agus riachtanais a cuid scoileanna a léiriú, agus tugadh cothrom le dáta iad:<br>- Beartas um Aoi-Chainteoirí<br>- Beartas Imeachtaí<br><br>Thug an Stiúrthóir Scoileanna cúnamh do roinnt scoileanna san athbhreithniú ar Bheartais Iontrála don scoilbhliain 2020/2021. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Tá gach scoil atá i mbun pleanála maidir leis an athbhreithniú ar dhréachtbheartais le haghaidh na n-athruithe ar an Acht Oideachais i ndáil leis an mBille Iontrála a chuirfear i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2020. |
| 3.2 Próisis phleanála straitéiseacha agus eagraíochta a neartú. | In 2019, forbróidh an BOO Creat Faireacháin agus Meastóireachta chun éascú don mhonatóireacht agus tuairisciú bliantúil ar a Ráiteas Straitéise. | Forbraíodh teimpléid in 2019 lena nasctar an Ráiteas Straitéise agus an Próiseas Pleanála Seirbhíse bliantúil le próiseas meastóireachta agus tuairiscithe bliantúil a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil. Tabharfar an Creat Faireacháin agus Meastóireachta sin cothrom le dáta chun athruithe ar na tosaíochtaí a bhíonn ag ROS/SOLAS a léiriú agus déanfaidh Foireann Ardbhainistíochta an BOO athbhreithniú air gach bliain. |
| | Tabharfar tacaíocht do scoileanna chun páirt a ghlacadh, ina seal féin, in athbhreithniú faoi stiúir an BOO ar bheartais, lena chinntiú go mbeidh na beartais sin fós ábhartha in 2019. Tabharfaidh an Fóram Príomhoidí tosaíocht do bheartais a bhfuil athbhreithniú le déanamh orthu. | Thagair Rannán Scoileanna an BOO don Ráiteas Straitéise ag a chruinnithe go léir leis na grúpaí seo a leanas ó Lúnasa 2019 ar aghaidh:<br>- Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí<br>- An Fhoireann Tacaíochta<br>- Baill na Foirne Tacaíochta do Scoláirí<br>- Múinteoirí a bhíonn ag plé le Foghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú Ionchuimsitheach a Stiúradh<br>- Comhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta<br>- Fóram na dTreoirchomhairleoirí |
| 3.3 Ardchaighdeáin maidir le bainistiú airgeadais agus riosca a chinntiú trí rialúcháin iniúchóireachta/monatóireachta inmheánacha/seachtracha, chun tacú le scoileanna, ionaid agus seirbhísí oibriú de réir treoirlínte/ceanglais maidir le maoiniú agus rialachas corparáideach. | Agus iad ag obair i gcomhar leis na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta, i rith 2019 déanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna rioscaí a shainaithint, a mheas, agus a bhainistiú go gníomhach i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí uile, déanfaidh sé monatóireacht orthu, agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmeálta trédhearcacha i bhfeidhm i gcomhair iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach araon. | Thug an tOifigeach Soláthair tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus don Choiste Airgeadais ar an gClár Caipitil agus ar an bhfeidhm Sholáthair le linn 2019.<br><br>D'eisigh an Rannóg Caipitil agus Soláthair tuarascálacha maidir le gach tairiscint os cionn €100,000 chuig gach cruinniú den Choiste Airgeadais in 2019.<br><br>Cuimsítear sa Chlár Rioscaí gach ceann de na trí rannán agus rinneadh athbhreithniú leanúnach air le linn 2019 lena chinntiú go léireofaí ann aon rioscaí nua nó aon athruithe ar dhóchúlacht nó ar thionchar ag brath ar na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm. Cuireadh iadsan i láthair ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta in 2019. Bhí an Clár Rioscaí mar chuid den Chlár Oibre do gach cruinniú den lucht ardbhainistíochta agus de na príomhoifigigh chúnta in 2019 áit ar tugadh Plean Gnó cothrom lá dáta bunaithe ar aidhmeanna straitéiseacha an BOO. |
| | Agus é ag obair i gcomhar leis na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta, i rith 2019 déanfaidh Rannán BOaO an BOO rioscaí a shainaithint, a mheas, agus a bhainistiú go gníomhach i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí uile, déanfaidh sé monatóireacht orthu, agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmeálta trédhearcacha i bhfeidhm i gcomhair iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach araon.<br><br>- Tá an fheidhm oiliúna agus forbartha maidir le Bainistíocht agus Bainistíocht Airgeadais chun cur leis an acmhainn atá aici i dtaobh pleanáil straitéiseach a dhéanamh agus chun nascadh le próis phleanála ITLM agus CTFC | Is mír den chlár oibre é Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú den Ghrúpa Stiúrtha BOaO.<br><br>Tacaítear le pleanáil ITLM ar CTFC agus soláthar Printíseachta le ceardlanna a bhaineann go sonrach le catagóir ar leith lena chinntiú go ndéantar an plean bliantúil a fhorbairt go cruinn agus go réalaíoch agus go mbeidh sé ailínithe leis an mbliain chomhfhreagrach den Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí (CFS).<br><br>Déantar pleanáil printíseachta a iontráil go díreach in ITLM agus déantar ionchuir, aschuir agus torthaí, idir chinn a baineadh amach agus iad siúd atá beartaithe, a iontráil agus a athbhreithniú ar mhaithe le cruinneas agus comhsheasmhacht. Sula gcuirtear isteach é, cuirtear an plean bliantúil foriomlán ITLM i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin agus na torthaí iarbhír a baineadh amach an bhliain roimhe sin agus déantar iad a ailíniú leis na sprioc-ghealltanais a rinneadh sa bhliain atá le teacht den Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí (CFS). Baintear leas as próiseas atriallach chuige sin agus aird á tabhairt ar thorthaí tuairiscithe na Príomh-Oifige Staidrimh i leith Sprioc 1 agus Sprioc 2. |

| | | |
|---|---|---|
| | - Tá gach bainisteoir agus comhordaitheoir chun díriú ar an bpleanáil don am atá le teacht agus tosú ag cur leis an úsáid laethúil a bhaintear as CTFC, ITLM, P2P etc. mar uirlisí bainistíochta<br>- Oiliúint do Theagmhálaí Ainmnithe a sholáthar do gach comhordaitheoir soláthair BOaO (cosaint leanaí/daoine fásta leochaileacha). | Cuireadh oiliúint ar fáil do 149 Foireann BOaO in 2019 maidir le Cumhdach, Cosaint Leanaí/Cumhdach Daoine Fásta Leochaileacha. |
| | Déanfaidh Fóram na bPríomhoidí athbhreithniú rialta ar Chlár Rioscaí Scoileanna | Tá Bainistíocht Riosca ina mír ar an gclár oibre ag gach cruinniú de chuid na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí ó Lúnasa 2019 ar aghaidh. Bunaíodh grúpa comhairleach Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i mí Mheán Fómhair 2019. Tá athbhreithniú déanta ag an ngrúpa sin ar an leagan is déanaí den Chlár Rioscaí agus tá Plean Gníomhaíochta á chur le chéile don bhliain 2020 maidir le húinéireacht agus amlínte a shannadh do gach riosca a shainaithnítear. Pléifear moltaí atá sa Phlean Gníomhaíochta ag cruinnithe na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí. |
| 3.4 Úsáid éifeachtach acmhainní poiblí a uasmhéadú agus dúbailt seirbhísí a sheachaint. | Cinnteoidh an BOO, más féidir é in 2019, go mbainfidh sé leas as lárchreataí agus lárchonarthaí soláthair arna n-eagrú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR). | Cuireadh Creat Dlíthiúil i bhfeidhm in 2019 agus tá an BOO ag obair i gcomhar le BOOÉ agus le OSR chun an creat sin a chur i bhfeidhm.<br><br>Lean an BOO ag baint leas as Creataí na hOifige sin in 2019 nuair a bhí fáil orthu, lena n-áirítear maidir le gach Fóntas, Bainistíocht Saoráidí, Taisteal agus Acmhainní Daonna etc. Le linn an phróisis faoinar réitíodh Plean Soláthair Ilbhliantúil na bliana 2019, shonraigh an BOO nach raibh catagóir i gCreat na hOifige um Sholáthar Rialtais a chomhfhreagraíonn do réimse na dTomhaltán Ranga agus an Trealaimh Oiliúna. Tá an BOO fós i gcomhairle le OSR lena chinntiú gur féidir leaganacha amach anseo de chreataí a chur in oiriúint do riachtanais na hearnála agus do riachtanais áitiúla. Tá aiseolas á threorú trí mheáin éagsúla lena n-áirítear na Comórtais Féinfhreastail a bhfuil an BOO páirteach iontu anois ó bhí 2019 ann. |
| | | Bhí Rannán Scoileanna an BOO ag obair i ndlúthpháirt leis an Stiúrthóireacht TFE in 2019 lena chinntiú go n-úsáidfidh scoileanna lárchreataí agus lárchonarthaí soláthair ar cinn iad a mhol OSR.<br>Téitear i gcomhairle le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus cuirtear ar an eolas iad faoi gach próiseas tairisceana. |

| | | |
|---|---|---|
| 3.5 Inbhuanaitheacht agus freagracht chomhshaoil a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. | Le linn 2019, tá sé ina aidhm ag an BOO éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a fheabhsú trí chaidreamh leanúnach le tionscnaimh mar chlár an Chiste Eorpaigh um Éifeachtúlacht Fuinnimh. | Is comhpháirtí é an BOO le ROS agus leis an SEAI ar an gClár Píolótach Náisiúnta Fuinnimh do na Scoileanna. Críochnaíodh dian-iarfheistiú fuinnimh ar 19 scoil ar fud na tíre in 2019, agus Coláiste Chaladh an Treoigh ina measc.<br><br>Cuireadh tuairisceán reachtúil ar úsáid fuinnimh an BOO faoi bhráid an SEAI, inar taispeánadh gur tháinig laghdú 18.1% ar ídiú fuinnimh ar fud na heagraíochta ó 2009. |
| | In 2019, tacófar le scoileanna maidir le páirt a ghlacadh sa chlár bainistíochta agus oideachais comhshaoil de chuid An Taisce, darb ainm Tionscnamh na Scoileanna Glasa. | Bhí baint ghníomhach ag roinnt scoileanna de chuid an BOO leis an tionscnamh sin agus leis an tionscnamh 'Take 1' de chuid BOOÉ in 2019. Faoi 'Take 1', cuirtear clár oideachais ar bun chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a chur san áireamh i gCuraclam na Sraithe Sóisearaí. Is é Jack O'Connor, Toscaire Óige na Náisiún Aontaithe d'Éirinn, a sheol an clár, a d'fhorbair BOOÉ. Bhíodh seisean ag freastal ar Choláiste Dheasumhan, scoil de chuid an BOO sa Chaisleán Nua Thiar. Cuireadh tús leis an gClár Take 1 le seimineár oiliúna do mhúinteoirí agus do lucht bainistíochta scoile, chun cabhrú le scoileanna an BOO teacht ar an tuiscint is gá ar na SDGanna go léir. Mar chuid den acmhainn, rinneadh gach SDG a mhapáil ar thorthaí foghlama ábhair na Sraithe Sóisearaí, rud a léiríonn an acmhainneacht atá sna curaclaim nua cheana féin. |
| 3.6 Córais éifeachtacha um chosaint sonraí, um rúndacht agus um bainistiú taifead a chinntiú. | Córas Bainistíochta Taifead a chur i bhfeidhm ar fud gach láithreach de chuid an BOO in 2019, agus iad seo a leanas a áireamh:<br>- Roghnaíodh conraitheoir (DSM) tar éis próiseas tairisceana in 2018. Bhí an tionscadal fós ar siúl in 2019 agus bogadh na taifid go léir chuig suíomh slán amháin mar chuid den sceideal coinneála taifead<br>- Teimpléad an Bheartais um Bainistíocht Taifead á chur i bhfeidhm. Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta bainistíochta sonraí a chomhlíonann an reachtaíocht, agus réiteach bogearraí chun tacú leo<br>- Sceideal coinneála taifead lena n-áirítear digitiú agus diúscairt rúnda<br>- Clár oiliúna bainistíochta taifead lena n-áirítear lámhleabhair lena gcinntítear go gcomhlíontar RGCS agus an reachtaíocht um Chosaint Sonraí. | Cuireadh an Córas Bainistíochta Taifead i bhfeidhm go hiomlán faoi dheireadh 2019. Chuaigh DSM i gcomhpháirtíocht leis an BOO maidir leis sin, agus in 2019 bhí sé ag obair i ndlúthpháirt leis an údarás de réir a bheartais um Bainistíocht Taifead. Rinneadh comhordú agus athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar an bpróiseas sin.<br><br>Le linn 2019, bhí baill foirne ar fud an Rannáin Scoileanna agus an Rannáin BOaO ag obair leis an Oifigeach Cosanta Sonraí chun comhlíonadh a chinntiú agus thug na bainisteoirí uile faoi oiliúint RGCS.<br><br>Tá Comhaontuithe ábhartha um Chomhroinnt Sonraí i bhfeidhm ag an BOO. Féadann sé a dhearbhú in 2019, maidir leis na sonraí pearsanta atá i seilbh an chláir/ionaid faoi láthair, go gcoinnítear iad de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS). |
| 3.7 Straitéis éifeachtach chumarsáide a fhorbairt. Iarracht a dhéanamh a bheith réamhghníomhach maidir le faisnéis a scaipeadh go hinmheánach agus go seachtrach trí réimse leathan meán, agus teachtaireachtaí éagsúla á gcur in iúl do pháirtithe leasmhara éagsúla ar chúiseanna éagsúla. | Le linn 2019, cuirfidh an BOO Creat Cumarsáide foirmiúil i bhfeidhm lena ndéanfar soiléiriú ar struchtúir, róil agus freagrachtaí eagrúcháin, agus ina leagfar amach próisis éifeachtacha chumarsáide agus chinnteoireachta laistigh den BOO lena n-áirítear an Rannán BOaO, feidhmeanna riaracháin an BOO agus an Rannán Scoileanna. | D'fhorbair Rannán Scoileanna an BOO, i gcomhairle leis an Stiúrthóireacht TFE, Creat Cumarsáide in 2019. Tá sé cinntithe ag an Rannán Scoileanna go dtacófar le scoileanna trí na teicneolaíochtaí is déanaí agus is éifeachtaí, chomh maith leis an oiliúint is gá, a chur ar fáil d'fhonn cumarsáid a fheabhsú.<br>I mí an Mheithimh 2019, rinneadh suirbhé ar na Príomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí uile ar roghanna cumarsáide agus bunaíodh córas teachtaireachtaí téacs grúpa le húsáid tráthanna éigeandála agus i gcomhair teachtaireachtaí tábhachtacha. |
| | Seoladh suíomh gréasáin nua in 2018 agus, le linn 2019, leanfar á fhorbairt lena chinntiú go soláthrófar faisnéis d'fhoireann agus do pháirtithe leasmhara an BOO. | Tá an suíomh gréasáin ag teacht chun cinn i gcónaí agus tugadh cothrom le dáta é in 2019 lena chinntiú go raibh an fhaisnéis ábhartha ba dhéanaí ann. Tá sé ríthábhachtach go soláthrófar faisnéis ábhartha ar an suíomh sin do bhaill foirne agus páirtithe leasmhara an BOO. |

| | | |
|---|---|---|
| | Le linn 2019, forbróidh an BOO Creat Cumarsáide foirmiúil ina mbeidh maitrís maidir leis an gcumarsáid inmheánach ar fud an BOO, lena ndéanfar soiléiriú ar struchtúir, róil agus freagrachtaí eagrúcháin, agus lena leagfar amach próisis éifeachtacha chumarsáide agus chinnteoireachta laistigh den BOO lena n-áirítear Rannán BOaO, feidhmeanna riaracháin an BOO agus an Rannán Scoileanna.<br>- Tá brandáil don BOO tugtha chun críche agus cuirfear i bhfeidhm í ar fud an Rannáin BOaO<br>- Straitéis maidir le Béarla Soiléir a fhorbairt i leith BOaO agus ar an leibhéal corparáideach chun aiseolas a thabhairt do leibhéal an tsoláthair<br>- Tuilleadh forbartha ar shuíomh Gréasáin BOaO, learningandskills.ie, comhordú ar láithreacht ar líne an BOO ar na meáin shóisialta. An Straitéis Cumarsáide Digití a chur i bhfeidhm.<br>- Is gá feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as na meáin shóisialta agus a n-úsáid a bheith comhsheasmhach, struchtúrtha agus ar bhonn beartais. | I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhorbair Foireann Cumarsáide an BOO feachtas margaíochta comhtháite maidir le Breisoideachas agus Oiliúint leis an mana #FindTheBestInYou, íomhánna agus físeáin mhealltacha le húsáid i bpictiúrlanna, sna meáin shóisialta, ar chláir fógraí agus i meáin eile amuigh faoin spéir lena n-áirítear busanna poiblí https://www.facebook.com/learningandskills.ie/videos/764473830653995/. Úsáideadh ábhar bolscaireachta de chuid an Rannáin BOaO ar bhusanna Chathair Luimnigh in 2019 chun Breisoideachas agus Oiliúint a chur chun cinn ar bhealaí ar fud na cathrach chomh maith le bealaí idir Luimneach, an tSionainn agus Inis.<br><br>Leanadh ar aghaidh ag forbairt shuíomh gréasáin BOaO an BOO, https://learningandskills.ie/ agus cuireadh rannáin nua leis an suíomh gréasáin in 2019.<br><br>Ullmhaíodh an-chuid ábhar bolscaireachta clóbhuailte le linn 2019 freisin agus bhí cuma agus éirim chomhsheasmhach tharraingteach le sonrú ar fud na mbróisiúr agus na mbileog go léir.<br><br>Le linn 2019, bhí margaíocht agus brandáil BOaO mar phríomhghné de shárthaispeántais éagsúla lena n-áirítear an taispeántas 'Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht' sa tSionainn i Márta 2019 agus Taispeántas Gairmeacha Printíseachta agus Oiliúna an Lár-Iarthair i mí Dheireadh Fómhair 2019. |

| | | |
|---|---|---|
| 3.8 Comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse/prótacail faoi mheabhrán tuisceana a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtracha dá dtugaimid deontais/acmhainní. | Le linn 2019 leanfaidh an BOO ar aghaidh leis an athbhreithniú ar an gcóras bainistíochta, agus leis an maoirseacht ar na conarthaí go léir atá i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí agus oibreacha a chuirtear ar fáil don BOO. Áireofar le bainistíocht na gcomhaontuithe seirbhíse laistigh den BOO:<br>- Riar Conarthaí<br>- Soláthar Seirbhíse<br>- Bainistíocht Caidrimh | Ina ról mar cheannaire na hearnála, d'eisigh an BOO ceanglais mhionsonraithe chuig an tSeirbhís Soláthair Oideachais a bhí freagrach as an gCóras Bainistíochta Conartha saincheaptha a chur i bhfeidhm in 2019. Tá súil ag an tSeirbhís Soláthair Oideachais go gcuirfear i bhfeidhm an córas nua in 2020. |
| | | Tá comhaontuithe seirbhíse nó meabhráin tuisceana i bhfeidhm le gníomhaireachtaí seachtracha dá soláthraíonn an BOO deontais/acmhainní.<br><br>I mí na Samhna 2019, shínigh an Rannán BOaO meabhrán tuisceana le Líonra Oideachais Pobail Luimnigh, trína dtugtar rochtain ar chláir bailíochtaithe oideachais agus oiliúna mar chuid de phróiseas rialachais agus measúnaithe a ndéantar dearbhú cáilíochta ina leith, lena gcinntítear go ndéantar deimhniú ar fhoghlaimeoirí agus go mbeidh fáil ar thacaíocht leanúnach maidir le teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin a sholáthar. Leis an athrú ar stádas ionaid an Líonra sin ó bheith ina soláthraithe aonair go bheith ina hionaid de chuid an BOO, cinnteofar go mbeidh na hionaid fós in ann torthaí foghlaimeoirí a chur ar ais chuig QQI lena ndeimhniú tar éis próisis mheasúnaithe a ndéantar dearbhú cáilíochta ian leith. Tríd an gcomhpháirtíocht sin, beidh ionaid an Líonra in ann leanúint leis an obair luachmhar a dhéanann siad i ndáil le deiseanna oideachais agus oiliúna a sholáthar do phobail Chathair Luimnigh.<br><br>I mí an Mhárta 2019, shínigh comhpháirtithe an tionscadail sin Meabhrán Tuisceana i Halla na Cathrach i Luimneach. Is ráiteas láidir é an comhaontú sin faoina bhfuil ar intinn acu don tionscnamh 'Cathair/Réigiún Foghlama' do Luimneach agus dá dtacaíocht ina leith.<br><br>I mí an Mheithimh 2019, chuir Uachtarán Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo, an Dr Michael Hannon, agus Príomhfheidhmeannach an BOO, George O'Callaghan, a síniú foirmiúil le meabhrán tuisceana a raibh sé ina aidhm leis cur leis an rochtain agus na deiseanna maidir le hArdoideachas agus Breisoideachas a sholáthar san Iarthar agus san Iarthar Láir. |
| | Le linn 2019, leanfaidh an BOO ag éascú don oiliúint agus do shocrúcháin oibre do mhúinteoirí faoi oiliúint. Déanfar Socrúcháin do Mhic Léinn trí chomhshocruithe grinnfhiosrúcháin a chuir i bhfeidhm le heagraíochtaí ábhartha. | D'fhorbair Rannán Scoileanna BOO dlúthnaisc oibre le Ranna Oideachais Ollscoil Luimnigh, OÉ Gaillimh, OÉ Corcaigh, agus Coláiste Mhuire gan Smál, Durlas, chun próisis agus nósanna imeachta socrúcháin éifeachtacha a éascú don eagraíocht, do na scoileanna agus do na coláistí tríú leibhéal. Bunaíodh grúpa comhairleach Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus ball foirne ó Roinn an Oideachais in Ollscoil Luimnigh in 2019 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmítear socrúchán mac léinn sna scoileanna. |
| 3.9 Cultúr féinmheastóireachta a chur chun cinn ar fud na heagraíochta chun eolas a sholáthar do phróiseas feabhsaithe leanúnach trí éifeachtúlacht na gcóras agus na gcleachtas riaracháin a mheas go rialta. | Déanfar athbhreithniú ar struchtúir, córais agus nósanna imeachta riaracháin chun féachaint chuige go bhfuil siad ábhartha, éifeachtúil agus éifeachtach. | Déanann an Rannóg Caipitil agus Soláthair monatóireacht agus nuashonrú ar bhonn leanúnach ar nósanna imeachta i ndáil le gach gníomhaíocht lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte inmheánacha, treoirlínte náisiúnta, treoracha de chuid an Aontais Eorpaigh, nósanna imeachta ROS etc.<br><br>Cuireadh tús le hathbhreithniú ar chórais agus nósanna imeachta riaracháin na Rannóige Acmhainní Daonna in 2019 agus leanfar leis in 2020 chun féachaint chuige go bhfuil siad ábhartha, éifeachtúil agus éifeachtach. |
| | Le linn 2019, tacóidh an BOO le scoileanna maidir leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm trí thionscnaimh theagaisc agus foghlama a threorú. | Fuarthas aiseolas luachmhar ó chruinnithe Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí maidir leis an rannpháirtíocht leanúnach leis an bpróiseas féinmheastóireachta. Bhí an fhéinmheastóireacht á cur chun cinn ag scoileanna tríd an obair a dhéanann an Fhoireann Tacaíochta sa Rannán Scoileanna. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Tugtar breac-chuntas in Imlitir 0040/2016 ar thabhairt chun críche an phróisis féinmheastóireachta faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2020. D'fhorbair scoileanna cleachtais féinmheastóireachta in 2019 chun athruithe a bhainistiú agus feabhas a chur ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc.<br>Ó mhí an Mheithimh 2019 i leith, leagadh béim san obair a dhéanann Foireann Tacaíochta an Rannán Scoileanna ar fhéachaint ar an séú céim sa phróiseas féinmheastóireachta – monatóireacht a dhéanamh ar bhearta agus tionchar a mheas. Le linn 2019, ag cruinnithe na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí, díríodh ar an dul chun cinn maidir le monatóireacht a dhéanamh ar bhearta le cabhair ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. Lean an Chigireacht sin ar aghaidh ag tabhairt cuairt ar na scoileanna chun comhairle a chur orthu faoin bhféinmheastóireacht. |
| | In 2019, cuirfear i bhfeidhm na moltaí ón athbhreithniú próisis ar sholáthar Oideachais Pobail Chathair Luimnigh (a foilsíodh i mí na Nollag 2018). | In 2019, d'éascaigh an Rannán BOaO don Phleanáil Gníomhaíochta do Líonra Oideachais Pobail Luimnigh maidir le moltaí ó athbhreithniú inmheánach a chur i bhfeidhm. |
| | Leanfar le creat monatóireachta agus meastóireachta i leith Ráiteas Straitéise agus Plean Seirbhíse an BOO a chur i bhfeidhm in 2019. Áireofar leis sin córais éifeachtacha mhonatóireachta agus tuairiscithe lena n-éascaítear do thuairisceáin thráthúla chuig comhlachtaí náisiúnta, agus lena dtreorófar an phleanáil. | Leanadh le creat Monatóireachta agus Meastóireachta BOaO a chur i bhfeidhm in 2019 ar fud an Rannáin BOaO, lena n-áirítear príomhuirlisí chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh aige i gcoinne chur i bhfeidhm a Chreata Straitéisigh BOaO agus i gcoinne tosaíochtaí náisiúnta. |

| Sprioc Straitéiseach 4: Comhpháirtíocht<br>Aidhm: Freagraí agus tacaíochtaí ábhartha a sholáthar de réir mar a éilíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt, ar féidir leo freagairt do riachtanais oideachais agus oiliúna an réigiúin, anois agus feasta. Is éard atá i gceist leis seo ná freagra a thabhairt ar oibleagáidí reachtúla agus comhpháirtíochtaí ábhartha a thógáil chun ról an oideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn ar mhaithe le hiomaíochas eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta ár réigiúin a fhorbairt. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | An gealltanas a thugtar i bPlean Seirbhíse 2019 | Éachtaí in 2019 |
| L4.1 Tionscnaimh a fhorbairt mar fhreagra ar riachtanais pholasaí náisiúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna, na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile. | Cuirfidh an BOO tús le pleanáil mhionsonraithe chun an réiteach is fearr a chur i bhfeidhm i ndáil leis an bhfeidhm phárolla a uasghrádú chun caighdeáin na Seirbhísí Comhroinnte a chomhlíonadh. | Cuireadh tús leis an oiliúint i ndáil leis na pacáistí bogearraí a theastaíonn chun an t-aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte a dhéanamh, agus thug baill foirne faoi oiliúint trí CORE University. Sainaithníodh ceannaire aistrithe maidir le hacmhainní daonna agus le párolla agus tá na ceannairí sin ag gabháil don obair ullmhúcháin atá ag teastáil chun an BOO a ullmhú le haistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte in 2019. |
| | Le linn 2019, rachaidh Rannóg BOaO an BOO i gcomhar le SOLAS maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe feidhmíochta straitéisí trí bliana, 2018-2020<br>- Tabharfar chun críche tionscadal Explore ROS atá dírithe ar oibrithe in aois 35+ ar Leibhéal 5, ar daoine iad nach bhfuil scileanna TF acu<br>- Tuilleadh Forbartha ar an gComhaontas STEM idir Scoileanna agus Coláistí an BOO agus earnáil na tionsclaíochta<br>- Naisc nua a bhunú nó naisc a athnuachan le príomhghníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara<br>- Naisc chun tacú le haistrithe le gníomhaireachtaí mar Chlár Athstiúrtha an Gharda Síochána, Seirbhísí Promhaidh, Rae Bedford agus seirbhísí tacaíochta pobalbhunaithe eile etc. | Le linn 2019 d'fhorbair an Bainisteoir Oibríochtaí BOaO Féilire um Pleanáil Oibríochtúil agus Tuairisciú BOaO chun cabhrú leis an bpróiseas seo a threorú go háitiúil.<br><br>Le linn 2019, bhí an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar ag obair le Fóram Réigiúnach Scileanna an Lár-Iarthair chun soláthar a dhearadh agus a sholáthar faoin gClár Explore.<br><br>Ba é cuspóir an chláir Explore cabhrú le fostaithe in aois 35+ san earnáil déantúsaíochta a n-inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt agus a fheabhsú. Ba é an Fóram Scileanna Réigiúnacha a dhear an clár Explore i gcomhpháirtíocht leis an aonad Rannpháirtíochta Fiontar um Pleanáil Scileanna sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Le linn 2019, chríochnaigh 100 rannpháirtí ó 39 cuideachta dhéantúsaíochta an clár sin. |
| | In 2019, leanfaidh Rannán BOaO an BOO ag obair le SOLAS/ROS agus le BOOÉ chun an Córas Tacaíochta Foghlaimeoirí Cláir (CTFC) a fheabhsú tuilleadh. | Rinneadh monatóireacht agus athbhreithniú géar ar sholáthar CTFC go háitiúil le linn 2019 agus eisíodh tuairiscí gníomhaíochta agus pleanála ar fud an BOO go minic, agus sonraí san áireamh iontu ar leibhéal na soláthraithe aonair lena chinntiú go ndéanfaí iontráil chruinn ar dhaoine a bhí ag tosú nó ag críochnú cláir agus ar na haschuir/torthaí a bhain leo, agus go ndéanfaí na haschuir/torthaí a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a d'fhéadfaí é. |
| | Tionscadal Náisiúnta Pinsean – i gcomhar leis an tionscadal náisiúnta pinsean in 2019, beidh an BOO ag obair chun bunachar sonraí a bhunú. | Rinneadh obair chun bunachar sonraí a bhunú faoin Tionscadal Náisiúnta Pinsean in 2019 agus leanfaidh an BOO ar aghaidh ag obair le foireann an tionscadail sin mar fhreagairt ar riachtanais bheartais náisiúnta in 2020. |
| | Le linn 2019, tá an Leabhar Oibre um Chomhlíonadh RGCS le cur i bhfeidhm chun comhlíonadh RGCS a chinntiú.<br>Déanfar Iniúchadh ar Scoileanna agus Ionaid in 2019 chun comhlíonadh RGCS a chinntiú. | Rinneadh Iniúchadh ar Scoileanna agus Ionaid in 2019 ar bhonn an Leabhair Oibre um Chomhlíonadh RGCS, agus é á cinntiú go bhfuil RGCS á chur i bhfeidhm. Tá an obair sin fós ar siúl agus í faoi athbhreithniú leanúnach. |
| 4.2 Cultúr comhoibrithe, nuálaíochta agus comhpháirtíochta a chur chun cinn chun deiseanna a | Le linn 2019, forbróidh an BOO táscairí chun éifeachtacht a ghníomhaíochtaí comhoibríocha a mheas maidir le deiseanna a fheabhsú dá pháirtithe leasmhara i Luimneach agus sa Chlár. | D'fhorbair Rannán Scoileanna an BOO láithreacht láidir ar fud bealaí meán sóisialta (suíomh gréasáin, Twitter, Facebook agus Blogger.com) chun comhoibriú, nuálaíocht agus comhpháirtíocht a fheabhsú do pháirtithe leasmhara sa réigiún. |

| | | |
|---|---|---|
| fheabhsú dár bpáirtithe leasmhara uile sa réigiún. | | - Forbraíodh www.LCBOOschools.com i mí Lúnasa 2019 chun ardán oscailte a bhunú do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, do mhúinteoirí agus don Fhoireann Tacaíochta ar mhaithe leis an gcomhoibriú ag cruinnithe, seimineáir agus ceardlanna<br>- Forbraíodh suíomh tiomnaithe SharePoint do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, do mhúinteoirí agus don Fhoireann Tacaíochta i mí an Mheithimh 2019 chun an tacaíocht agus na treoirlínte riachtanacha go léir do scoileanna a bhailiú le chéile<br>- Forbraíodh suíomh SharePoint do Cheannairí Curaclaim in éineacht leis an bhFoireann Tacaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2019<br>- Seoladh suíomh SharePoint d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí i mí na Samhna 2019 chun treoir agus dea-chleachtas a sholáthar d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí sna scoileanna<br>- Rinne na Foirne Tacaíochta agus an Rannán Scoileanna cuntais Twitter a oscailt agus a fhorbairt chun an dea-chleachtas a chur chun cinn agus chun scéalta dearfacha ó scoileanna agus eagraíochtaí an BOO a chomhroinnt ar fud an réigiúin<br>- Chun tús Sheachtain Litearthachta Meán agus Faisnéise Domhanda UNESCO 2019 a cheiliúradh, sheol Twitter lámhleabhar nua d'oideoirí, dar teideal Teaching and Learning with Twitter. Tá ríméad ar an BOO go bhfuil cás-staidéar faoin cheann dá iar-bhunscoileanna féin, Gaelcholáiste Luimnigh, sa lámhleabhar. Tá sé ina aidhm ag an lámhleabhar faisnéiseach, spraíúil, soiléir seo cabhrú le hoideoirí scileanna litearthachta sna meáin a fhoghlaim, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh na ceisteanna cearta a chur ar ábhar a mbíonn siad ag plé leis ar líne, agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar nuacht agus faisnéis a mbíonn siad ag plé leo ar an tseirbhís. Tá an acmhainn ábhartha d'iar-bhunscoileanna na hÉireann, agus go háirithe dóibh siúd a mhúineann an gearrchúrsa nua don tSraith Shóisearach – Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha. Tá treoirlínte dea-chleachtais ó UNESCO ar an litearthacht sna meáin san áireamh san acmhainn, chomh maith le liosta léitheoireachta ó speisialtóirí clár UNESCO, atá dírithe ar oideoirí a threorú trí na foilseacháin teagaisc atá ar fáil faoin ábhar seo faoi láthair. Déanfar é a aistriú ar dtús go 9 dteanga éagsúla; lena n-áirítear Béarla, Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis, Portaingéilis, Araibis, Seapáinis, Sualainnis agus Hiondúis, agus tá sé beartaithe é a aistriú do thíortha eile amach anseo. |
| | In 2019, leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh leis an líonrú gníomhach a dhéanann sé le gníomhaireachtaí áitiúla, grúpaí pobail agus foghlaimeoirí fásta lena n-áirítear Líonra Oideachais Pobail Luimnigh https://www.lcen.ie/ agus an Líonra Foghlama ar feadh an tSaoil, Co. an Chláir http://www.clarelearningnetwork.org/ | Próiseas Cnuasaigh Oideachais Pobail Chathair Luimnigh: Forbraíodh Plean Forfheidhmithe i mí Eanáir 2019 ar bhonn moltaí a tháinig ón Athbhreithniú Próisis ar Sholáthar Oideachais Pobail a rinneadh in 2018. I measc na bpríomhbheart ón bplean a cuireadh i gcrích in 2019 bhí siad seo a leanas:<br>- Dréachtaíodh Meabhrán Comhaontaithe idir Soláthar Oideachais Pobail an BOO agus comhordaitheoirí áitiúla.<br>- Ullmhaíodh doiciméad tagartha don Mheabhrán Tuisceana i gcomhpháirtíocht le Líonra Oideachais Pobail Luimnigh. |
| | In 2019, beidh ról lárnach ag Rannán BOaO an BOO i bhFéile Foghlama ar Feadh an tSaoil Luimnigh (an 9ú Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil) a bheidh ar siúl ón Luan an 8 – Dé Domhnaigh an 14 Aibreán 2019. | In 2019, mar chuid den Fhéile, reáchtáladh Seimineár Uile-Éireann a tionóladh ar an 10 Aibreán i gCaisleán Luimnigh faoin téama 'Bridging the Gap'.<br><br>Tionóladh an chéad chruinniú den Líonra Cathracha Foghlama Uile-Éireann i Luimneach, agus bhí ionadaithe ann ó Luimneach, Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Doire. Shínigh na Méaraí cairt nua, Cairt na gCathracha Foghlama, thar ceann a |

| | | |
|---|---|---|
| | | gcathracha. Leis sin, mealltar tacaíocht pholaitiúil ó na leibhéil is airde dár gcuid oibre comhroinnte chun ár gcathracha a fhorbairt mar áiteanna ina ndéantar gach foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách, cibé cén aois iad, cé na hábhair is spéis leo agus cén cumas atá acu.<br><br>Ina theannta sin, seoladh an suíomh gréasáin nua 'Luimneach ag Foghlaim' i mí an Mheithimh 2019. Is suíomh gréasáin tiomnaithe é www.LearningLimerick.ie a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca dóibh siúd ar spéis leo foghlaim ar feadh an tsaoil teacht ar fhaisnéis faoin raon cúrsaí agus teacht ar léargas ar réimse iomlán na Foghlama ar Feadh an tSaoil. Neartóidh sé an láithreacht ar líne atá ag 'Luimneach ag Foghlaim', agus ar an gcaoi sin tacófar le tosaíocht straitéiseach an ghrúpa maidir le hinfheictheacht agus láithreacht an tionscadail a fheabhsú. |
| | In 2019, beidh ionadaithe de chuid an BOO fós ina mbaill de roinnt grúpaí idirghníomhaireachta a dhíríonn ar riachtanais na gcohórt tosaíochta, lena n-áirítear grúpa oibre idirghníomhaireachta ar leith do thaistealaithe, grúpa idirghníomhaireachta um athlonnú dídeanaithe, comhaontas na ndaoine scothaosta agus soláthraithe SICAP, lena n-áirítear gníomhaireachtaí comhpháirtíochta – Comhpháirtíocht PAUL (Cathair Luimnigh), Forbairt Bhaile an tSratha (Oirthear Luimnigh), Acmhainní Iarthar Luimnigh (Iarthar Luimnigh) agus Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir (An Clár). | Tionscnaimh éagsúla in 2019 chun bealaí a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí BOaO chun tabhairt faoin oideachas tríú leibhéal, agus bheith ag obair i dtreo tírdhreach oideachais threasaigh a fhorbairt lena n-áirítear:<br>- Meabhrán tuisceana foirmiúil idir Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo agus an BOO, a síníodh i mí an Mheithimh 2019.<br>- Bhunaigh Coláiste Breisoideachais Inse agus Campas Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh in Inis comhaontas forchéimnithe in 2019 faoinar cuireadh ar a gcumas do chéimithe ECFE ag a bhfuil dámhachtain iomlán QQI ar Leibhéal 5 dul díreach chuig aon chlár céime i gCampas LIT in Inis.<br>- Bealaí nua d'fhoghlaimeoirí BOaO chun dul chuig Coláiste Mhuire gan Smál. Sheol Coláiste Mhuire gan Smál a chéad bhealach QQI isteach san Oideachas Múinteoirí Iar-Bhunscoile sa Choláiste sin, i gCampas Phádraig, Durlas, agus is féidir le hiarratasóirí QQI incháilithe iarratas a chur isteach chuig an Lár-Oifig Iontrála anois ar MI009 (BA san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Chuntasaíocht) agus MI010 (BA san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Staidéar ar Reiligiún). |
| | In 2019, beidh Rannán BOaO an BOO ina chathaoirleach ar fhoghrúpa um Ríomhchuimsiú SMART Luimnigh chun an ríomhchuimsiú a threorú agus a chinntiú go ndéanfar na bearta a bhaineann leis an ríomhchuimsiú sa Treochlár SMART Limerick um an Chéad Chathair Dhigiteach in Éirinn a fhorbairt. | Tá an Rannán BOaO, trína Oifigeach FCT, ina cathaoirleach ar an Meitheal Oibre um Ríomhchuimsiú a bunaíodh faoin tionscnamh sin. Coimisiúnaíodh Institiúid Tavistock in 2019 chun taighde a dhéanamh ina bhféachfar ar chineál agus méid an eisiaimh dhigitigh sa réigiún d'fhonn freagairt bunaithe ar fhianaise a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an eisiamh digiteach. |
| 4.3 Naisc a neartú le lucht fiontair chun deiseanna a uasmhéadú dár mic léinn agus d'fhoghlaimeoirí agus cur le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an réigiúin. | 2019: Obair a dhéanamh i gcomhar le Fóram Post an Lár-Iarthair chun an chomhpháirtíocht a fheabhsú idir scoileanna agus na hearnálacha gnó agus tionscail agus an pobal taighde. | I mí Meán Fómhair 2019, bunaíodh fóram nua do Threoirchomhairleoirí a bhíonn ag obair i scoileanna an BOO agus sna pobalscoileanna a bhfuil an BOO ina chomhphátrún orthu. Tháinig an grúpa sin le chéile ag tionscail éagsúla atá lonnaithe i Luimneach nó sa Chlár chun naisc níos mó a fhorbairt leis na tionscail sa réigiún agus leas a bhaint as na naisc sin. Tá Rannán Scoileanna an BOO an-bhuíoch do Thascfhórsa Post an Lár-Iarthair as a chuid iarrachtaí i ndáil le bheith ag obair lena scoileanna chun feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht idir scoileanna agus lucht gnó, lucht tionscail agus an pobal taighde. |
| | In 2019, leanfaidh Rannán BOaO an BOO ag forbairt na Seirbhíse Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar de réir chuspóirí 2019 a shonraítear i gCreat Rannpháirtíochta Fiontar BOaO an BOO. | Is cur chuige nuálach ar leith é an cur chuige earnála maidir le scileanna a fhorbairt trí chnuasaigh scileanna (i.e. Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht, Luimneach ar mhaithe leis an Scannánaíocht, Luimneach ar mhaithe leis an bhFáilteachas, Comhaontas STEM, etc.), lena n-éascaítear do chomhroinnt faisnéise sna réigiúin faoin |

| | | |
|---|---|---|
| | - Pleananna gníomhaíochta bliantúla a fhorbairt chun an Creat Rannpháirtíochta Fiontar a chur i bhfeidhm i bhfianaise an bheartais náisiúnta nua ar fhorbairt an fhórsa saothair agus an choinbhinsiúin nua ainmniúcháin maidir le BOaO a sholáthar sa réimse sin, is é sin, Forbairt Scileanna Infhostaitheachta<br>- Bunachar Sonraí Rannpháirtíochta Fiontair a fhorbairt chun monatóireacht agus rianú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht le hearnáil na tionsclaíochta ar fud an Rannáin BOaO, agus an bhainistíocht tionscadail ghaolmhar<br>- Cur Chuige bunaithe ar Chnuasaigh a ghlacadh maidir le Tionscadail Phíolótacha Nuálacha le Fostóirí. I Luimneach agus sa Chlár, tá cnuasaigh tionscal i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas: Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht; Luimneach ar mhaithe le TFC; Luimneach ar mhaithe leis an bhFáilteachas; Luimneach ar mhaithe leis an Scannánaíocht; Comhaontas STEM; Cnuasaigh Mhiondíola; Cnuasaigh Cúraim Sláinte<br>- Foireann Uirlisí Rannpháirtíochta Fostóirí BOaO lena rianófar an próiseas chun dul i mbun rannpháirtíochta leis an lucht tionsclaíochta le forbairt agus le cur i bhfeidhm faoi Mheitheamh 2019<br>- FGL do bhaill foirne a bhfuil sainchúram orthu maidir le Rannpháirtíocht Fiontair<br>- Faoina thionscnamh oiliúna 'Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh' don earnáil fáilteachais, soláthróidh an BOO tacaíocht bhreise d'fhiontair agus don fhostaíocht. Tá an tionscnamh dírithe ar Bhealach 2, Creat an Bheartais Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh (2018-2021) um fhorbairt scileanna do dhaoine atá fostaithe. | margadh saothair, agus trínar féidir riachtanais na dtionscal a mheaitseáil le soláthraithe oideachais. Áirítear leis na samplaí ó 2019:<br>- Bhí an t-imeacht 'Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht' ar siúl i Márta 2019 i Halla Imeachta Aerfort na Sionainne.<br>- Luimneach ar mhaithe leis an Scannánaíocht: Múineadh an chéad chúrsa oiliúna riamh in Éirinn maidir le prapaí in Aibreán 2019, i gcomhar le Coláiste Breisoideachais Luimnigh, in éineacht le Screen Skills Ireland agus Troy Studios, a bhuíochas le Screen Guilds of Ireland.<br>- Chuir an fheidhm SDOG san Ionad BOaO, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Cúrsa Oibríochtaí Ionaid Teagmhála dhá sheachtain déag ar fáil agus fuair naonúr as measc na bhfoghlaimeoirí post lánaimseartha leis an gcuideachta áitiúil Arise.<br>- Cuireann an tIonad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais cláir QQI agus cláir chreidiúnaithe eile ar fáil d'fhoghlaimeoirí, ar cláir iad atá dírithe ar phoist éagsúla sa tionscal óstáin agus lónadóireachta. In 2019, fuair 75% de chéimithe na gclár sin post.<br>- I mí Dheireadh Fómhair 2019, mar chuid de Sheachtain Gairmscileanna na hEorpa, d'fhreastail níos mó ná 2000 duine ar Shárthaispeántas Gairmeacha Printíseachta agus Oiliúna an Lár-Iarthair in Óstán an Great National South Court.<br>- In 2019, d'fhógair an BOO 'Bealaí chun Printíseachta' – tionscnamh nua faoina gcuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil ar féidir le rannpháirtithe tabhairt fúthu roimh phrintíseacht.<br>- Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh: Glacadh cur chuige earnála chun freastal ar an nganntanas scileanna a sainaithníodh san fheasachán scileanna náisiúnta. Múineadh cúrsaí i réimsí mar: Anailís Sonraí agus Scileanna Gnó, Bainistíocht na Maoirseachta, Teicneolaíocht Faisnéise, Scileanna Scarbhileog MS Excel, Táthú Mig & Tig, Lean Six Sigma, Trádstóráil Creasa Ghlais, Rialú Fardail agus Párolla, Cuntais Láimhe agus Cuntais Ríomhairithe. |
| | Leanfaidh Rannán BOaO an BOO de bheith ina ball gníomhach d'Fhóram Scileanna Réigiúnacha an Lár-Iarthair in 2019 lena chinntiú go leanfaidh an eagraíocht ag freagairt do na riachtanais a sainaithníodh sa réigiún maidir le scileanna agus oiliúint. | Bhí an BOO ina chathaoirleach ar an bhFóram in 2019 agus, i mí Feabhra 2019, seoladh Plean Fiontair Réigiúnach an Lár-Iarthair go dtí 2020. Leagtar béim sa phlean sin ar roinnt de na cuspóirí straitéiseacha agus na príomhbhearta a bhfuil baint ag an BOO leo. I measc na bhfreagrachtaí a sainaithníodh chun fás fiontar a bhrú chun cinn bhí ionchuir eagrúcháin chun cabhrú le forbairt eacnamaíoch agus cruthú post i dtionscal na scannán, 'Ríomh-Mhoil Chliste' réigiúnacha a fhorbairt, cabhrú le fiontair áitiúla a gcuid riachtanais a aithint i dtaobh scileanna, triail a bhaint as tionscnaimh fiontraíochta atá dírithe ar cheantair ard-dífhostaíochta, leathnú a dhéanamh ar Chomhaontas STEM an Lár-Iarthair agus crios fiontraíochta mara a fhorbairt. |

| | | |
|---|---|---|
| 4.4 Comhpháirtíochtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt chun dea-chleachtas a roinnt agus ár bpróifíl a fheabhsú mar cheann de phríomhsholáthraithe oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin. | Le linn 2019, rachaidh an BOO i gcomhairle le Fóraim agus Grúpaí Oibre náisiúnta faoi stiúir BOOÉ lena n-áirítear<br><br>Fóram na bPríomhfheidhmeannach<br>- An Fóram BOaO<br>- Fóram na Scoileanna<br>- An Fóram TFE<br>- An Líonra Acmhainní Daonna<br>- An Líonra Airgeadais<br>- An Líonra Caipitil agus Soláthair<br>- An Líonra Seirbhísí Corparáideacha<br>- An Líonra TFC | Ghlac baill foirne Caipitil agus Soláthair páirt san Fhóram Soláthair agus i bhfóram nuabhunaithe eile, Fóram na nOifigeach Foirgníochta, le linn 2019.<br><br>Rinne Oifigeach Caipitil agus Soláthair an BOO ionadaíocht thar ceann BOOÉ ar an gComhairle Catagóire Bainistíochta Saoráidí de chuid OSR in 2019. |
| | Le linn 2019, rachaidh an BOO i gcomhairle le Fóraim agus Grúpaí Oibre áitiúla agus náisiúnta lena n-áirítear<br>- Fóram na bPríomhoidí<br>- An Fóram CE<br>- Meithleacha Oibre ar LLT<br>- Teagasc Oideachais Speisialta<br>- Pobail Chleachtais i measc Ceannairí Curaclaim, Comhordaitheoirí Foirne Digiteacha, RSO agus Tacaíochta do Scoláirí. | D'fhorbair Rannán Scoileanna an BOO comhpháirtíochtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an dea-chleachtas a chomhroinnt agus próifíl an údaráis mar phríomhsholáthraí oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin a fheabhsú trí chur leis an méid tuairiscí agus alt sna meáin áitiúla agus náisiúnta, trí láithreacht níos mó ar líne ar chuntais na meán shóisialta agus trí dhul i gcomhairle le comhlachtaí náisiúnta agus eagraíochtaí áitiúla amhail Músaem Hunt, Liveable Limerick, European Expo, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Tusla, Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, NAPD, GFT agus BOOÉ. |
| | Beidh Rannán BOaO an BOO ag obair chun tacú le forbairt scileanna dóibh siúd atá fostaithe tríd an gCreat Beartais BOaO ar Fhorbairt Fostaithe le linn 2019. | Seoladh Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil in 2019. Is plean trí bliana é lena dtreorófar obair BOaO sa réimse sin agus tá ceithre réimse tosaíochta ann:<br>- Tiomantas Láidir don Fhorbairt Ghairmiúil i gcás na mBall Foirne go léir a bhíonn ag plé le BOaO<br>- Forbairt Ghairmiúil don Teagasc agus don Fhoghlaim<br>- Struchtúir agus Córais i leith Forbairt Ghairmiúil<br>- Beartais agus Nósanna Imeachta Trédhearcacha, Comhsheasmhacha um Fhorbairt Ghairmiúil |

| | | |
|---|---|---|
| | In 2019, cuirfidh Rannán BOaO an BOO Plean Forbartha Tionscadail Eorpaigh nua le chéile i leith na cúig bliana amach romhainn, ina leagfar béim ar a rannpháirtíocht i gcláir agus i malartuithe arna maoiniú ag an Aontas Eorpach, tionscadail Erasmus+ ina measc. | Tá an tlonad BOaO, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg (an fheidhm SDOG) ina chomhpháirtí sa Tionscadal ERASMUS+ RISE (2018-2020), Comhtháthú a Bhaint Amach trí Fhiontar Sóisialta. Tá an Ostair, an Bheilg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Rómáin, an Phortaingéil agus Éire páirteach sa tionscadal sin. In 2019, thug ionadaithe ón BOO cuairt ar an Rómáin, ar an tSualainn, ar an nGearmáin agus ar an mBeilg. Tionóladh dhá chruinniú idirnáisiúnta ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg (RISE agus DEMOS) in 2019. |
| | Tabharfaidh Rannán BOaO an BOO tús áite do chomhaontú a dhéanamh maidir le straitéisí chun foghlaimeoirí a atreorú agus a chlárú ar leibhéal BOaO le linn 2019 chun dul chun cinn iomchuí na bhfoghlaimeoirí a chinntiú agus feabhas a chur ar an rannpháirtíocht sna cúrsaí agus an líon daoine a thugann chun críche iad. | Chothaigh Coláiste Breisoideachais Inse naisc le Scoil na nEolaíochtaí Sláinte in Ollscoil Southampton. Chuaigh roinnt foghlaimeoirí ó Rang 2019 ar aghaidh chuig Cúrsaí Altranais san ollscoil sin. |
| | I mí an Mhárta 2019, óstálfaidh Rannán BOaO an BOO comhdháil idirnáisiúnta dhá lá ar Fhoghlaim Teaghlaigh. Tá sé ina aidhm ag an gcomhdháil léargas a thabhairt ar shamhlacha dea-chleachtais in obair um Fhoghlaim Teaghlaigh in Éirinn agus san Eoraip agus aird a dhíriú ar ról na Foghlama Teaghlaigh maidir le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil. | D'óstáil Rannán BOaO an BOO Comhdháil Idirnáisiúnta um Fhoghlaim Teaghlaigh dar teideal 'Valuing Parents – Linking Policy and Practice' ar an 28 agus 29 Márta 2019. Tháinig saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile ag an gcomhdháil chun breathnú ar Fhoghlaim Teaghlaigh mar ghné luachmhar i soláthar Breisoideachais agus scrúdaíodh bealaí chun dul i mbun rannpháirtíocht le teaghlaigh áitiúla agus teaghlaigh imirceacha chun torthaí oideachais leanaí agus tuismitheoirí a fheabhsú. |
| 4.5 Naisc a neartú le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile a bhíonn ag plé le soláthar seirbhísí poiblí ar fud an réigiúin agus folláine mac léinn, foghlaimeoirí agus baill foirne a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt di. | Le linn 2019, tacóidh an BOO go gníomhach le tionscnaimh folláine lena chinntiú go mbeidh teacht aniar ó thaobh na meabhairshláinte agus ó thaobh folláine phearsanta ina gcuid dhílis den BOO don fhoireann agus do mhic léinn/fhoghlaimeoirí, agus déanfaidh sé forbairt ar na tionscnaimh sin. | Le linn 2019 tugadh faoi roinnt tionscnamh folláine ar fud stiúrthóireachtaí uile an BOO agus tá tuilleadh fós beartaithe in 2020.<br><br>D'éascaigh an Rannóg Caipitil agus Soláthair socrúchán oibre do mhac léinn trí EmployAbility Clare in 2019.<br><br>Lean Rannán Scoileanna an BOO ar aghaidh lena chuid iarrachtaí naisc a fhorbairt le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag an réigiún tráth a bhfuil cúinsí eacnamaíocha agus sóisialta ag athrú go tréan le linn 2019.<br>Tá an méid sin á bhaint amach trí chur chuige nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le comhairliúchán, cur chun feidhme agus meastóireacht.<br>Chothaigh an Rannán Scoileanna naisc láidre le hinstitiúidí tríú leibhéal áitiúla agus náisiúnta chun scoileanna a threorú ar mhaithe le torthaí níos fearr a bhaint amach do scoláirí agus d'fhoghlaimeoirí. |
| | In 2019, leanfaidh an BOO den ionadaíocht ar fhóraim áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun dul chun cinn straitéiseach BOaO a chur chun cinn maidir le hionchuimsiú sóisialta agus forbairt eacnamaíoch lena n-áirítear prótacail le RGFCS agus ballraíocht sna Coistí Forbartha Pobail Áitiúla le hÚdaráis Áitiúla an Chláir agus Luimnigh. | Tá ionadaíocht ag Rannán BOaO an Fhorais ar chomhpháirtíochtaí agus líonraí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Is é Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna an BOO an t-ionadaí ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil an Chláir (sé chruinniú in 2019), Innovate Limerick (trí chruinniú in 2019), Comhpháirtíocht PAUL (ocht gcruinniú in 2019) agus bhuail grúpa idirghníomhaireachta an BOO/RGFCS le chéile ceithre huaire in 2019. |

# Aguisín 2
# Soláthar agus Seirbhísí

## Scoileanna

### Scoileanna Náisiúnta Pobail

SNP Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir
SNP Choill na Ráithíní, Tuaim Gréine, Co. an Chláir

### Coláistí Pobail

Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh
Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh
Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir
Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. An Chláir
Gaelcholáiste Luimnigh, Sir Harry's Mall, Limerick
Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Disirt, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Chill Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis, Luimneach

### Scoileanna Pobail[1]

Pobalscoil Eoin Baiste, An tOspidéal, Co. Luimnigh
Pobalscoil Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir
Scoil Phobail Naomh Caimín, Sionainn, Co. an Chláir
Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn, Co. an Chláir

## Coláiste Breisoideachais

Coláiste Breisoideachais Luimnigh (Suíomh for-rochtana i gColáiste na Ceapaí Móire)

## Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhoirne, Béal an Chloga, Co. an Chláir
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Chill Fhíonáin, Cill Fhíonáin, Co. Luimnigh

## An Feidhmeannas um Obair Óige

Seirbhísí do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh: Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Luimneach
Seirbhísí do Chontae an Chláir: Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Bóthar an Stáisiúin, Inis

## Soláthar Oideachais Ceoil

Scoil Cheoil Luimnigh, Sráid Mulgrave, Luimneach
Music Generation Chathair Luimnigh, Foirgneamh Athenaeum, Sráid Cecil, Luimneach
Music Generation an Chláir, Ionad BOaO, Campas Chluain Ráda, Páirc Ghnó Chluain Ráda, Inis

[1] Faoi chomhphátrúnacht an údaráis

**Soláthar Seirbhísí Oiliúna**

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Campas an Ráithín, Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas na Shionainne, Eastát Tionsclaíochta na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir
Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais, Páirc LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach

**Soláthar Lánaimseartha**

**IAT – Iar-Ardteistiméireacht**

Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir
Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. An Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - An tIonad Glas (Coláiste Orgánach), Drom Collachair, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh

**SDOG - Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais**

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - An tIonad Glas (Coláiste Orgánach), Drom Collachair, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna- Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chill Rois, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas na Scairbhe, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Sheanghualann, Co. Luimnigh

**Soláthar Oideachais agus Oiliúna don Óige**

**Ógtheagmháil**

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna- Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chill Rois, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas an Ospidéil, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Shráid na Cathrach, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Sheanghualann, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Thuaim Gréine, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chrois Theach na Foraire, Cathair Luimnigh

Ionad Oiliúna Pobail, Seirbhís Óige Luimnigh, Luimneach
Ionad Oiliúna Pobail, Seirbhís Óige an Chláir, Inis

**Soláthar Páirtaimseartha**

**Litearthacht, an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO), Oideachas Pobail, Scileanna don Obair**

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Mhainistir na Féile, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna- Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chill Rois, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas an Chaisleáin Nua, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas na Scairbhe, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Lár Bhaile na Sionainne, Brú na Sionna, Co. an Chláir

**Comhoibriú le hInstitiúidí Eile**

Scoil Chaitríona Nic Amhlaidh
Céim ar Chéim
Ionad Tacaíochta Inimirceach an Chláir
Acadamh Óige Mhaigh Rois
Cura (Tacaíocht do Thuismitheoirí agus do Dhéagóirí, Ionad Seirbhísí Sóisialta Luimnigh)
Mol Foghlama Luimnigh
An tIonad do Dhaoine Dífhostaithe
Aonad Oideachais Phríosún Luimnigh
Scoil Cheoil Luimnigh
Seirbhís don Óige Luimnigh
Scoil Speisialta Naomh Anna
Scoil Speisialta Naomh Cainnigh (Cnoc Naomh Uinseann)

**Seirbhísí Sóisialta**

Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann
An Cumann Scléaróise Iolraí
Ionad Pobail na mBodhar
Le Chéile, Cumann Meabhairshláinte Luimnigh
Cúram Rehab
An Cumann Alzheimer
5B Ospidéal Ollscoile Luimnigh
Bráithre na Carthanachta, Luimneach
Bráithre na Carthanachta, an Clár
Ionad Lae Inis Cara
Meabhairshláinte an Chláir (Ospidéal Lae Inse)
Seanoira Naomh Camillus

**Óige an Phobail faoi Mhíbhuntáiste**

Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Baile Uí Neachtain
Tionscadal Forbartha Pobail Gharraí Eoin
Comhpháirtíocht Spóirt Chathair Luimnigh
Ionad Óige Mhuire Lourdes
Ionad Cheantar an Chnoic Theas
Tionscnamh Óige an Deiscirt
Scoil 3 a Chlog Chill Liaile
Seirbhís Óige an Chláir
Naomh Agaistín

**An tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach (STFET)**

STFET Chathair agus Chontae Luimnigh, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
STFET Chontae an Chláir, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir

**Seirbhísí Tacaíochta Forbartha Breisoideachais agus Oiliúna**

Seirbhís Tacaíochta Taighde agus Forbartha, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Lena n-áirítear:

- Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
- Forbairt Ghairmiúil
- Dearbhú Cáilíochta (Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir)

Seirbhís Tacaíochta Taighde agus Forbartha, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Seirbhís Tacaíochta Ionchuimsithe Ghníomhaigh, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

# Aguisín 3
# Gluais

| | |
|---|---|
| TTOA | An Tionscnamh um Threoir san Oideachas Aosach |
| CTIC | An Ciste Tearmainn, Imirce agus Comhtháthaithe |
| TFO | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| MRB | Measúnú Rangbhunaithe |
| CP | Coláiste Pobail |
| CCTE | An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha |
| CBO | Coláiste Breisoideachais |
| LGGS | Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| RLGÓ | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| RGFCS | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| TA | Teagmhálaí Ainmnithe |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| ITLM | Iarraidh agus Tuairisciú ar Leithdháileadh Maoinithe |
| BOaO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| GFGS | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána |
| S7S | Sláinte agus Sábháilteacht |
| MT | Measúnú Tosaigh |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| FET | Faisnéis, Earcaíocht agus Treoir |
| CCBS | Creat Cáilíochta 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne' |
| CFPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| CFÁ | Cuideachta Forbartha Áitiúil |
| PEPÁ | Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil |
| PSIB | Plean Soláthair Ilbhliantúil |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| FSRLI | Fóram Scileanna Réigiúnach an Lár-Iarthair |
| NALA | An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| FNF | Foirgneamh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh de |
| IBOaOA | Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Allamuigh |
| OSR | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| TFE | An Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| FG | Forbairt Ghairmiúil |
| CSF | Comhaontú Soláthair Feidhmíochta |
| PDST | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |

| | |
|---|---|
| IAT | Iar-Ardteistiméireacht |
| CTFC | Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| CLS | Comhaontú Leibhéil Seirbhíse |
| CFS | Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí |
| SOLAS | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna |
| FMS | Féinmheastóireacht Scoile |
| STEAM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic |
| STEM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| FCT | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| TBCTE | Teagasc Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| ARO | Anailís ar Riachtanais Oiliúna |
| DUF | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| TFF | Timpeallacht Fhíorúil Foghlama |
| CGO | Coiste Gairmoideachais |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| MSU | Meastóireacht Scoile Uile |